



# tuarascáil bhliantúil 07/08

institiúid teicneolaíochta chorcaí







*Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí*

*tuarascáil bhliantúil* **07/08**

Is fada agus is oiric stair an Choláiste. Ba ann don Royal Cork Institiútion, ar féidir féachaint uirthi mar réamhtheachtaire ag Coláiste na hOllscoile, Chorcaí agus ag Coláiste Teicniúil Réigiúnach Chorcaí araon, chomh luath leis an mbliain 1802 agus bronnadh a Cairt Ríoga uirthi sa bhliain 1807. Thuill sí cáil ar leith i ngeall ar a hoideachas i gcúrsaí ceimice. Rinneadh í a chónascadh leis an Royal Society for the Promotion of Fine Art sa bhliain 1825 agus fuair an Royal Cork Institution fairsingthe nua seilbh ar Theach an Chustaim in 1832.

Cuireadh an School of Design ar bun i gCorcaigh in 1850 agus forbraíodh í mar an Crawford Municipal School of Art, a tháinig ar an saol go foirmiúil ag Plás Emmet in 1885. Bhog an Scoil go dtí an Crawford Municipal Technical Institution mar a bhí i Sráid Sharman Crawford in 1980 agus athainmníodh í mar Coláiste Ealaíne agus Deartha Crawford in 1986.

Bunaíodh an Technical Institute Committee de chuid Bhardas Chorcaí in 1901 agus d'fhorbair sé sin an t-oideachas teicniúil i gCorcaigh tuilleadh. Sa bhliain 1909 beartaíodh Coláiste Teicniúil a chur ar bun. Osclaíodh an institiúid sin in 1912 agus The Crawford Municipal Technical Institute mar ainm uirthi de bhrí gurbh é an tUasal A F Sharman Crawford a thug an suíomh i Sráid Fitton mar a thugtaí uirthi an uair úd. Cé go dtéann a bunús siar go dtí an Royal Cork Institution, ba é an gar-réamhtheachtaire a bhí aici ná an School of Science a bunaíodh in 1854, agus a tháinig faoi cheannas an Choiste um Theagasc Teicniúil de chuid an Bhardais in 1901.

Bhí teagasc le fáil ón Crawford Municipal Technical Institute nua i raon leathan ábhar teicniúil. Ar feadh tréimhse sna 1920dí bhí sí rannpháirteach i gcéim sin innealtóireacht i gcomhar le Coláiste na hOllscoile, Corcaigh. Tháinig méadú ar raon a cuid cúrsaí i gcaitheamh na mblianta. Cuireadh dioplóma de chuid Ollscoil Náisiúnta na hÉireann ar bun i dTeicneolaíocht Cheimiceáin, i gcomhar agus le bainteacht Choláiste na hOllscoile, Corcaigh sa bhliain 1941. Bunaíodh cúrsa in Innealtóireacht Mhara in 1944. Sa bhliain 1955, tugadh isteach an chéad Teastas dhá bhliain in Eolaíocht Thionsclaíochta. Sna 1960dí tháinig cúrsaí éagsúla in Innealtóireacht Shibhialta, in Innealtóireacht Leictreonaice agus Meicniúla ar an saol.

Sa bhliain 1963 aistríodh na cúrsaí i bhfoirgníocht ón Institiúid a bhí plódaithe go dtí an Scoil Fhoirgníochta nua ag Sráid an Mhuilinn Sábhadóireachta. Ina dhiaidh sin aistríodh Rannóg Ceirdeanna Leictreacha an Choláiste go dtí Sráid Phóil, Corcaigh. Bhí ranganna eile innealtóireachta ar siúl sa Deanery, Sráid an Déin.

Tháinig an Coláiste Teicniúil Réigiúnach nua ar an saol i mí Dheireadh Fómhair 1974. Rinne sé an Crawford Municipal Institute, an síneadh ar an Scoil Fhoirgníochta agus Innealtóireachta Leictreolaíochta a bhí lonnaithe roimhe sin i Sráid Phóil a chuimsiú. Aistríodh roinnt cúrsaí gnó agus foirne go dtí an Coláiste nua ó Scoil Ghnó CGO Chathair Chorcaí ag Oileán Morrison. D'oscail Taoiseach na huaire, Seán Ó Loinsigh, T.D. an foirgneamh go hoifigiúil i mí Eanáir, 1977.

Rinneadh aonán féinrialaithe den Choláiste ar 1 Eanáir 1993, tar éis dó bheith ina institiúid oideachais roimhe sin faoi smacht Choiste Gairmoideachais Chathair Chorcaí. Rinne Acht na gColáistí Teicniúla Réigiúnacha, 1992, soláthar freisin do dhá fhoras oideachais eile a bhí á rialú ag CGO agus a bhí le bunú mar scoileanna de chuid an Choláiste Teicniúil Réigiúnaigh, mar atá, Ceolscoil Chorcaí agus Coláiste Ealaíne agus Deartha Crawford.

Le linn na tréimhse 1993 go dtí 2003 tháinig méadú mór ar líon na gcúrsaí agus ar líon na mac léinn ag gach leibhéal san Institiúid. Ba é ba chúis leis ná méadú ar an éileamh ar chéimithe oilte chun fostaíocht a ghlacadh i ngeilleagar ardteicneolaíochta a bhí á fhorbairt go tréan. Rinneadh athchóiriú mór ar cheardlanna agus saotharlanna i gcaitheamh na tréimhse sin, a raibh mar thoradh air caighdeán oideachais a bhí feabhsaithe go mór do mhic léinn na hInstitiúide.

Ar 18 Nollaig 1997 athainmníodh an Coláiste mar "Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí" ag an Uasal Micheál Martin, T.D., Aire Oideachais agus Eolaíochta.

I nDeireadh Fómhair 2004, ghlac Coláiste Náisiúnta Mara na hÉireann

(NMCI) i Rinn an Scidigh, Co. Chorcaí lena chéad chohórt neach léinn. Aistríodh an Roinn Staidéar Mara a bhí suite i gCampas Bhaile an Easpais de chuid Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí go dtí an tsaoráid i Rinn an Scidigh. Is comhcholáiste de chuid Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí é an NMCI atá i gcomhpháirtíocht le Seirbhís Chabhlaigh na hÉireann agus Focus Education Ltd. Déanann an Coláiste freastal ar riachtanais oideachais agus oiliúna an chabhlaigh thrádála agus ar riachtanais neamh-mhíleata na Seirbhíse Cabhlaigh agus cuireann sé raon leathan seirbhísí oiliúna ar fáil don tionscal muirí. Is comhpháirtí príobháideach é Focus Education Ltd. atá freagrach as bainistiú saoráidí ag an gColáiste.

Rinne HETAC lánúdarás dámhachtana a tharmligean don Institiúid dá cuid Clár Múinte uile go dtí Leibhéal 9 (Máistir Múinte) agus an leibhéal sin san áireamh de chuid Údarás Náisiúnta na gCáilíochtaí i mí an Mheithimh 2005.

Rinne HETAC lánúdarás dámhachtana a tharmligean dámhachtainí a dhéanamh ag Leibhéal 9 (Máistir Taighde) i ndisciplíní éagsúla Innealtóireachta agus Eolaíochta i Meitheamh 2005.

Ar 19 Meán Fómhair 2005 rinne Comhairle na nDámhachtainí Ardoideachais agus Oiliúna údarás dámhachtana a tharmligean d'Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí a cuid céimeanna PhD féin a bhronnadh agus ar an dóigh sin rinneadh údarás dámhachtana Leibhéal 8, 9 agus 10 a chomhlánú. Rinneadh an tarmligean le comhaontú Údarás Náisiúnta Cáilíochtaí na hÉireann (NQAI) agus cuireadh i bhfeidhm é ar na réimsí léinn áit a bhfuil an Institiúid creidiúnaithe chun clár taighde a choinneáil. Anois tá cumhachtaí dámhachtana céimeanna ag an Institiúid atá inchomparáide le hollscoileanna in Éirinn. Cabhróidh an t-údarás dámhachtana seo a bhronnadh suas go dtí leibhéal PhD le forbairt leanúnach an taighde cheannródaíoch san Eolaíocht agus san Innealtóireacht in CIT.

Cuireadh críoch le agus áitíodh sraith d'fhoirgnimh d'ardchaighdeán a bhuaigh duais, mar atá, an tIonad Mac Léinn, an Foirgneamh Riaracháin, an Foirgneamh Turasóireachta agus Fáilteachais agus iad mórthimpeall ar chlós le linn na tréimhse 2005 – 2007. Chuir siad go mór le híomha agus le saoráidí Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí.

Shínigh an tAire Oideachais agus Eolaíochta Ordú chun an tAcht um Institiúidí Teicneolaíochta 2006 a thosú le feidhm ó 1 Feabhra 2007. Tugann an reachtaíocht nua ceithre Institiúid Teicneolaíochta déag na tíre, ar an n-áirítear an institiúid tríú leibhéal is mó sa Stát, Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath, faoi shainchúram an Údarás um Ard-Oideachas (ÚAO) den chéad uair. Go dtí seo, ní raibh an tÚAO freagrach ach as cistiú i leith na seacht n-ollscoil agus i leith roinnt institiúidí ainmnithe níos lú.

Is cloch mhíle stairiúil é tosach feidhme na reachtaíochta seo don chóras ardoideachais in Éirinn. Is mórchéim eile é i bhforbairt na nInstitiúidí Teicneolaíochta mar sholáthraithe an-tábhachtacha deiseanna ardléinn ón bhfochéim díreach ar aghaidh go dtí leibhéal an dochtúra.

Bunaíodh Ceolscoil Chorcaí in 1878 sa Pharaid Mhór, Corcaigh agus is í an Ceolscoil is sine í sna hoileáin seo. Tar éis an dara Cogadh Domhanda bhí sí suite go sealadach i gCé Sheirse agus ansin bhog sí go dtí áit nua i gCé na hAontachta in 1956 go dtí go mba léir thart ar an mbliain 2000 go raibh foirgneamh nua agus níos fearr de dhíth ón Scoil. Thug Tuarascáil Hardiman deis athbheithniú a dhéanamh ar an oideachas ceoil in Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí. Tar éis an-chuid tacaíochta a fháil ó institiúidí agus saoránaigh Chorcaí agus ón Roinn Oideachais agus Eolaíochta, tógadh foirgneamh nua álainn le saoráidí d'ardchaighdeán faoi Chomhpháirtíocht Phoiblí Príobháideach. Thug an Comhpháirtíocht Phoiblí Príobháideach, Hochtief, saoráid nua Ceolscoil Chorcaí ar lámh go hoifigiúil d'Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí i mí Iúil 2007.

Cheannaigh an Institiúid achar mór talún breise sna 1990dí. Chuidigh sé sin le saoráidí spóirt a fhorbairt, ar a n-áirítear ocht bpáirc imeartha, raon reatha athchóirithe agus halla gleacaíochta. Ar 26 Bealtaine 2008 d'oscail an tAire Oideachais agus Eolaíochta, Batt O'Keefe Uasal, Staidiam Spóirt nua.

## MISEAN AGUS LUACHANNA INSTITIÚID TEICNEOLAÍOCHTA CHORCAÍ

Tá gníomhaíochtaí uile Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí á rialú ag a ráiteas misin. Cuimsíonn agus léiríonn an ráiteas misin croíluachanna na hInstitiúide.

### RÁITEAS MISIN

**Oideachas mac léinn-láraithe a chur ar fáil a bheidh dírithe ar ghairmeacha ar mhaithe le forbairt phearsanta, intleachtúil agus ghairmiúil an mhic léinn agus chun leasa don tsochaí go hiomlán.**

### CROÍLUACHANNA

Is Institiúid teagaisc, foghlama agus taighde d'ardchaighdeán agus d'fhoirfeacht í CIT a chuireann rochtain chuimsitheach ar oideachas ar fáil do mhic léinn a bhfuil éagsúlacht inniúlachtaí, riachtanais agus taithí acu thar raon leathan disciplíní agus leibhéal dámhachtana.

Tá CIT tiomanta dá ról sa tsochaí agus mar sin cinnteoidh sí go ndéanfaidh an Institiúid, a cuid foirne, mac léinn agus céimithe cion bríoch don saol acadúil, eacnamaíoch, tionsclaíoch, sóisialta agus cultúrtha go réigiúnda, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta.

Déanfaidh CIT buanna mhic léinn na hInstitiúide a fhorbairt agus a chothú i dtimpeallacht thacúil. Cuirfidh an Institiúid oideachas ar fáil dá cuid mac léinn a thagann lena n-ionchas agus a dhéanann freastal ar a riachtanais ina ngairmeacha agus mar bhaill den tsochaí.

Leanfaidh CIT de bheith ag forbairt trí chultúr rialachais, bainistíochta agus eagraíochta na comhpháirtíochta, na comhchomhairle agus an chomhoibrithe.

### FÍS STRAITÉISEACH

**Beidh CIT ina soláthraí den chéad scoth d'oideachas gairm-dhírthe a chuireann fáilte roimh an éagsúlacht agus an nuálaíocht.**

Cuireann an fhís straitéiseach fis na hInstitiúide don rath in iúl. Beidh cur i ngníomh na físe sin le feiceáil i ndea-bhail eacnamaíoch, chultúrtha agus shóisialta a réigiúin agus a pobal. Beidh Institiúid dá sórt forásach, solúbtha agus nuálaíoch freisin ina pleanáil agus ina mothálacht do riachtanais an mhic léinn, agus í ag tógáil ar na láidreachtaí atá aici.

*Sliocht bainte as Plean Straitéiseach na hInstitiúide 2005 – 2010.*



# ábhair

## Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí

<b>Réamhrá</b>	<b>Leathanach</b>
1.1. <i>Ráiteas ón gCathaoirleach</i>	10
1.2. <i>Ráiteas ón Uachtarán</i>	11
1.3. <i>Ráiteas maidir le Comhionannas</i>	13
1.4. <i>Gaeilge &amp; Cultúr</i>	14
<b>Rialachas</b>	
2.1 <i>Cairt Eagrúcháin na hInstitiúide</i>	16
2.2 <i>Ballraíocht an Bhord Rialaithe</i>	17
2.3 <i>Cruinnithe an Bhord Rialaithe</i>	18
2.4 <i>Bord Feidhmiúcháin na hInstitiúide (BFI)</i>	19
2.5 <i>Foireann Shinsearach na hInstitiúide</i>	20
<b>Gnóthaí Acadúla &amp; Mac Léinn</b>	
3.1 <i>Ballraíocht na Comhairle Acadúla</i>	24
3.2 <i>Ballraíocht Choiste Fheidhmiúchán na Comhairle Acadúla</i>	26
3.3 <i>Cruinnithe na Comhairle Acadúla</i>	27
3.4 <i>Forbairt Acadúil</i>	28
3.5 <i>Cúrsaí Faofa – Lánaimseartha</i>	29
3.6 <i>Cúrsaí Faofa – Páirtaimseartha</i>	32
3.7 <i>Údaráis Bhailíochtaithe</i>	37
3.8 <i>Scrúdaitheoirí Seachtracha</i>	40
3.9 <i>Staitisticí Mac Léinn</i>	44
3.10 <i>Duaiseanna Mac Léinn</i>	49
<b>Taighde &amp; Forbairt</b>	
4.1 <i>Gníomhaíochtaí Forbartha</i>	56
4.2 <i>Gníomhaíochtaí Taighde</i>	57
4.3 <i>Naisc Fhorbartha Sheachtracha</i>	60
4.4 <i>Forbairt Champais</i>	62
4.5 <i>Bainistiú Sábháilteachta &amp; Saoráidí</i>	63
<b>Acmhainní Daonna</b>	
5.1 <i>Tuarascáil ar Acmhainní Daonna</i>	66
5.2 <i>Líon na Foirne</i>	67
5.3 <i>Éachtaí na Foirne</i>	68
<b>Tuarascáil Airgeadais</b>	
6.1 <i>Tuarascáil Airgeadais</i>	70
6.2 <i>Cuntais Iniúchta</i>	71
<b>Faisnéis Eile</b>	
7.1 <i>Nuacht &amp; Imeachtaí</i>	90
7.2 <i>Cumann na gCéimithe</i>	94
7.3 <i>Pointí Teagmhála</i>	95





# *réamhrá*

*Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí*

- 1.1** *Ráiteas ón gCathaoirleach*
- 1.2** *Ráiteas ón Uachtarán*
- 1.3** *Ráiteas maidir le Comhionannas*
- 1.4** *Gaeilge & Cultúr*

## 1.1 Ráiteas ón gCathaoirleach



Is ábhar ríméid dom Tuarascáil Bhliantúil Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí seo don bhliain 2007/2008 a chur i láthair. Leanann CIT i dtreo a misin oideachas mac léinn-láraithe den scoth a chur i gcrích sa tír ar mhaithe leis an mac léinn agus chun sochair don tsochaí uile.

Chuir oscailt Cheolscoil nua Chorcaí CIT tús maith leis an mbliain. Saoráid ar chaighdeán domhanda í seo a chuirfidh na deiseanna is fearr oideachas ceoil agus drámaíochta ar fáil do Chathair Chorcaí agus do réigiún Chorcaí le haghaidh daoine den uile aois. Is creidiúint é cur i gcrích rathúil an tionscadail don uile dhuine a thacaigh leis i gcaitheamh bhlianta fada na forbartha.

Tugadh Modúlúchán agus Seimeastrú isteach go rathúil do mhic léinn na chéad bhliana agus táthar ag súil le iad a chur i bhfeidhm go hiomlán an bhliain seo chugainn. I dtéarmaí éifeachta agus éifeachtúlachta baineadh lántairbhe as na buntáistí.

Cuireadh athruithe struchtúrtha eagraíochtúla i bhfeidhm a léiríonn breis tarmligean údaráis agus freagrachta nuair a ceapadh Ceanna Buana sna postanna Dáimhe san Eolaíocht, san Innealtóireacht agus i nGnó & Daonnachtaí.

Léiríonn rath leanúnach na mac léinn in iomaíocht sheachtrach ag na leibhéil náisiúnta agus idirnáisiúnta cáilíocht an teagaisc, na foghlama, na nuálaíochta agus an taighde laistigh den Institiúid agus is mór an chreidiúint don fhoireann acadúil í.

Lean CIT de bheith ag chur le forás ina hacmhainneacht agus ina clú taighde agus fuarthas cistiú PRTL de €18.2 milliún, a raibh cuid de le haghaidh saoráidí a chur ar fáil, rud a neartóidh a cumas sa réimse sin.

Sa deireadh, ba mhian liom buíochas a ghlacadh le baill an Bhord Rialaithe, leis an Uachtarán, an Dr Brendan Murphy, leis an mBainistíocht agus leis an bhFoireann ag CIT as a dtiomantas agus a gcuid crua-oibre le linn 2007/2008.

**An Dr Paddy Caffrey**  
Cathaoirleach

## 1.2 Ráiteas ón Uachtarán



Is í seo an ceathrú bliain dom bheith san oifig agus is mar seo a leanas atá mo Ráiteas ón Uachtarán:

### A. Foirgnimh agus Eastáit

D'oscail Mary Hanafin T.D., Aire Oideachais agus Eolaíochta, Ceolscoil CIT Chorcaí go hoifigiúil ar 14 Meán Fómhair 2007. Tharla searmanas ainmniúcháin ar 6 Márta 2008 chun tiomantas saoraidí ag CIT in ómós don chion a rinne ochtar daoine eisceachtúla – a raibh baint le Corcaigh acu – i réimsí na nEalaíon, an Cheoil, na Litríochta agus na Fealsúnachta in Ionad Taispeántais James Barry, Campas Bhaile an Easpaig. Ba iad na daoine ar tugadh urraim dóibh:

- (i) James Barry
- (ii) George Berkeley
- (iii) Rory Gallagher
- (iv) Daniel Maclise
- (v) Séamus Murphy
- (vi) Frank O'Connor
- (vii) Seán Ó Riada
- (viii) Seán Ó Ríordáin

Rinne Batt O'Keefe T.D. a bhí nuacheaptha ina Aire Oideachais agus Eolaíochta Staidiam Spóirt CIT a oscailt go hoifigiúil san Institiúid ar 26 Bealtaine 2008. Rinne Micheál Martin T.D., Aire Gnóthaí Eachtracha, an "Light Ensemble" le Vivienne Roche Uasal a nochtadh, ar ensemble é de dhealbhóireachtaí ag Ceolscoil CIT Chorcaí, ar 30 Meitheamh 2008. Is luathú cruinn agus cúramach iad na dealbhóireachtaí ar áilleacht gheoiméadrach agus lonrach Ceolscoil nua CIT Chorcaí. Is bronntanas don Institiúid é an "Light Ensemble" ó Murray O'Laoire Ailtirí agus Sisk Builders.

### B. Gnóthaí Acadúla

Tharla Duaiseanna Alumni CIT ar 6 Meán Fómhair 2007. Is é príomhaidhm na nduaiseanna ná an fiúntas a bhaineann le hoideachas CIT ar feadh an tsaol a cheiliúradh agus spreagadh a chur ar fáil do dhaoine eile, piaraí agus mic léinn reatha. Bronnadh céimeanna ag Campas Bhaile an Easpaig ar 12 agus 19 Deireadh Fómhair 2007. Fuair líon iomlán de 2,206 réamhchéimí a bpár. Bronnadh comh-dhámhachtain Hochschule Darmstadt, na Comhairle Ard-Oideachais agus Oiliúna agus Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí den chéad uair ar mhic léinn de chuid an Bhaitsiléir Ealaíon (Onóracha) in Ilmhéáin. Bhronn Roinn an Oideachais Leantaigh a céad PhD. Bronnadh comh-dhámhachtain de chuid Choláiste Ollscoile Corcaí, na Comhairle Ard- Oideachais agus Oiliúna agus Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí den chéad uair ar mhic léinn de chuid an Mháistir Eolaíochta in Eolaíocht Bhithleighis. Cuireadh an chéad mhórchéim den Mhodúlúchán agus Seimeastrú i bhfeidhm go rathúil do na cláir chéad bhliana le linn na bliana acadúla 2007/08. Rinneadh an Meabhrán Tuisceana a shíniú idir Ollscoil Pune, an India agus Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí in Aibreán 2008. Tá sé sin ar cheann de na chéad Mheabhráin Tuisceana idir ollscoil san India agus Éire agus éascaíonn sé taighde comhoibritheach i réimsí amhaíl na heolaíochtaí fisiceacha agus bitheolaíochtaí chomh maith le hinnealtóireacht, bith-theicneolaíocht, córais leabaithe agus cógaisíocht.

### C. Gnóthaí Straitéiseacha

Seoladh Féiniúlacht Chorpáirídeach nua na hInstitiúide ar 6 Nollaig 2007. Tharla sraith cruinnithe ag an Institiúid le linn Feabhra agus Márta 2008 chun eolas a thabhairt don fhoireann maidir le Buiséad an ÚAO 2008 agus Straitéis na hInstitiúide agus faoin mbealach chun cinn. Ar 12 Márta 2008 cuireadh iarratas CIT ar ainmniú mar Ollscoil faoi bhráid na Roinne Oideachais agus Eolaíochta de réir Alt 9 d'Acht na nOllscoileanna 1997.

### D. Foireann

Chuaigh Michael Loftus Uas., Ceann Dámh na hEolaíochta, Liam Hodnett Uas., Ceann Dámh na hInnealtóireachta agus Damien Courtney Uas., Ceann na Dáimhe Gnó agus Daonnachtaí i mbun dualgais agus iad buan agus lánaimseartha ina bpoist faoi seach ar 7 Nollaig 2007. Chuaigh Katherine Keane Uas. i mbun dualgais mar Cheann na Roinne Ailtireachta ar 7 Eanáir 2008. Tháinig an tUasal Keane go dtí an Institiúid ó Ollscoil Washington State. Bhí ócáid scoir ar siúl ar 4 Aibreán 2008 chun urraim a léiriú ar bhaill foirne a chuaigh ar scor ó chuaigh mé i mbun dualgais ar 1 Meán Fómhair 2004. Rinneadh Céad Ollamh Adjunct den Dr Kevin James, Léachtóir Sinsearach 1 (T), Roinn na Ceimice do Choláiste Ollscoile Chorcaí agus d'Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí. Bronnadh an teideal ar an Dr James chun aitheantas a thabhairt dá theist shuntasach acadúil go dtí seo.

### E. An Bord Rialaithe

Cheap an tAire Oideachais agus Eolaíochta an tUasal Máire Roycroft mar ghnáthbhall den Bhord Rialaithe i mí na Nollag 2007.

### F. Ealaín agus Cultúr

Rinne Raidió RTÉ craoladh beo ag Ceolchoirm Oscailte an 28ú EBU Folk Festival ar 31 Lúnasa 2007 ag 8.00pm ó Halla Éisteachta Curtis, Ceolscoil CIT Chorcaí. Ceapadh an Irish Chamber Orchestra mar Cheolfhoireann Chónaithe ag Ceolscoil CIT Chorcaí. Thug Uachtarán na hÉireann, Máire Mhic Ghiolla Íosa Uas., cuairt ar Ceolscoil CIT Chorcaí ar 25 Eanáir 2008. Seoladh Craobh Iománaíochta Chorn Fitzgibbon Idir-Ollscoileanna de chuid Bhanc Uladh 2008 ag Campas Bhaile an Easpaig ar 18 Feabhra 2008. Bhí Uachtarán CLG, Nicky Brennan Uas., i láthair. Bhí sé d'onóir ag an Institiúid an imeacht a óstáil ó 29 Feabhra go dtí 1 Márta.

### G. Nuálaíocht agus Taighde

Bronnadh an duais chluiteach is airde ar mhic léinn CIT ag an 2007 Students Enterprise Awards arb í an duais ghnó tríú leibhéal is mó in Éirinn í. Bhuaigh na mic léinn John J Barry, Orla Houlihan, Niamh Brady agus Regina O'Donoghue ón bhfoireann Apri-COT an duais is airde de €10,000 a bhfuil an-tóir uirthi maraon leis an teideal "Fiontraíthe Coláiste na Bliana" agus an Cruikshank Technology Innovation Award de €5,000. D'fhaomh Bord Fiontar Éireann togra CIT MEDIC agus bhronn €1.25m ar an Taighde ar Fheistí Leighis ag CIT. Ghnóthaigh Réadlann Chaisleán na Carraige Duibhe Duais cháiliúil American Science a bronnadh den chéad uair ar shaoráid lasmuigh de SAM. Bhí an Réadlann ar cheann de 17 buaiteoir na Duaise Thea, a aithníonn dearscnaitheacht i gcruthú ionad taispeántais suntasach le haghaidh cuairteoirí. Bhuaigh an tOllamh Sajal K Das agus a urra an Dr Dirk Pesch, Léachtóir, Roinn na hInnealtóireachta Leictreonaí, CIT, an Duais iomráiteach 2007/2008 SFI ETS Walton Visitor Award Programme. Ghnóthaigh MedWare™ an Cruikshank Most Technologically Innovative Project Award i Meitheamh 2008 ag an 25ú Student Enterprise Awards.

### An Dr Brendan J. Murphy Uachtarán

## 1.3 Ráiteas maidir le Comhionannas

Is fostóir deiseanna comhionannais í Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí. Tá sí tiomanta d'fhorbairt leanúnach polasaithe agus gnáthamh nach ndéanann idirdhealú ar bhonn inscne, stádas pósta, aoise, míchumais, cine, creidimh reiligiúnaigh, bunúis eitnigh nó claonta ghnéasaigh.

Oibreoidh sí i gcónaí ar son díothú cleachtas míchóir agus cuirfidh sí chun cinn agus forbróidh sí éiteas comhionannais laistigh den Institiúid.

## 1.4 Gaeilge & Cultúr

Faoi théarmaí Acht na gColáistí Teicniúla Réigiúnacha (1992) agus Acht na gCáilíochtaí (1999), tá ar an Institiúid aird a thabhairt ar chaomhnú, chur chun cinn agus úsáid na Gaeilge agus ar chaomhnú agus ar fhorbairt an chultúir náisiúnta. Tá freagrachtaí ar leith ar CIT de bhrí go bhfuil ceantair Ghaeltachta mar chuid dá réigiún. Tá cuid mhaith oideachais dara leibhéal freisin trí Ghaeilge sa réigiún ar mhian leis an Institiúid a bheith sofhreagrach dó. Lena chois sin, leagann na haltanna in Acht na dTeangacha Oifigiúla ar cuireadh tús feidhme leo trí ordú an Aire Gnóthaí Tuaithe, Pobail agus Gaeltachta, oibleagáidí nua ar an Institiúid.

Tá coiste de chuid an Bhord Rialaithe, An Coiste Gaeilge, ann ar feadh tamall de bhlianta chun cabhrú leis an Institiúid i ndáil leis sin. Tá pleananna ceaptha aige chun na ceanglais reachtúla a chomhlíonadh agus tá siadsan faofa ag an mBord Rialaithe.

# *rialachas*

*Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí*

- 2.1** *Cairt Eagrúcháin na hInstitiúide*
- 2.2** *Ballraíocht an Bhord Rialaithe*
- 2.3** *Cruinnithe an Bhord Rialaithe*
- 2.4** *Bord Feidhmiúcháin na hInstitiúide (BFI)*
- 2.5** *Foireann Shinsearach na hInstitiúide*





## 2.2 An Bord Rialaithe

Is iad na hAchtanna Coláistí Teicniúla Réigiúnacha, 1992 agus 1994, a chinneann comhdhéanamh an Bhoird Rialaithe. Ceaptar na gnáthbhaill seachas beirt ionadaithe na mac léinn ar feadh tréimhse cúig bliana.

Ceaptar beirt ionadaithe na mac léinn ar feadh tréimhse de aon bhliain amháin suas go dtí 30 Meán Fómhair.

Ba í ballraíocht an Bhoird Rialaithe le linn na Bliana Acadúla 2007/08 mar seo a leanas:

An Dr Paddy Caffrey, Cathaoirleach  
(Ainmní de chuid an Aire Oideachais agus Eolaíochta)

An Dr Brendan J. Murphy, Uachtarán CIT  
(Ex Officio)

Baill an Bhoird Rialaithe de réir Alt 4 d'Acht 1994.

### Seisear arna cheapadh faoi Alt 4(1)(a) agus (b)

An Comh. James A. Corr (Ainmní de chuid CGO Chathair Chorcaí)  
Máire Roycroft Uas. (Ainmní de chuid CGO Chathair Chorcaí). (ó mhí na Nollag 2007)  
An Comh. Terry Shannon (Ainmní de chuid CGO Chathair Chorcaí)  
Barra Ó Briain Uas. (Ainmní de chuid CGO Chontae Corcaí)  
An Canónach G. A. Salter (Ainmní de chuid CGO Chontae Corcaí)  
An Comh. Aileen Pyne (Ainmní de chuid CGO Chontae Corcaí)

### Beirt arna cheapadh faoi Alt 4(1)(c)

John Twohig Uas. (Ainmní de chuid na Foirne Acadúla)  
An Dr Mary McCarthy (Ainmní de chuid na Foirne Acadúla)

### Duine amháin arna cheapadh faoi Alt 4(1)(d)

Peter Somers Uas. (Ainmní de chuid na Foirne Neamh-Acadúla)

### Beirt arna cheapadh faoi Alt 4(1)(e)

Brian O'Sullivan Uas.. (Ainmní de chuid Aontas na Mac Léinn) go dtí 30 Meán Fómhair 2007  
Marie Claire Jennequin Uas. (Ainmní de chuid Aontas na Mac Léinn) go dtí 30 Meán Fómhair 2007  
Brian O'Sullivan Uas. (Ainmní de chuid Aontas na Mac Léinn) go dtí 30 Meán Fómhair 2008  
Caitriona Foley Uas. (Ainmní de chuid Aontas na Mac Léinn) go dtí 30 Meán Fómhair 2008

### Duine amháin arna cheapadh faoi Alt 4(1)(f)

Marie Kearney Uas. (Ainmní de chuid Chomhdháil Cheardchumann na hÉireann)

### Cúigear arna cheapadh faoi Alt 4(1)(g)

Gerald M.J. Donovan Uas. (Ainmní de chuid Chumann Tráchtála Chorcaí)  
Denis Lucy Uas. (Ainmní de chuid an Irish Co-Operative Organisation Society Ltd)  
Valerie Gleeson Uas. (Ainmní de chuid na Comhairle Ealaíon)  
An tSr Mary McDaid (Ainmní de chuid Chumann Príomhoidí agus Leas-Phríomhoidí na Scoileanna Iarbhuíochais)  
Billy O'Neill Uas. (Ainmní de chuid Innealtóirí na hÉireann)

## 2.3 Cruinnithe den Bhord Rialaithe

Le linn na tréimhse ó 1 Meán Fómhair 2007 go 31 Lúnasa 2008, bhuaill an Bord Rialaithe le chéile aon uair déag ar a n-áirítear aon chruinniú speisialta amháin. Bhuaill siad le chéile ar na dátaí seo a leanas:

Déardaoin 6 Meán Fómhair 2007

Déardaoin 4 Deireadh Fómhair 2007

Déardaoin 15 Deireadh Fómhair 2007

Déardaoin 1 Samhain 2007

Déardaoin 6 Nollaig 2007

Déardaoin 7 Feabhra 2008

Déardaoin 6 Márta 2008 (Cruinniú Speisialta)

Déardaoin 3 Aibreán 2008

Déardaoin 1 Bealtaine 2008

Déardaoin 5 Meitheamh 2008

Dé Céadaoin 2 Iúil 2008

## 2.4 Bord Feidhmiúcháin na hInstitiúide (BFI)

Cuireadh Bord Feidhmiúcháin na hInstitiúide ar bun agus thionóil sé a chéad chruinniú i mí an Mhárta 2004. Is iad a ról agus a chuid feidhmeanna mar seo a leanas:

Is coiste neamh-reachtúil de chuid na hInstitiúide é Bord Feidhmiúcháin na hInstitiúide. Is é ról Bhord Feidhmiúcháin na hInstitiúide ná cabhrú leis an Uachtarán i mbainistiú na hInstitiúide agus polasaí Institiúide a cheapadh le haghaidh faofa ag an mBord Rialaithe, ar a n-áirítear gnóthaí acadúla, saincheisteanna oibríochtúla, na tuairiscí bliantula, agus clár agus buiséid na hInstitiúide. Dá bhrí sin is uirlis sheasta é Bord Feidhmiúcháin na hInstitiúide de chomhchomhairle inmheánach idir Oifig an Stiúrthóra agus an fhoireann shinsearach thar fheidhmeanna uile acadúla agus riaracháin na hInstitiúide.

### Is mar seo a leanas atá comhdhéanamh Bhord Fheidhmiúcháin na hInstitiúide:

An Dr Brendan J. Murphy, Uachtarán  
 An Dr Michael Noonan, Leasphríomhaí  
 Brendan Goggin Uas., Cláráitheoir  
 Claire Sinnott Uas., Rúnaí/Rialtóir Airgeadais  
 Michael Delaney Uas., Ceann Forbartha  
 Liam Hodnett Uas., Ceann Dámh na hInnealtóireachta  
 Damien Courtney Uas., Ceann na Dáimhe Gnó & Daonnachtaí  
 Michael Loftus Uas., Ceann Dámh na hEolaíochta  
 An Captaen John Clarence, Ceann, Coláiste Náisiúnta Mara na hÉireann  
 An Dr Geoffrey Spratt, Stiúrthóir, Ceolscoil CIT Chorcaí  
 Orla Flynn Uas., Ceann Gníomhach, Coláiste Ealaíne & Deartha Crawford CIT

Buaileann Bord Feidhmiúcháin na hInstitiúide le chéile uair sa choicís agus ar uaireanta eile a meastar a bheith riachtanach. Déanann an tUachtarán nó ainmní de chuid an Uachtaráin laistigh den Bhord Cathaoirleacht air. Bíonn Rúnaí Taifeadta i láthair ag gach cruinniú chun mionsonraí cruinnithe a thaifeadadh. Scaiptear tuairiscí óna gcuid cruinnithe ar an mBord Rialaithe.

## 2.5 Foireann Shinsearach na hInstitiúide

Is comhscoileanna de chuid Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí iad Ceolscoil CIT Chorcaí, Coláiste Ealaíne & Deartha Crawford CIT agus Coláiste Náisiúnta Mara na hÉireann.

### Uachtarán

An Dr Brendan J. Murphy, BA, MA, PhD, FSS, FICS, CEng, FIEI

### Bord Feidhmiúcháin na hInstitiúide

Príomhaí Cúnta  
Clárathóir  
Rúnaí/Rialtóir Airgeadais  
Ceann Forbartha  
Ceann Dámh na hInnealtóireachta  
Ceann na Dámhe Gnó & Daonnachtaí  
Ceann Dámh na hEolaíochta  
Ceann, Coláiste Náisiúnta Mara na hÉireann  
Stiúrthóir, Ceolscoil CIT Chorcaí  
Ceann, Coláiste Ealaíne & Deartha Crawford CIT

An Dr Michael Noonan, MSc, PhD, MIBiol  
Breandan Goggin Uas., BSc, HDipEd  
Claire Sinnott Uas., MA, BBS, DPA, FAA  
Michael Delaney Uas., MSc, MEd, MIBioll, HDipEd, MICI, MESAI, ATCL  
Liam Hodnett Uas., ME, Eurlng, CEng, FIEI  
Damien Courtney Uas., BA, MA(Louv), MPhil(Louv), MIUSSP  
Michael Loftus Uas., BE, MEngSc, MICS  
An Capt John Clarence, MBA, BA, Máistir-Mharáí  
An Dr Geoffrey Spratt, BA, PhD  
Orla Flynn Uas., MSc, MA, MICS, MIDI

### Ceann Taighde

An Dr Niall Smith, BSc, PhD

### Clárathóir Cúnta

Ed Riordan Uas., BSc

### Bainisteoirí Príomhsheirbhísí

Bainisteoir Riaracháin & Gnóthaí Mac Léinn  
Bainisteoir Foirgneamh & Eastát  
Bainisteoir Airgeadais  
Bainisteoir Acmhainní Daonna  
Bainisteoir Idirchaidrimh Tionscail  
Bainisteoir TF

Eamonn O'Connor Uas.  
Kevin McCarthy Uas., MSc, CEng, MIEI  
John Cogan Uas.  
Anthony Collins Uas., MA, AIPM, MSAI  
Josette O'Mullane Uas., Bcomm, ACMA  
Gerard Culley Uas., BEng, MIEI, CCNA, CISSP

### Leabharlannaí

Derry Delaney Uas., BA, DLIS

### CAMPAS BHAILE An EASPAIG:

### DÁMH NA hINNEALTÓIREACHTA

Ceann na Dámhe

Liam Hodnett Uas., ME, Eurlng, CEng, FIEI

### Scoil Innealtóireachta Sibhialta & Foirgníochta:

Ceann na Scoile (Gníomhach)  
Ceann na Roinne Innealtóireachta Sibhialta, Struchtúrtha & Comhshaoil  
Ceann na Roinne Foirgníochta  
Ceann na Roinne Ailtireachta

An Dr Joseph Harrington, BE, MS, PhD, CEng, FIEI, Eurlng, PE  
Desmond Walsh Uas., BE, MSc, DIC, CEng, MIEI, MICE  
An Dr Daniel Cahill, MSc, PhD, MRICS  
Katherine Keane Uas., BSc in Arch, MArch, ARIAI

### Scoil na hInnealtóireachta Meicniúla & Próiseas

Ceann na Scoile  
Ceann na Roinne Innealtóireachta Ceimicé & Próiseas  
Ceann na Roinne Innealtóireachta Meicniúla  
Ceann na Roinne Innealtóireachta Déantúsaíochta, Bithleighis & Saoráidí  
Ceann na Roinne Innealtóireachta Iompair & Gluaisteán

An Dr Barry O'Connor, BE, MEngSc, BCL, PhD, CEng, MIEI  
John O'Shea Uas., BEng, CEng, FICHEM, FIEI  
Matt Cotterel Uas., BE, MED, CMfgE, MIEI AMIMechE  
Daithi Fallon Uas., BE, MEngSc, CEng, MIEI, CQE  
Folamh

### Scoil na hInnealtóireachta Leictre & Leictreonaice:

Ceann na Scoile (Gníomhach)  
Ceann na Roinne Innealtóireachta Leictre (Gníomhach)  
Ceann na Roinne Innealtóireachta Leictreonaice (Gníomhach)

Barry Leach Uas., MSc, Eurlng, CEng, FIEI, MCIBSE, MASHRAE, MIEE, MSL  
An Dr Noel Barry, BE, ME, PhD, CEng, MIEI, MPES, MIAS  
An Dr Joe Connell, BSc (Eng), MSc (Eng), PhD, CEng, FIEI, MIEEE

## GNÓ & DAONNACHTAÍ

Ceann na Dáimhe

Damien Courtney Uas., BA, MA(Louv), MPhil(Louv), MIUSSP

### Scoil Ghnó:

Ceann na Scoile  
Ceann na Roinne Bainistíochta & Margaíochta  
Ceann na Roinne Cuntasaíochta & Córas Faisnéise  
Ceann na Roinne Oideachais Leantaigh  
Ceann na Roinne Deiseanna Oideachais

An Dr Tom Rigney, FCCA, DipEdAdmin, MBS, MA, MEd, Dochtúireacht  
Brian McGrath Uas., BComm, FCA, MMII  
Gerard O'Donovan Uas., BComm, MBA, MMII, MICS  
Paul Mahony Uas., FCA, FCPA, MBS  
Marese Bermingham Uas., BComm, HDipEd, HDipGC, MIGC

### Scoil na nDaonnachtaí:

Ceann na Scoile (Gníomhach)  
Ceann na Roinne Staidéar Sóisialta & Ginearálta  
Ceann na Roinne Meán Cumarsáide (Gníomhach)  
Ceann na Roinne Staidéar Turasóireachta &

Ray Coughlan Uas., BE(ELEC), MEngSc, MIEI  
Jim Walsh Uas., BA, HDipEd, BCL, LLB, MEMI  
Rose McGrath Uas., MA, Dip Ed, BDes  
Adrian Gregan Uas., BA, MBS, Dip H&C Fáilteachais  
Mgmt, FIHI, Diop Iarchéime Oid Fáilt  
Folamh

Ceann na Roinne Forbartha Oideachais (DEIS)

## DÁMH NA hEOLAÍOCHTA

Ceann naDáimhe

Michael Loftus Uas., BE, MEngSc, MICS

### Scoil na hEolaíochta:

Ceann na Scoile  
Ceann na Roinne Fisice Feidhmí & Ionstraimíochta  
Ceann na Roinne Eolaíochtaí Bitheolaíochta  
Ceann na Roinne Ceimice

An Dr Eamonn Cashell, BA(MOD), BSc, PhD, CPhys, MInstP  
An Dr Liam McDonnell, BSc, PhD, CPhys, FInstP  
An Dr Hugh McGlynn, BSc, PhD, FHEA  
An Dr John Wood, BSc, PhD, CChem, MRSC, FICI

### Scoil na Ríomhaireachta & na Matamaitice:

Ceann na Scoile  
Ceann na Roinne Ríomhaireachta  
Ceann na Roinne Matamaitice

Folamh  
Jim Dwyer Uas., BA(Mod), HDipEd, CEng, FICS, MBCS  
Kevin Kelly Uas., BSc, MSc, HDipEd

## CEOLSCOIL CIT CHORCAÍ

Stiúrthóir  
Ceann na Scoile  
Ceann na Roinne Staidéar Méarchláir  
Ceann na Roinne Staidéar Téaduirlisí (Gníomhach)  
Ceann na Roinne Staidéar Gaoithe, Cnagtha,  
Gutha & Drámaíochta  
Ceann na Roinne Ceoltóireachta & Staidéir  
Acadúil

An Dr Geoffrey Spratt, BA, PhD  
Aiveen Kearney Uas., MA, BMus, HDE, ATCL  
An Dr Gabriela Mayer, DMA, MMus, BMus, Dip Berlin Hochschule  
Joan Scannell Uas., MA, BMus, DipCSM, LTCL  
John O'Connor Uas., MA, BMus, HDE, FTCL,  
LRSM  
Maria Judge Uas., BMus, Dip Kodály Intézet  
na hUngáire

## COLÁISTE EALAÍNE & DEARTHACHA CRAWFORD CIT

Ceann (Gníomhach)  
Ceann na Roinne Mínealaíne & Dearaidh  
Cheirmigh (Gníomhach)  
Ceann na Roinne Oideachas Ealaíne & Dearaidh  
  
Ceann na Roinne Teiripe Ealaíne & Oideachais  
Aosaigh

Orla Flynn Uas., MSc, MA, MICS, MIDI  
Kevin Gill Uas., ANCAD, MA

Albert Walsh Uas., MEd, Dip ADT, ND  
Design  
Edward Kuczaj Uas., MA, Dip Art Th, RNMS

## COLÁISTE NÁISIÚNTA MARA NA hÉIREANN

Ceann

An Capt John Clarence, MBA, BA, Máistir-Mharáí



# *gnóthaí acadúla & mac léinn*

*Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí*

- 3.1** *Ballraíocht na Comhairle Acadúla*
- 3.2** *Ballraíocht Choiste Feidhmiúcháin na Comhairle Acadúla*
- 3.3** *Coistí de chuid na Comhairle Acadúla*
- 3.4** *Forbairt Acadúil*
- 3.5** *Cúrsaí Faofa – Lánaimseartha*
- 3.6** *Cúrsaí Faofa – Páirtaimseartha*
- 3.7** *Údaráis Bhailíochtaithe*
- 3.8** *Scrúdaitheoirí Seachtracha*
- 3.9** *Staitisticí Mac Léinn*
- 3.10** *Duaiseanna Mac Léinn*

## 3.1 Ballraíocht na Comhairle Acadúla

Ceapadh baill reatha na Comhairle Acadúla i mí an Mhárta 2007 agus fanfaidh siad in oifig ar feadh tréimhse trí bliana.

Tháinig an Chomhairle Acadúil le chéile sé huairte le linn na tréimhse 1 Meán Fómhair 2007 go 31 Lúnasa 2008 mar seo a leanas:

Dé Céadaoin, 10 Deireadh Fómhair 2007  
 Dé Céadaoin, 21 Samhain 2007  
 Dé Céadaoin, 23 Eanáir 2008  
 Dé Céadaoin, 27 Feabhra 2008  
 Dé Céadaoin, 9 Aibreán 2008  
 Dé Céadaoin, 14 Bealtaine 2008  
 Dé Máirt, 20 Bealtaine 2008 (Comhairle Acadúil Speisialta)

### UACHTARÁN

Brendan J. Murphy

### FOIREANN ACADÚIL SHINSEARACH

Adrian Gregan	Ceann na Roinne Staidéar Turasóireachta & Fáilteachais
Aiveen Kearney	Ceann Ceolscoil CIT Chorcaí
Albert Walsh	Ceann na Roinne Oideachais Ealaíne & Dearaidh, Coláiste Ealaíne & Deartha Crawford CIT
Barry Leach	Ceann na Scoile Innealtóireachta Leictrí & Leictreonaice (Gníomhach)
Barry O'Connor	Ceann na Scoile Innealtóireachta Meicniúla & Próiseas
Brian McGrath	Ceann na Roinne Bainistíochta & Margaíochta
Daithí Fallon,	Ceann na Roinne Innealtóireachta Déantúsaíochta, Bitheighis & Saoráidí
Damien Courtney	Ceann na Dáimhe Gnó & Daonnachtaí
Daniel Cahill	Ceann na Roinne Foirgníochta
Desmond Walsh	Ceann na Roinne Innealtóireachta Sibhialta, Struchtúrtha & Comhshaoil
Eamonn Cashell	Ceann na Scoile Eolaíochta
Ed Kuczaj	Ceann na Roinne Teiripe Ealaíne & Oideachais Aosaigh, Coláiste Ealaíne & Deartha Crawford CIT
Gabriela Mayer	Ceann na Roinne Staidéar Méarchláir, Ceolscoil CIT Chorcaí
Geoffrey Spratt	Stiúrthóir, Ceolscoil CIT Chorcaí
Gerard O'Donovan	Ceann na Roinne Cuntasaíochta & Córas Faisnéise
Hugh McGlynn	Ceann na Roinne Bitheolaíochtaí
Irene Sheridan	Comhordaitheoir SIF
Jim O'Dwyer	Ceann na Roinne Ríomhaireachta
Jim Walsh	Ceann na Roinne Staidéar Sóisialta & Ginearálta
Joan Scannell	Ceann na Roinne Staidéar Téaduirilís (Gníomhach), Ceolscoil CIT Chorcaí
Joe Connell	Ceann na Roinne Innealtóireachta Leictreonaice (Gníomhach)
Joe Harrington	Ceann na Scoile Innealtóireachta Sibhialta & Foirgníochta (Gníomhach)
John Clarence	Ceann Choláiste Náisiúnta Mara na hÉireann
John O'Connor	Ceann na Roinne Staidéar Gaoithe, Gnagtha, Gutha & Drámaíochta, Ceolscoil CIT Chorcaí
John O'Shea	Ceann na Roinne Innealtóireachta Ceimicí & Próiseas
John Wood	Ceann na Roinne Ceimice
Katherine Keane	Ceann na Roinne Ailtireachta
Kevin Gill	Ceann na Roinne Mínealaíne & Dearaidh Cheirmigh (Gníomhach)
Kevin Kelly	Ceann na Roinne Matamaitice
Liam Hodnett	Ceann Dámh na hInnealtóireachta
Liam McDonnell	Ceann na Roinne Fisice Feidhmí & Ionstraimíochta
Marese Bermingham	Ceann na Roinne Deiseanna Oideachais
Maria Judge	Ceann na Roinne Ceoltóireachta & Staidéir Acadúil
Matt Cotterell	Ceann na Roinne Innealtóireachta Meicniúla
Michael Loftus	Ceann Dámh na hEolaíochta
Noel Barry	Ceann na Roinne Innealtóireachta Leictrí (Gníomhach)
Orla Flynn	Ceann (Gníomhach), Coláiste Ealaíne & Deartha Crawford CIT
Paul Mahony	Ceann na Roinne Oideachais Leantaigh
Paul Slíney	Éascaitheoir Modúlúcháin & Seimeastraithe
Ray Coughlan	Ceann Scoil na nDaonnachtaí (Gníomhach)
Rose McGrath	Ceann na Roinne Cumarsáide Ilmheán (Gníomhach)
Tom Rigney	Ceann na Scoile Gnó
Folamh	Ceann na Roinne DEIS
Folamh	Ceann na Roinne Innealtóireachta Iompair & Gluaisteán



**FEIDHMEANNAS SINSEARACH**

Brendan Goggin	Cláraitheoir
Claire Sinnott	Rúnaí/Rialtóir Airgeadais
Michael Delaney	Ceann Forbartha
Michael Noonan	Príomhaí Cúnta

**FOIREANN EX-OFFICIO**

Derry Delaney	Leabharlannaí
Ed Riordan	Cláraitheoir Cúnta
Eva Juhl	Oifig an Chláraitheora
John Twohig	Cathaoirleach an Bhord Staidéir do Phrintísigh
Niall Smith	Ceann Taighde
Tadhg Leane	Éascaitheoir na Pleanála Straitéisí

**IONADAITHE MAC LÉINN**

Brian O'Sullivan	Uachtarán Aontas na Mac Léinn, CIT
John Grant	Leas-Uachtarán Oideachais Aontas na Mac Léinn, CIT

**FOIREANN ACADÚIL TOFA**

Aidan Coffey	Scoil na hEolaíochta
Aileen Donnelly	Ceolscoil CIT Chorcaí
Aine de Róiste	Scoil na nDaonnachtaí
Ambrose Furey	Scoil na hEolaíochta
Ann Barry	Ceolscoil CIT Chorcaí
Ann Wilson	Scoil na nDaonnachtaí
Bill Corr	Scoil na hInnealtóireachta Meicniúla & Próiseas
Brian McNamara	Ceolscoil CIT Chorcaí
Brian O'Rourke	Scoil na hInnealtóireachta Foirgníochta & Sibhialta
Carol A. O'Connor	Ceolscoil CIT Chorcaí
Catherine Frehill	Scoil na hEolaíochta
Chris Gibbons	Scoil na hInnealtóireachta Meicniúla & Próiseas
Christine Pybus	Coláiste Ealaíne & Deartha Crawford CIT
Colm Barry Murphy	Scoil Ghnó
David Cadogan	Scoil na hInnealtóireachta Foirgníochta & Sibhialta
Dermot O'Reilly	Coláiste Náisiúnta Mara na hÉireann
Des Walsh	Scoil na hInnealtóireachta Sibhialta & Foirgníochta
Dirk Pesch	Scoil na hInnealtóireachta Leictrí & Leictreonaice
Felix Raekson	Scoil Ghnó
Gerard Kelly	Scoil na hInnealtóireachta Meicniúla & Próiseas
Harvey Makin	Scoil na hEolaíochta
Ian O'Sullivan	Scoil na hInnealtóireachta Meicniúla & Próiseas
James Hayes	Coláiste Ealaíne & Deartha Crawford CIT
Joan Scannell*	Ceolscoil CIT Chorcaí
John J. Murphy	Scoil na hInnealtóireachta Foirgníochta & Sibhialta
John P. Murphy	Scoil na hInnealtóireachta Foirgníochta & Sibhialta
Maurice Murphy	Scoil Ghnó
Michael Brennan	Scoil na Ríomhaireachta & na Matamaitice
Michael O'Donovan	Scoil na hInnealtóireachta Leictrí & Leictreonaice
Mike Murphy	Coláiste Ealaíne & Deartha Crawford CIT
Patrick Collins	Scoil na hInnealtóireachta Leictrí & Leictreonaice
Paul Rothwell	Scoil na Ríomhaireachta & na Matamaitice
Philip Curtin	Scoil na nDaonnachtaí
Sheree Borge	Scoil Ghnó
Stephen Cassidy	Scoil na hInnealtóireachta Meicniúla & Próiseas
Susan O'Regan	Ceolscoil CIT Chorcaí
Thomas A. Farrell	Scoil na hInnealtóireachta Meicniúla & Próiseas
Tim Horgan	Scoil na Ríomhaireachta & na Matamaitice
Tom O'Mahony	Scoil na hInnealtóireachta Leictrí & Leictreonaice
Violeta Morari	Scoil na Ríomhaireachta & na Matamaitice

\*ag Feidhmiú i bpost faoi láthair mar Cheann Roinne

## 3.2 Ballraíocht Choiste Feidhmiúcháin na Comhairle Acadúla

Is é comhdhéanamh Choiste Feidhmiúcháin na Comhairle Acadúla ná:

1. An tUachtarán (ex-officio)
2. An Cláraitheoir (ex-officio)
3. Cathaoirligh Choistí na Comhairle Acadúla
4. Seachtar ball ainmnithe de chuid na Comhairle Acadúla, ar ionadaí de chuid na mac léinn duine díobh

Is iad feidhmeanna an Choiste Feidhmiúcháin ná:

- Gnó na Comhairle Acadúla a chur in eagar, ar a n-áirítear gach mír gnó a sheoladh ón gComhairle Acadúil agus a cuid Coistí agus ar ais chucu;
- Ábhair ábhartha a chur faoi bhráid Choistí na Comhairle Acadúla;
- Obair Choistí na Comhairle Acadúla a chomhordú;
- Cuidiú le cur i ngníomh chinntí na Comhairle Acadúla.

Cruinnithe de Choiste Feidhmiúcháin na Comhairle Acadúla

- Déanfar iad a thionól de ghnáth dhá sheachtain roimh agus dhá sheachtain i ndiaidh chruinniú na Comhairle Acadúla agus ar a leithéid d'amanna eile a meastar gá a bheith leo;
- Déanfar córam a ghlaoch má tá leath de bhallraíocht an Choiste Feidhmiúcháin i láthair;
- Beidh an tUachtarán nó ainmní an Uachtaráin ón gCoiste Feidhmiúcháin ina Chathaoirleach. I gcás go mbeadh an tUachtarán, nó ainmní an Uachtaráin, as láthair ceapfaidh na baill atá i láthair Cathaoirleach gníomhach as measc an Choiste Feidhmiúcháin;
- Déanfaidh an Cláraitheoir a bheidh mar Rúnaí ar an gCoiste Feidhmiúcháin an taifeadadh. I gcás go mbeadh an Cláraitheoir as láthair ainmneoidh na baill atá i láthair Rúnaí gníomhach as measc an Choiste Feidhmiúcháin.

### 3.3 Coistí de chuid na Comhairle Acadúla

D'fhaomh an Chomhairle Acadúil cruthú na seacht gcoiste seo a leanas:

#### COISTE PLEANÁLA ACADÚIL

Daithi Fallon (Cathaoirleach)

#### COISTE ATHBHREITHNITHE ACADÚIL

Tadhg Leane (Cathaoirleach)

#### COISTE IONTRÁLACHA

Jim O'Dwyer (Cathaoirleach)

#### COISTE ACMHAINNÍ FOGHLAMA

Harvey Makin (Cathaoirleach)

#### COISTE RIALACHÁN

Kevin Kelly (Cathaoirleach)

#### COISTE TAIGHDE & FORBARTHA

Niall Smith (Cathaoirleach)

#### COISTE NA mBUAN-ORDUITHE

Jim Walsh (Cathaoirleach)

## 3.4 Forbairt Acadúil

### Modúlúchán & Seimeastrú

I Meán Fómhair 2007, bhog an Institiúid go dtí seachadadh modúlaithe agus seimeastraithe do gach mac léinn céad bhliana. Rinne painéil dhearbhaithe cháilíochta acadúla na modúil agus na sceidil sheimeastraithe ábhartha a fhaomhadh le linn na bliana roimhe sin agus ina theannta sin bhí iarracht mhór acadúil, riaracháin agus TF. Téann modúlúchán agus seimeastrú i bhfeidhm ar gach gné den seachadadh ó chlárú go measúnú agus clárthráthú. Léirigh an Chomhairle Acadúil, an Bord Rialaithe agus Feidhmeannas na hInstitiúide a mbealachas ag pointí éagsúla le linn na bliana as comhoibriú na mac léinn agus na foirne.

Rinneadh láithreachtaí agus foilseacháin le lucht éisteachta seachtrach ar a n-áirítear Treoirchomhairleoirí, tuismitheoirí agus mic léinn ionchasacha chun iad a chur ar an eolas maidir leis an gcóras nua. Tá lán-chur i bhfeidhm an mhodúlúcháin agus an tseimeastraithe le tosú do gach staid fhochéime i Meán Fómhair 2008.

### Rialacháin Athbhreithnithe – Marcanna agus Caighdeán

Le linn na bliana acadúla thug an Chomhairle Acadúil agus an Coiste Rialachán dá cuid aghaidh ar mhodhnú na rialachán Marcanna agus Caighdeán le haghaidh an imshaoil mhodúlaithe. Tar éis díospóireachtaí ag roinnt cruinnithe den Chomhairle Acadúil agus comhairliúcháin domhain, ghlac an Chomhairle Acadúil le cáipéis athbhreithnithe dar teideal “Rialacháin do Mhodúil agus Cláir (Marcanna agus Caighdeán)” i mBealtaine 2008 agus d’fhaomh an Bord Rialaithe í in Iúil 2008.

### Tiontú do Chláir Leibhéal 8 ab initio

Ba léir ar feadh tamaill go mba ghá don Institiúid cur lena láithreach ar liosta Leibhéal 8 den LOI. Ó tharla nach dtugann cuid mhaith iarratasóirí a bhaineann úsáid as córas an LOI aird ar roinnt mhaith de na roghanna den scoth atá ar fáil in CIT ar liosta Leibhéal 6/7. Bíonn roghanna leantacha acu siúd is déanaí a luadh ar chéimeanna onóracha ach ní raibh siadsan le feiceáil ar liosta Leibhéal 8 den LOI.

D’fhaomh an Chomhairle Acadúil creat polasaí i Samhain 2007 a rinne tiontú i gcásanna oiriúnacha ar chúrsaí 3 + 1 (i.e. Leibhéal 7 le céim onórach mar fhorlíontach ina gcéimeanna onóracha ceithre bliana ab initio. Rinne an polasaí soláthar don múnla 3 + 1 a choinneáil le hais na céime onóraí nua ab initio i bhformhór na gcásanna, agus shocraigh sé critéir freisin faoina bhféadfaí an struchtúr roimhe sin a scríosadh amach. Ar an dóigh sin tiontaíodh roinnt clár le linn 2007-2008, i ndiaidh athbhreithniú neamhspleách ag painéil saineolaithe ó laistigh agus ó lasmuigh den Institiúid.

### Stádas na hInstitiúide, Iarratas Ollscoile

Le linn na ndéich mbliana ón athrú teidil ó RTC Chorcaí go CIT, rinne an Institiúid dul chun cinn i dtéarmaí údaráis tharmlichthe go leibhéal PhD agus i gcreidiúnú taighde freisin. Idir an dá

linn, rinne roinnt Institiúidí iarratas ar stádas Ollscoile (DIT agus WIT) agus cuireadh sa siúl an múnla d’Ollscoil Náisiúnta Teicneolaíochta san earnáil. Faoi choimirce na Comhairle Acadúla riaradh próiseas comhairliúcháin ar ghnóthaí dá leithéid agus cuireadh plécháipéis faoi bhráid na Comhairle in Eanáir 2008. Chuir an tUachtarán in iúl don Chomhairle Acadúil in Aibreán 2008 go raibh lóisteáil iarratais ar stádas Ollscoile Teicneolaíochta do CIT faofa ag an mBord Rialaithe, athrú a bhí práinneach i ngeall ar imeachtaí náisiúnta.

### Athbhreithniú Clár

Mac Léinn:	<b>Michael Kinsella</b>
Teideal an Tionscadail:	"Process for Converting Rape Seed to Repoleum Fuel"
Cúrsa:	Baitsiléir Innealtóireachta in Innealtóireacht Leictreach
Roinn:	Innealtóireacht Leictreach
Foireann Mac Léinn:	<b>Damien Healy, Joseph Jameson, Jason Mullins</b>
Teideal an Tionscadail:	"Design and Development of Fusion Folding Press"
Cúrsa:	Baitsiléir Innealtóireachta in Innealtóireacht Déantúsaíochta
Roinn:	Innealtóireacht Déantúsaíochta, Bithleighis agus Saoráidí

D'fhógair Cathaoirleach Phainéal Breithiúnais an 19ú Annual International Medical Engineering Project Competition, an tOllamh Anthony Bull de chuid Imperial College, Londain, ar 26 Meitheamh 2007 gur ghnóthaigh dhá fhoireann mac léinn de chuid CIT boinn óir agus airgid as iontráil mhór idirnáisiúnta as na tionscadail a chuir siad isteach agus i láthair.

#### Duais Idirnáisiúnta don Tionscadal is Fearr a mbaineann Dearadh nó Forbairt Feistí Leighis leis – Bonn Óir

Tionscadal:	Dearadh agus Forbairt Áis Snámha AquaEye do Dhaoine le Droch-Radharc Grúpa Mac Léinn Idirdhisciplíneach
-------------	---

Mic Léinn de chuid Córais Chuntasaíochta & Faisnéise: **Imelda Callanan** (Ceannaire Grúpa), **Norma Barry, Colin Aherne, Ciara Aherne, David Barker**

Mic Léinn de chuid Innealtóireachta Meicniúla: **Kieran O'Callaghan** (Ceannaire Grúpa), **Ciara Dwan, Ken Allen, Finbarr Brassil agus Paul O'Keefe**.

Rinne Kieran O'Callaghan an cur i láthair ar son an ghrúpa AquaEye ag an gcomórtas i Londain.

#### Duais Idirnáisiúnta don Tionscadal Innealtóireachta Leighis is Fearr – Bonn Airgid

Tionscadal: Suture Tension Measurement Investigation and Analysis

Mac léinn de chuid Innealtóireachta Meicniúla: **Kenneth Bourke**

Bhí taispeántas ar siúl chun daichead bliain den Duais "Mac Léinn na Bliana" de chuid Chumann Ealaíon Chorcaí a chomóradh ar 2 Deireadh Fómhair 2007 ag 8.00 pm i nGailearaí Lavitt, 5 Sráid an Athar Maitiú, Corcaigh. Ba í **Róisín Kinsella** a bhuaigh an duais.

Bhí Bronnadh Duaiseanna na Dáimhe Gnó & Daonnachtaí ar siúl ar 11 Deireadh Fómhair 2007 ar 8.00 pm ag an Oriel House Hotel, Baile an Chollaigh, Corcaigh. Tugadh urraim do 28 réamhchéimí as a gcuid éachtaí ar leith agus bronnadh Duaiseanna Scoileanna, Ranna, Fáilte Éireann agus Cuntasaíochta Gairmiúla orthu.

Bhí an Bronnadh Céime agus Dámhachtainí Eile de chuid na Dáimhe Gnó & Daonnachtaí ar siúl ar an Aoine 12 Deireadh Fómhair 2007. Bhí ceithre sheisiún bronnta ann agus fuair 999 réamhchéimí ar fad a gcuid pár.

Ag Searmanas Bronnta 3.30 pm, bronnadh an Chomh-Dámhachtain de chuid Hochschule Darmstadt, na Comhairle Ardoideachais agus Oiliúna agus Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí i Roinn na Cumarsáide Ilmheán den chéad uair ar mhic léinn an Bhaitsiléir Ealaíon (Onóracha) in Ilmheán. Bhí an tOllamh an Dr Andrea Krawjeski, Deán na Dáimhe Ilmheán, Hochschule Darmstadt agus Joe Cox Uas., HETAC agus ionadaithe ó Hochschule Darmstadt i láthair ag an mbronnadh.

Ag Searmanas Bronnta 6.00 pm, bhronn Roinn an Oideachais Leantaigh a céad dámhachtain PhD Dochtúir san Fhealsúnacht (i mBainistíocht). Bronnadh í sin ar **Christine Cross**.

Bhí Searmanas Bronnta Bliantúil Scoil na hEolaíochta 2007 ar siúl sa Tobin Suite, Oriel House Hotel, Baile an Chollaigh, Corcaigh ar 18 Deireadh Fómhair 2007 chun na réamhchéimithe is airde éachtaí sa bhliain acadúil 2006/07 a onóru. Bronnadh 18 duais ar fad thar phríomhdisciplíní Scoil na hEolaíochta.

Bronnadh Céimeanna agus Dámhachtainí Eile Dámha na hEolaíochta agus na hInnealtóireachta ar 19 Deireadh Fómhair 2007. Bhí trí sheisiún bronnta ann agus fuair 1,207 réamhchéimí a gcuid pár.

Ag Searmanas Bronnta 3.30 pm, bronnadh an Chomh-Dámhachtain de chuid Choláiste Ollscoile Chorcaí, HETAC agus Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí i Roinn na mBitheolaíochtaí den chéad uair ar mhic léinn an Mháistir Eolaíochta in Eolaíocht Bhithleigheis. Bhí an Dr Michael Murphy, Uachtarán UCC, an tOllamh Paul Gillen, Clárathóir UCC agus Tadhg Ó hÉalaíthe, HETAC agus ionadaithe de chuid Choláiste Ollscoile Chorcaí i láthair ag an mbronndadh.

Tháinig Foireann Seoltóireachta Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí sa dara háit i gCraobhráis Dhomhanda Luamhaireachta na Mac Léinn in La Rochelle na Fraince. Sa rás deiridh, chríochnaigh CIT sa chéad áit, rud a bhain an 2ú háit fhoriomlán amach sa domhan. Ghlac foirne ó chúig thír déag páirt san imeacht ard-iomaíochta seo agus bhí dian-iomaíocht ann. Rinneadh an rásaíocht i luaimh d'aon dearadh 9.5 méadar a chuir an lucht eagraithe ar fáil.

#### Bronnta ag Ceolscoil CIT Chorcaí:

- (i) Tharla Bronnta Ceolscoil CIT Chorcaí ar 5 Samhain 2007 ag 10.00 am. Fuair 23 réamhchéimí a gcuid pár.
- (ii) Tharla Bronnta Choláiste Ealaíne & Deartha Crawford CIT ar 5 Samhain 2007 ar 11.30 am. Fuair 148 réamhchéimí a gcuid pár. Ba iad sin na chéad searmanas bronnta a tharla i gCeolscoil nua CIT Chorcaí.

Ghnóthaigh **Gerard Casey**, mac léinn 3ú bliana de chuid an BA i nDearadh Cumarsáide, Roinn na Cumarsáide Ilmheán, an 2ú háit (Airgid) sa Duais ardghradamach GDBA (Graphic Design Business Association) Student IDEA Award ar 9 Samhain 2007. Bhí líon mór iontrálacha istigh ar an gcomórtas seo ó chuid mhaith coláistí ón tír uile ar nós LIT, DIT agus NCAD.

Bhí an Comórtas Scileanna Domhanda 2007 ar siúl in Shizuoka na Seapáine ó 11 go 20 Samhain 2007.

Ghnóthaigh Éire ar fad: 1 Óir, 4 Cré-umha agus 9 Meadáille as Dearschnaitheacht as an 21 duine a bhí ag iomaíocht.

Is mar seo a leanas torthaí na n-iomaitheoirí CIT:

Ceird	Iomaitheoir	Duais
Suiteáil Leictreach	Daniell Ryall	Bonn Cré-umha
Rialú Tionsclaíoch	Barry Bolgor	Meadáille don Dearschnaitheacht
Déantúsaíocht Miotail	Eamonn Buggy	Meadáille don Dearschnaitheacht
Cuisniú	John Fanning	Bonn Cré-umha
Obair Phláistair	Patrick Doran	Bonn Óir
Táthú	Gerard Healy	Meadáille don Dearschnaitheacht

Tharla Searmanas Bliantúil Bronnadh Duaiseanna na hInstitiúide ar 27 Samhain 2007 ar 7.00 pm i Seomra na

Comhairle, 2ú Uirlár, Ionad Riaracháin. Ba é líon na nduaiseanna i mbliana ná 15 Dámhachtain CIT agus 2 Dámhachtain HETAC. Chuimsigh siadsan na mic léinn a b'fhéarr a chruthaigh ó na trí Dhámh (Innealtóireacht, Eolaíocht, Gnó & Daonnachtaí) agus trí cinn ó na Scoileanna (Coláiste Mara na hÉireann, Ceolscoil CIT Chorcaí, Coláiste Ealaíne & Deartha Crawford CIT) do Leibhéal 7 (Céim Baitsiléara), Leibhéal 8 (Céim Onórach) agus Leibhéal 9 (Máistir Múinte). Roghnaíodh an Mac Léinn is Féarr go Foriomlán uathu siúd thuas.

Tharla Bronnadh Dámhachtainí HETAC ar 28 Samhain 2007 sa Nexus, Ionad na Mac Léinn ag 3.30 pm. Fuair seachtó agus a sé réamhchéimí ón Roinn Staidéar Turasóireachta & Fáilteachais a gcuid pár.

Tharla an léacht "Get Chartered" a chuir David Barrett, Bainisteoir Réigiúnach, Institiúid na nInnealtóirí Meicniúla i láthair ar 29 Samhain 2007 ar 7.00 pm in Amharclann Frank O'Connor (IT3), Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí.

Bronnadh na Duaiseanna Ollscoile de chuid Institiúid na nInnealtóirí Meicniúla ag tús na hócáide.

1. **William Michael Quinn** – Duais don Tionscadal is Féarr
2. **Lee Ward (in absentia)** – Duais Frederic Barnes Waldron don Mac Léinn is Féarr
3. **William Peter Farrington** – Teastas don Tionscadal is Féarr
4. **David Anthony Kelleher** – Teastas don Mac Léinn is Féarr

Ba í **Emma O'Connell**, mac léinn 4ú bliain BA (Onór) i Mínealaína fuair an dara háit sa Chomórtas Ealaíne in Airgeadas Tráchtála do Mhic Léinn. Píosa Meafarach Ilmheán Measctha a bhí ina hiontráil. Comórtas Uile-Éireann ardoideachais a bhí ann agus b'as Ollscoil Uladh don bhuaiteoir. Cuireadh thart ar 15 iontráil ó choláistí ealaíne sa tír uile ar an ngearrliosta.

Fógraíodh beirt bhall de chuid Chumann Seoltóireachta na hInstitiúide, **Nicholas O'Leary**, mac léinn 3ú bliain Staidéar Gnó agus **Aoife English** mac léinn 1ú bliain Staidéar Gnó ina mbuaiteoirí duaise sa tseachtain dar tús 3 Samhain 2007. Fógraíodh Nicholas "Cork Dry Gin Sailor of the Month" de chuid Afloat Magazine agus fógraíodh Aoife ina "Evening Echo Sportswoman of the Month".

Bhain **Noreen Lane**, mac léinn de chuid Oideachais Leantaigh i gCuntasáíocht, an 1ú Áit in Éirinn do dhá ábhar i scrúduithe Institiúid na gCuntasóirí Deimhnithe Poiblí in Éirinn.

Bhí ócáid na nDuaiseanna Bliantúla Sparánachtaí Spóirt de chuid CIT ar siúl ar 6 Nollaig 2007 san Oriel House Hotel ar 6.30 pm. Bhronn Craobh na Mumhan de Chumann Hacaí na hÉireann gradam ar **Chliodhna Sargent**, mac léinn 2ú bliain Fóillíochta & Áineasa, le déanaí as a cuid éachtaí hacaí.

Bhí Searmanas Bronnta Duaiseanna Dhámh na hInnealtóireachta 2008 ar siúl ar 17 Eanáir 2008 san Oriel House Hotel chun onóir a thabhairt do na céimithe is airde éachtaí sa dámh sa bhliain acadúil 2006/07. Roghnaíodh na faighteoirí astu siúd ba airde éachtaí ina gcatagóir i ngach ceann de na hocht roinn sa dámh.

Thug na buaiteoirí **Tim Crowley agus Ewen Pettit** agus

na hiomaitheoirí ceann comórtais **Richard Murray/Jessica O'Sullivan** agus **Alfred Scanlon/Ciara Gunn**, mic léinn ón BBus i Margaíocht, faoi mhargaíocht a dhéanamh ar thionscadal ar sheirbhís Leathanbhanda WiFi (gan sreang) a bhí molta i lár Chathair Chorcaí agus chuir siad a gcinntí agus a moltaí i láthair lucht éisteachta a bhí an-fhabhrach dóibh. Rinne siad staidéar ar spriocghrúpaí difriúla den tseirbhís WiFi a bhí molta agus ar conas ab fhearr margaíocht a dhéanamh ar leathanbhanda gan sreang le ráta ard glacachta a bhaint amach. Ba iad Cumann Tráchtála Chorcaí agus Comhairle Chathair Chorcaí a chuir tús leis an tionscadal.

Bhí ceathrar mac léinn ó Roinn na nDeiseanna Oideachais in iomaíocht sa Chomórtas Newstalk Case Study a reachtáladh in GMIT ar 27 agus 28 Eanáir 2008. Bhain cúig fhoireann déag as Institiúidí Teicneolaíochta as an 250 foireann a chuir isteach orthu áiteanna amach sna comórtais leathcheannais agus sna comórtais cheannais. Bhuaigh CIT a mbabhta leathcheannais agus chuaigh ar aghaidh don chomórtas ceannais. Bhí siad in iomaíocht ansin le daoine as Baile Átha Luain, Sligeach agus Tiobraid Árann. Bhí foireann CIT sa dara háit i gcomórtas frontair Newstalk. Ba í IT Shligigh a bhuaigh an comórtas. Mar leasbuaiteoirí, bronnadh seic ar €1,000 agus teastas ar CIT.

Rinneadh Bronntaí NMCI ar 12 Feabhra 2008 ar 3.00 pm.

As iontráil mhór ón tír uile, cuireadh triúr mac léinn ó CIT ar an ngearrliosta mar iomaitheoirí ceannais le haghaidh Chomórtas Ceannais Tionscadal Innealtóireachta [ImechE] Fiontar Éireann. Ba iad an triúr iarrthóirí rathúla ó CIT an líon ba airde iomaitheoirí ceannais ó choláiste aonair ar bith. Bhí na comórtais cheannais ar siúl ar 22 Feabhra 2008 ag Ceanncheathrú Innealtóirí Éireann, Droichead na Dothra, Baile Átha Cliath.

Ghnóthaigh **Kieran O'Callaghan** Duais don Tríú hÁit. Ba éacht mór é sin do mhac léinn ar an mbliain dheiridh den chéim.

Teideal an Togra: Dearadh agus Forbairt Áis Snámha do Dhaoine ar Dhroch-Radharc  
 Comhpháirtí Tionscail: An Chomhairle Náisiúnta do na Daill in Éirinn – Foireann Nuálaíochta Tosaithe Ildisciplíneach

Bhain **Xiao Fang Zhang** agus **Dave Galavan** clú amach dóibh féin nuair a rinne siad ionadaíocht do CIT sna Comórtais Cheannais. Ba iad a dtograí:

**Xiao Fang Zhang**  
 Teideal an Togra: 360 Degree Orientation Medical Infusion System Air Bubble Extractor  
 Comhpháirtí Tionscail: Ospidéal Ollscoile Chorcaí, an Fhoireann Nuálaíochta Tosaithe Ildisciplíneach  
 Maoirseoirí: Bernard O'Callaghan agus Colette Murphy, Léachtóirí

**Dave Galavan**  
 Teideal an Togra: Brain Aneurysm Treatment Platinum Coil Manufacture – Automated Mandrel Removal/Insertion System Design and Development  
 Comhpháirtí Tionscail: Boston Scientific, Corcaigh

Ba iad **Caolfhionn Ní Choileáin** agus **Emma Ó Corragáin**, buaiteoirí sna Comórtais don Ghiotár Clasaiceach Sóisearach (C) agus an Ghiotár Clasaiceach Sóisearach (B) i bhFeis Cheoil Bhaile Átha Cliath ar 7 Márta 2008.

Bhí an 6ú Duais CIT don Nuálaíocht ar siúl i gClós Nexus, Ionad na Mac léinn ar 13 Márta 2008. Thaispeáin Fiontraithe Mac Léinn a gcuid gnó le linn an taispeántais agus bronnadh ciste de €11,500 ar fad ar na hiontrálacha buachacha. Ba iad Boird Fhiontair Chontae Chorcaí agus Chathair Chorcaí urraí an chomórtais agus na duaiseanna airgid chomh maith.

Ba iad buaiteoirí Duais CIT don Nuálaíocht 2008 ná:

The winners of the CIT Prize for Innovation 2008 were:

	Duais	Ainm na Cuideachta	Roinn/Ranna
1ú Duais	€5,000	Aqua Eye	Córais Chuntasaíochta & Faisnéise
2ú Duais	€2,500	Lilly Publications	Staidéar Sóisialta & Ginearálta
Comh-3ú Duais	€1,500		Meta Sol
			Bainistíocht & Margaíocht
			Innealtóireacht Mheicniúil
			Innealtóireacht Bhithleighis
Comh-3ú Duais	€1,500	Med-O-Ware	Córais Chuntasaíochta & Faisnéise
			Innealtóireacht Mheicniúil
Seastán Taispeántais	€1,000	Lilly Publications	Staidéar Sóisialta & is Fearr Ginearálta Cumarsáid Ilmheán

Ba í **Maria Ryan**, mac léinn MA Ceolscoil CIT Chorcaí, buaiteoir Corn Aileen Gore agus Sparánacht Raymond Kearns ag Feis Cheoil Bhaile Átha Cliath a bhí ar siúl ar 14 Márta 2008. Bhí an comórtas ar oscailt do gach ionstraimí téide Éireannach idir na haoiseanna 17 agus 24 bliain. Mheall sé iontráil shuntasach de 23 de na hionstraimithe is fearr sa tír. Bhí sparánacht de €5,000 mar chuid den duais.

Craoladh comórtas Classic Jam RTÉ ar Chainéal 2 na teilifíse le linn na seachtaine dar tús 24 Márta 2008. Ba é **Fiachra Ó Corragáin**, mac léinn cláirsí ó Cheolscoil Chorcaí, an t-aon iomaitheoir as Corcaigh sna comórtais cheannais.

Ainmníodh Club Seoltóireachta CIT ar a n-áirítear **Nicholas O'Leary, George Kenefick, Joseph Bruen, Grahame Durcan, Deirdre O'Rourke, Aoife English** agus **Revlin Minihane** mar "Churaí Luamharachta Ollscoile na hÉireann don dara bliain as a chéile a bhí ar siúl ar 5 Aibreán 2008 i nDrom Inbhir, Loch Deirgeirt. Páirteach sa chomórtas bhí na 8 gcoláiste ba airde sna himeachtaí uile go dtí seo i mbliana, agus CIT chun tosaigh ar 45%, DIT ar 44% agus UCC 36%.

Bhí na Duaiseanna CIT-AIB do Chumainn agus Gníomhaíochtaí 2008 ar siúl san Oriel House Hotel ar 6.45 pm ar 9 Aibreán

2008. Bronnadh 12 duais ar fad, 5 dhuais ghrúpa agus 7 nduais aonair. Bhronn an tUachtarán Teastais Tuilteanaís.

Ar 7 Aibreán 2008, bhronn Uachtarán Innealtóirí Éireann, Jack Golden Uas., Duaiseanna céimí Innealtóireachta na hÉireann ar na mic léinn ba airde éachtaí in 2007 i ngach ceann de na Cláir chéime Innealtóireachta Onóracha Leibhéal 8 in CIT agus UCC. Bhí an searmanas bronnta ar siúl ag an Rochestown Park Hotel agus fuair na mic léinn seo a leanas duaiseanna:

- **Bill Quinn**, BEng (Onór) in Innealtóireacht Mheicniúil
- **James Fleury**, BEng (Onór) in Innealtóireacht Cheimiceach & Próiseas
- **Diarmuid Healy**, BEnG (Onór) in Innealtóireacht Struchtúrtha
- **Holger Heisler**, BEng (Onór) in Innealtóireacht Leictreonaice
- **Ger Geaney**, BSc (Onór) i gCórais Chumhachta Leictirí

Bhí an Annual Genesis Showcase Awards 2008 ar siúl ar 14 Aibreán 2008 ar 5.45 pm i gClós Nexus, Ionad na Mac Léinn, Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí. Ba é Micheál Martin, T.D., Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta a bhí i gceannas agus a bhronn na duaiseanna deireadh bliana.

Reáchtáladh comórtas CIT chun Innealtóir Nuálach CIT na Bliana 2008 a roghnú ar 17 Aibreán 2008 ar 7.00 pm in Amharclann Frank O'Connor, IT3.

#### **Céad Áit agus Innealtóir Nuálach CIT na Bliana 2008: Xiao Fang Zhang Uas.**

Teideal an Tionscadail: "Medical Infusion System Bubble Extractor Design and Development"  
Comhpháirtí Tionscail: Ospidéal Ollscoile Chorcaí

#### **Iomaitheoir Ceannais Dara hÁit: Kieran O'Callaghan Uas.**

Teideal an Tionscadail: "Design and Development of a Swimming Aid for the Visually Impaired"  
Comhpháirtí Tionscail: Comhairle Náisiúnta na hÉireann do na Daill

#### **Iomaitheoirí Ceannais Tríú hÁit (gan iad in aon ord ar leith): Malcolm Prinn Uas.**

Teideal an Tionscadail: "Traffic Message Transmission to Cars"  
Comhpháirtí Tionscail: Daimler AG

#### **Pat O'Mahony Uas.**

Teideal an Tionscadail: "Development and Implementation of a Prioritisation Strategy for Batch Chemical Manufacturing"  
Comhpháirtí Tionscail: Pfizer Ireland Pharmaceuticals

#### **Joseph Moynihan Uas.**

Teideal an Tionscadail: "Design of a Large Scale Dwelling to Current Building Regulations"  
Comhpháirtí Tionscail: Taighde agus Forbairt

#### **Aisling Dillon Uas.**

Teideal an Tionscadail: "GPS Interface to Wireless Sensor Network with Remote Tracking"  
Comhpháirtí Tionscail: Taighde agus Forbairt

Reáchtáladh comórtas CIT chun Teicneolaithe Innealtóireachta Nuálacha CIT na Bliana 2008 a roghnú ar 17 Aibreán 2008 ar 7.00 pm in Amharclann Frank O'Connor, IT3. D'fhógair Michael Delaney, ceann Forbartha, Cathaoirleach an Phainéal Breithnithe torthaí chomórtas 2008.

#### **Céad Áit agus Teicneolaithe Innealtóireachta na Bliana 2008: David Kennedy, John Leahy, Christopher Hayes, Colm Hayes**

Teideal an Tionscadail: "Concrete Pipe Lifting Attachment Design and Development"  
Comhpháirtí Tionscail: Taighde agus Forbairt

#### **Iomaitheoirí Ceannais Dara hÁit:**

##### **Aisha Amele, Anthony Bennis, Thomas Birney**

Teideal an Tionscadail: "Anti-whiplash Car Seat Headrest Device Development"  
Comhpháirtí Tionscail: Taighde agus Forbairt

#### **Iomaitheoirí Ceannais Tríú hÁit (gan bheith in aon ord ar leith) Seán Stack**

Teideal an Tionscadail: "Automation and Retro-fit of Powder Bagging System"  
Comhpháirtí Tionscail: Taighde agus Forbairt

#### **Kara Moloney**

Teideal an Tionscadail: "Alzheimer Patient Alarm"  
Comhpháirtí Tionscail: Taighde agus Forbairt

#### **Kate Lourdin, William Howie, Sam Ho**

Teideal an Tionscadail: "Redesign of Wheelchair Seat to Counteract Pressure Sore Development"  
Comhpháirtí Tionscail: Ospidéal Ollscoile Chorcaí

#### **Gary Cunningham**

Teideal an Tionscadail: "Colour Motion Tracking"  
Comhpháirtí Tionscail: Taighde agus Forbairt

#### **Robert McMahon, Kathleen McAuliffe, Alan Walsh, Cormac Harrington**

Teideal an Tionscadail: "Design and Development of Spatula Cleaner"  
Comhpháirtí Tionscail: ALPS

Bhí na Duaiseanna Spóirt CIT/CMP 2008 ar siúl ar 23 Aibreán 2008 ar 7.00 pm san Oriel House Hotel, Baile an Chollaigh. Bhí an Dr Michael Noonan i láthair thar ceann an Uachtaráin.

Bhuaigh **Matt Leahy**, mac léinn ar an gCócaireacht Ghairmiúil Bliain 2, Craobh Náisiúnta Chomortas Eispéaras Muiceola de chuid Bhord Bia ar 23 Aibreán 2008. Ghlac deichniúr cócairí óga ó Institiúidí Teicniúla agus ó ghnólachtaí tionscail páirt sa chomórtas ceannais a reáchtáladh in GMIT. Bhronn Trevor Sargent Uas., Aire Stáit le cúram Bia agus Gairneoireachta duais an bhuaiteora arbh fhiú €3,500 í.

Is í **Maria Ryan**, Veidhlín, mac léinn ar an gClár Múinte MA i Léiriú ag Ceolscoil CIT Chorcaí, buaiteoir Sparánacht

Ceoil RDS 2008. Bronnadh sparánacht dar luach €10,000 uirthi i gcomórtas a raibh na buaiteoirí is airde duaiseanna sna comórtais is sinsearaí ag Feis Cheoil Bhaile Átha Cliath páirteach ann.

Fógraíodh Foireann **Med--Ware**™ CIT ina mbuaiteoirí an Cruickshank Most Technologically Innovative Project Award ar 4 Meitheamh 2008 as na céadta iomaitheoir ón oileán uile ag an Enterprise Ireland/Invest Northern Ireland 25th Student Enterprise Awards. Ghnóthaigh Foireann **Med--Ware**™ duaiseanna airgid de €10,000 ina n-iomláine agus teacht ar sheirbhís Chomhairleoireachta Maoine Intleachtúla. Cuimsíonn an Fhoireann Ildisciplíneach **Med--Ware**™:

**Xiao Fang Zhang**, Baitsiléir Innealtóireachta (Onór) in Innealtóireacht Mheicniúil 4, Tionscnóir agus Dearthóir,  
**Michelle Bouse**, Baitsiléir Gnó (Onór) i gCórais Fhaisnéise 4,  
**Carmel Linehan**, Baitsiléir Gnó (Onór) i gCórais Fhaisnéise 4,  
**Peter Sullivan**, Baitsiléir Gnó (Onór) i gCórais Fhaisnéise 4.

Teideal an Tionscadail: "Medical Infusion System Bubble Extractor Design and Development"  
 Comhpháirtí Tionscail: Ger Flynn Uas., Príomhinnealtóir Bithleighis, FSS Réigiún an Deiscirt, Ospidéal Ollscoile Chorcaí  
 Maoirseoirí: Colette Murphy agus Bernard O'Callaghan Léachtóirí

Ar 10 Meitheamh 2008, deimhníodh ó Londain go raibh **Xiao Fang Zhang**, mac léinn ó Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí, curtha ar an ngearrliosta as iontráil mhór idirnáisiúnta ar an triúr Iomaitheoirí Ceannais Idirnáisiúnta deiridh don Vicon Prize le haghaidh Dearadh agus Forbairt Feiste Leighis ag an gComórtas Idirnáisiúnta Innealtóireachta Leighis a bhí le bheith á reáchtáil ag Birdcage Walk, Westminster, Londain ar 3 Iúil 2008.

Cuireadh tús leis an gComórtas Náisiúnta Scileanna 2008 san Institiúid ar 16 Meitheamh 2008. Bhí sé ar siúl sa Nexus, Ionad na Mac Léinn. Ba iad na comórtais a bhí ar siúl i mBaile an Easpaig ná:

Rialú Tionsclaíoch, Suiteálacha Leictreacha, Siúinéireacht, Déantús Miotail, Feistiú, Meicitreonaic. Reáchtáladh dhá chomórtas eile sa Phointe Thuaidh – Obair Phlástair agus Feistiú Gléasra Tógála.

Bhí an Searmanas Duaise ar siúl ar 20 Meitheamh 2008 sa Ghailearaí in Ionad na Mac Léinn. Labhair an Leas-Ardmhéara, an Comh. Mary Sheilds, an tAire Oideachais agus Eolaíochta, Batt O'Keefe, T.D., agus an príomhurra Pat Guilfoyle, Rúnaí Réigiúnach TEEU, leis an gcruinniú.

Fógraíodh gur buaiteoir glan amach an Siemens Engineers Ireland Innovative Engineer of the Year Award 2008 é **Kieran O'Callaghan**.



# *taighde & forbairt*

*Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí*

- 4.1** *Gníomhaíochtaí Forbartha*
- 4.2** *Gníomhaíochtaí Taighde*
- 4.3** *Naisc Fhorbartha Sheachtracha*
- 4.4** *Forbairt Campais*
- 4.5** *Bainistíocht Sábháilteachta & Saoráidí*

## 4.1 Gnóthaí Forbartha

Lean Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí de bheith ag cur gníomhaíochtaí forbartha chun cinn sa réigiún agus ag tacú leo. Bhí sí an-ghníomhach agus tacaíocht á cur ar fáil aici d'fhorbairt na fiontraíochta agus í i mbun taighde comhoibrigh le comhpháirtithe áitiúla.

Seoladh an fhéiniúlacht chorparáideach nua don Institiúid go foirmiúil i mí na Nollag 2007.

Corpraíodh an CIT Foundation Ltd (Fondúireacht CIT Tta) in 2007. Is é príomhchuspóir na Fondúireachta dul i mbun gníomhaíochtaí tionsaíthe airgid chun tacú le CIT ina sainordú oideachais, oiliúna agus taighde agus chun an bonneagar is gá a sholáthar.

### Clár Tionscnaimh Fhiontair

Mar chuid dá ról forbartha réigiúnaí, déanann CIT raon de thacaíochtaí a thairiscint d'fhiontraíthe agus gnólachtaí nua sa réigiún trína sraith de chlár tacaíochta agus tionscnaimh. Lean CIT den **Chlár Tosaíthe Fiontair** a thairiscint in 2007. Cuireann sé sin dearcadh réalúil tráchtála ar fáil d'fhiontraíthe féideartha i gcruithú gnólachtaí iomaíocha inbhuanaithe. Chuaigh roinnt mhaith de na rannpháirtithe ar aghaidh chun leas a bhaint as tionscnaimh eile de chuid CIT le haghaidh tosúithe gnólachta.

I mí an Mhárta 2008, rinne an **Clár Fiontair Genesis (GEP)** an 10ú bliain dá cuid feidhmíochta a cheiliúradh. Rinne níos mó ná 200 duine freastal ar an Searmanas Léirthispeántais agus Duaiseanna ón lucht gnó sa réigiún. Thug an tAire Gnóthaí Eachtracha, Micheál Martin, T.D., an príomhathasc. Mar chuid den searmanas bronnadh Duais Genesis Alumni tionscnaimh ar Kieran Moynihan, Leas-Uachtarán CTO Telecoms IBM Roinn Tivoli, Corcaigh.

Bhain **an tlonad Rubicon**, gorlann gnólachta ar campas CIT, a lán-acmhainneacht amach i mbliana. Agus breis agus 30 cuideachta ann, rinneadh an comhchruinniú de chuideachtaí tosaíthe is mó in Éirinn den ionad. Is sa Rubicon atá an Clár Fiontair Genesis lonnaithe agus cuireann sé raon de thacaíochtaí agus seirbhísí ar fáil dá chuid cliant. Chomh maith leis sin, tá ceangal ag 75% de na cuideachtaí san ionad leis an Institiúid ar bhealach amháin nó ar bhealach eile. Tá roinnt mhaith díobh ag baint tairbhe as an TEC (Ionad Ríomhaireachta Leabaithe do Theicneolaíochtaí). Lena chois sin, óstaíonn cuideachtaí san ionad cuairteanna mac léinn, tionscadail mac léinn agus mic léinn socrúcháin oibre.

### Duais CIT don Nuálaíocht

Ghlac níos mó ná 80 mac léinn páirt in 8ú Duais CIT don Nuálaíocht, comórtas a raibh €10,000 le buachan ann in airgead duaise chomh maith le deis iomaíochta don Teideal Fiontraíthe Náisiúnta Coláiste na Bliana agus sciar den airgead duaise de €50,000 agus tacaíocht meantóireachta. Ba é an Dr Edward de Bono, an t-údarás domhanda ar smaointeoireacht choincheapúil, an príomhchainteoir ag an searmanas bronnta. Chuimsigh an iontráil bhuach, Rígi Jig, foireann mac léinn ó Roinn na hInnealtóireachta Meicniúla.

### Tacaíocht do Thionscal

Leanann CIT de chúrsaí saincheaptha agus cineálacha a chur ar fáil do thionscal sa réigiún trína Clár Oideachais Leantaigh agus sainionaid (e.g. An tlonad d'Ard-Déantusaíocht agus Córais Bhainistíochta). Fóirdheonaíonn FÁS cuid mhaith de na cúrsaí (35 – 70%) faoin gclár “aon-chéime”. Déantar thart ar 20% de chlár thráthnóna CIT a fhóirdheonú ar an gcaoi sin. Déantar na cúrsaí a sheachadadh go solúbtha chun freastal ar riachtanais na bhfoghlaimoirí agus a gcuid fostóirí.

### Ciste Straitéiseach Nuálaíochta (SIF)

Tá an tionscadal SIF Timthriall 1 *Oideachas san Fhostaíocht* ag feidhmiú i gcónaí a chinntíonn go ndéanfar an soláthar foghlama níos inrochtana agus níos ábhartha le haghaidh foghlaimoirí agus fostóirí san ionad oibre.

Le linn 2007, rinneadh togra rathúil –Roadmap for Employer-Academic Partnership (REAP) – *Plean Oibre do Chomhpháirtíocht Fostóirí-Acadúil* faoi Thimthriall 2 den Chiste Straitéiseach Nuálaíochta. Tógann an tionscadal ar an rath a bhain leis an tionscadal Oideachas san Fhostaíocht Timthriall 1 agus déanann iarracht an ceangal comhpháirtíochta idir Fostóirí agus Institiúidí Ardoideachais a fhorbairt agus a leathnú. Baineann an cuibhreannas, atá faoi threoir CIT, le cúig Institiúid Teicneolaíochta agus dhá Ollscoil agus is é an buiséad iomlán don tionscadal ná €8.4m. Is iad príomhaidhmeanna REAP ná acmhainneacht na comhpháirtíochta a iniúchadh, trí anailís a dhéanamh ar na riachtanais foghlama sa láthair oibre, athbhreithniú ar eiseamláirí comhpháirtíochta, sainchúrsaí a fhorbairt, malartuithe foirne idir institiúidí ardoideachais agus láithreacha oibre agus conairí iarchéime gairmiúla a fhorbairt.

Chomh maith le REAP, tá CIT ina comhpháirtí i roinnt tionscadal eile SIF Timthriall 2 ar a n-áirítear:

- Faoi threoir IoTI Aghaidh á tabhairt ar riachtanais Eacnamaíocht an Eolais
- Faoi threoir DIT Bainistíú Straitéiseach agus Athrú
- Faoi threoir UCC Rannpháirtíocht a Leathnú – Droichid don Foghlaim
- Faoi threoir WIT Aistriú eolais sa churaclam
- Faoi threoir DKIT Céimí Fiontraíoch a Chruthú



## 4.2 Gníomhaíochtaí Taighde

### Gníomhaíocht Taighde agus Forbartha – Ginearálta

Sa bhliain 2008 ghnóthaigh an Institiúid méid iomlán de €13 milliún i gcistiú a raibh iomaíocht ag baint leis, rud a rinne de CIT ceann de na hInstitiúidí Teicneolaíochta is rathúla i dtéarmaí ioncain taighde. D'fhoilsigh taighdeoirí CIT 150 páipéar comhdhála (a ndearnadh léirmheas piara ar bhreis agus 50% díobh) agus 77 páipéar irise a ndearnadh léirmheas piara orthu; rinneadar 57 cur i láthair ar cuireadh; bhí baint acu le 250 cuideachta i dtionscadail T&F; agus chuireadar i gcrích níos mó ná 200 tionscadal fochéime in éineacht le comhpháirtíochtaí tionscail. Tugadh iomlán de 12 bhall foirne ar iasacht le bheith ag obair go lánaimeartha i dT&F agus i réimsí gaolmhara i dtionscal. D'oibrigh an Institiúid an dara hionad Goir Ghnó ar champas is mó san earnáil tríú leibhéal, agus tá cead leathnaithe sealadach faighte ó Fhiontar Éireann. Thacaigh sí freisin le 140 cuideachta tosaithe trína Clár Fiontar Genesis. Chuir baill foirne de chuid na hInstitiúide 3 phaitinn i gcomhad in 2008 agus tá trí cinn eile ar feitheamh.

### Forgneamh Nua Taighde Úrscothach agus Tiomnaithe

In 2008, chuir CIT tús leis an Ionad Taighde NIMBUS a thógáil, agus é maoinithe faoi PRTL I V ar chostas iomlán de €13.6m. Is foirgneamh úrscothach taighde agus nuálaíochta de 1800 m.cr. é seo. Nuair a bheidh sé lán-tógtha go déanach in 2009, beidh cóiríocht ann do thaighdeoirí ó CIT agus dá gcomhpháirtithe acadúla (11 institiúid Éireannach agus 7 thar sáile) agus tionsclaíochta (thart ar 30 fiontar beag/meánach (SMEnna) agus roinnt Cuideachtaí Innáisiúnta (MNCanna)), a dhéanfaidh cláir taighde agus nuálaíochta ar theicneolaíochtaí gan sreang. Go háirithe déanfaidh an t-ionad taighde ar chaighdeán domhanda faoi conas a d'fhéadfadh líonraí braiteoirí gan sreang feabhas a chur ar éifeachtacht fuinnimh i bhfoirgnimh agus faoi conas a d'fhéadfáidís cur le beatha chuidithe do dhaoine aosta, gonta agus breoite. Beidh cóiríocht san Ionad don 55 taighdeoir atá ag obair faoi láthair sa ghrúpa teicneolaíochtaí gan sreang, agus tiocfaidh ardú ar an líon sin go dtí 80 nuair a bheidh foirgneamh NIMBUS críochnaithe. Is é a bheidh i NIMBUS ná an t-ionad náisiúnta le haghaidh taighde ar conas a d'fhéadfadh líonraí braiteoirí gan sreang feabhas a chur ar ár saol, agus beidh sé ina acmhainn náisiúnta do thionscal a thacóidh go díreach le cruthú jabanna agus inbhuanaitheachta trí eolas ceannródaíoch a ghiniúint agus a bhainistiú.

### Research2014

Rinne CIT a Straitéis chuimsitheach Taighde, ar a dtugtar Research2014, a uasghrádú don tréimhse 2007-2014. Sainnadh an straitéis na trí Bhraisle Straitéiseacha Taighde – na réimsí tosaíochta taighde i dTeicneolaíochtaí Gan Sreang, Ard-Innealtóireacht Theiripeach agus Fótóinic. Tá dhá réimse eile taighde a bhfuil dea-chosúlacht orthu – Innealtóireacht Bhithleighe agus Taighde ar Bhithbhreosla – sainnaitheanta agus tacaíocht straitéiseach á fáil acu faoi láthair. Rinne Research2014 an t-iarratas PRTL I Timthriall IV a bhuntacú agus bíonn sé luaite go forleathan mar thacaíocht le hiarratais rathúla ag taighdeoirí Institiúide.

### Táscairí Taighde agus Forbartha Reatha

Cés moite den chlár PRTL I, léiríonn feidhmíocht CIT agus comhoibríthe á bhforbairt aici agus maoiniú á mhealladh dá cuid taighde faoi chomórtais éagsúla náisiúnta agus idirnáisiúnta, fás suntasach leanúnach i roinnt réimsí.

In 2008, thug Fundúireacht Náisiúnta Eolaíochta na hÉireann €1.3m do thaighdeoirí i bhFótóinic le haghaidh taighde ar léasair ardluais “ponc-chandaim” (quantum dot), a d'fhéadfadh luas cumarsáide a mhéadú ar ball feadh cáblaí snáthoptaice. D'oscail na taighdeoirí an tIonad **CAPPA** (Centre for **A**dvan**P**hotonics and **P**rocess **A**nalysis – an tIonad Ard-Fhótóinic agus Anailíse Próiseas) ar thug Fiontar Éireann maoiniú de €1.25m dó. Is é seo an dara hionad taighde de chuid na hInstitiúide atá faoi thionchar Tionscail (faoin Scéim Feabhsúcháin Ard-Taighde de chuid Fiontar Éireann).

D'oscail taighdeoirí CIT ar Innealtóireacht Bhithleighe an tríú hionad de chuid na hInstitiúide atá faoi thionchar Tionscail go luath in 2008 agus deontas de €1.25m ó Scéim ARE de chuid Fiontar Éireann aige. Tá an t-ionad **MEDIC** (Medical Engineering Design and Innovation Centre) ag forbairt gléasanna nua agus cur chuige gach bliain a dhéanfaidh forbairt ar choincheapa táirge leighis go dtí staid an réamhthráchtálaite.

Faoi “Scéim Deontais Taighde Trealaimh na hInstitiúidí Teicneolaíochta” de chuid Fiontar Éireann, bhain taighdeoirí CIT leas as €580,000 chun tacú le taighde ar Theicneolaíocht Fhótóinice agus Scannáin. Ba chabhair mhór an deontas deiridh seo d'Ionad Náisiúnta na Teicneolaíochta Scannáin, atá lonnaithe laistigh de Roinn na hInnealtóireachta Ceimicé agus Próiseas.

Faoin Scéim Athnuachana Trealaimh de chuid an ÚAO, chuir taighdeoirí athchóiriú de €295,000 i gcrích sna réimsí Innealtóireacht Ard-Theiripeach agus Fótóinic.

Fuair CIT maoiniú de €300,000 ón Roinn Talmhaíochta agus Bia le haghaidh tionscadal a bhfuil baint acu le taighdeoirí de chuid Roinn na mBitheolaíochtaí.

Fuair CIT maoiniú tábhachtach freisin ó Fhiontar Éireann faoi roinnt scéimeanna:

- Roinnt tionscadal taighde agus forbartha tionscal-treoraithe faoin Scéim Comhpháirtíochta Nuálaíochta. Ba cheart a thabhairt faoi deara gur gá íosghealltanais maoinithe de 25% ó gach ceann de na tionscadail ón gcomhpháirtí tionsclaíoch de bhreis ar aon inchur eile neamh-airgid
- Bronnadh roinnt tionscadal Cruthúnas Coincheapa chun gur féidir le taighde bogadh i dtreo bhealach an tráchtálaite
- Bronnadh cláir Taighde Tionscal-Theoraithe ar dhá Roinn áit ar tugadh CIT isteach sna tionscadail mar chomhpháirtithe taighde.

Tugadh roinnt tionscadal eile AE do Roinn na hInnealtóireachta Leictreonaice dar luach thart ar €250,000.

Tugadh líon mór deontas eile do thaighdeoirí éagsúla ar fud CIT thar Ranna éagsúla ó áisíneachtaí maoinithe amhail an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (EPA), Institiúid na Mara, Roinn na Mara, an Bord Taighde ar Shláinte agus an tÚdarás Sábháilteachta Bia.

Chomhoibrigh an Oifig Taighde leis na Dámha éagsúla chun comhairle a chur ar fáil maidir le conas a d'fhéadfaidís a Straitéis Taighde Dáimhe a ullmhú. Chuir an Oifig mórscrúdú fud fad na hInstitiúide i gcrích chun go dtuigfí níos fearr na baic a chuir cosc le baill foirne bheith rannpháirteach i dtaighde.

### Réimsí Reatha Speisialtóireachta agus Saineolais

D'ainneoin an tsaineolais shuntasach laistigh de na trí Bhraisle Straitéiseacha Taighde (BíST), is gné thábhachtach den Taighde agus den Fhorbairt in CIT le blianta beaga í an ghníomhaíocht leanúnach a bhaineann le roinnt grúpaí taighde a bhfuil cion suntasach á dhéanamh acu ina réimsí éagsúla gníomhaíochta. Tá an raon leathan gníomhaíochta seo, agus a gcion atá ag dul i méid sna réimsí "Fuinneamh" agus "Athru Aeráide", uathúil i measc IIT.

Is mar seo a leanas atá na príomhréimsí taighde:

- Teileachumarsáid, Córais Oiriúnaitheachta Gan Sreang
- Bitheolaíocht Mhóilíneach/Géineolaíocht Mhóilíneach Fheidhmeach, Imshaol (Muirí agus Fionnuisce), Modheolaíocht Bhithanailíseach, Diagnóisic Leighis, Sábháilteacht Bia agus Cáilíocht Táirge
- Éiceatocsaineolaíocht, Prótéamaíocht, Monatóireacht & Rialú Truailithe, Glanteicneolaíochtaí Táirgeachta, Forbairt Inbhuanaithe, Bainistiú Timpeallachta agus Cáilíocht Aeir
- Fisic Dhromchla, Eolaíocht Ábhar, Nanaitheicneolaíocht, Ionstraimí Ríomhairithe, Bithfhisic, Réaltfhisic, Fótóinic/Optaic
- Innealtóireacht Leictreonach: Próiseáil Nua-aimseartha Comharthaí, Rialú Oiriúnaitheachta, Feidhmeanna i gCórais Chumarsáide, Córais Chumhachta Leictreonaic, Innealtóireacht Bhogearraí, Optaleictreonaic
- Innealtóireacht Mheicniúil, Strusanailís, Fuinneamh In-atnuaite, Cóimhiotail Alúmanaim, Tomhas Comhpháirteanna Tuirbín, Bithbhreoslaí agus Innealtóireacht Bhithleighis
- Forbairt Bhogearraí, Líonraí Néaracha
- TFC in Oideachas, Foghlaim Ghréasán-bhunaithe, Ilmheáin Dhigiteacha, Foghlaim Obair-bhunaithe, Oscailte agus Cianfhoghlaim, Creata Deimhniúchán/Cáilíochtaí agus Anailís Riachtanais Scileanna/Inniúlachta
- Cúram Sóisialta
- Ealaín agus Dearthadh – ábhair nua agus ábhair dhúchasacha (taighde ceirmeachta agus teilgchearta)
- Ceol (Cumadóirí Éireannacha 20ú hAois)

Tá an taighde sin le cois an taighde agus na comhairleachta a dhéantar laistigh d'Ionad Teicneolaíochta san Institiúid. Is ionaid acmhainní náisiúnta iad na hionaid sin agus cuireann siad ar fáil saineolas, comhairle agus cabhair neamhspleách d'earnálacha difriúla comhlachtaí tionscail, gnó agus rialtais. Cuimsíonn siad:

- **An tIonad d'Anailís Dromchla agus Comhéadain (CSIA).** Is sainsaoráid an tIonad seo le haghaidh anailíse ar ábhair agus chomhéadain dromchlaí. Príomhfhócas atá ag an CSIA faoi láthair is ea monatóireacht ar phointe cúraim a fhorbairt don earnáil cúram sláinte.
- Cuireann **an tIonad do Chórais Ard-Déantúsaíochta agus Bainistithe (CAMMS)** deiseanna ar fáil don duine aonair agus do chuideachtaí staidéar a dhéanamh ar mhaithe le cáilíochtaí agus chun cáilíochtaí a bhaint amach i sainréimsí chomh maith le seirbhísí taighde agus comhairleachta do raon tionscail i réimsí mar leagan amach agus optamú próiseas.
- Cuireadh **an tIonad do Theicneolaíocht Ghlan (CTC)** ar bun mar fhreagra ar riachtanas atá ag síordhul i méid chun dramhaíl a íoslághdú ag an bhfoinse mar mhalairt ar chóireáil agus diúscairt dramhaíola. Cuireann an t-ionad seo oiliúint agus comhairleacht ar fáil do thionscail chomh maith le taighde ar theicneolaíochtaí táirgeachta níos glaine, rangú dramhaíola agus íoslághdú dramhaíola, ag na leibhéil náisiúnta agus AE. Ba é an láimhdeachas in 2007 ná thart ar €1m.
- Cuireadh **an tIonad Teicneolaíochta do Ríomhaireacht Leabaithe (TEC)** ar bun in 2006 agus bhí sé an-ghníomhach in 2008 i mbun gníomhaíochtaí taighde idir é féin agus thart ar 50 cuideachta.

Lean Réadlann na Carraige Duibhe dá feidhmíocht an-láidir mar thionscnóir náisiúnta innealtóireachta agus eolaíochta agus thug breis agus 45,000 duine cuairt uirthi in 2008. Ba í an réadlann an ceann scríbe oideachasúil ba mhó tóir i gCathair agus i gContae Chorcaí do mhic léinn dara leibhéal. D'ostaigh sí cuid mhaith imeachtaí d'ardphróifíl agus chuir sí an eolaíocht chun cinn sa tsochaí i dtionscail eolas-bhunaithe áitiúla agus náisiúnta agus i gcúrsaí ealaíne agus oidhreachta. Is le Comhairle Cathrach Chorcaí an caisleán agus déanann CIT bainistiú air. Faoi láthair tá cóiríocht ann do 4 mhac léinn PhD agus do mhac léinn MSc amháin in éineacht le 3 bhall foirne lánaimseartha. (Láithreán gréasáin: [www.bco.ie](http://www.bco.ie))

### Tionchar Thaighde ar Theagasc agus ar Foghlaim don Mhac Léinn

Tá an tionchar dearfach a bhíonn ag taighde ar oiliúint agus ar oideachas fochéime ag dul i dtábhacht i gcónaí agus tá CIT ar thús cadhnaíochta ag neartú an naisc idir an dá cheann sin. Is iomaí sampla atá ann den rath agus tá sampla á liostú thíos:

Déanann an **Bhraisle Straitéiseach Taighde NEMBES (SRT)** modúil a sheachadadh ag gach leibhéal fochéime agus ag leibhéal máistir i nDámh na hInnealtóireachta. Déanann taighdeoirí modúil shaor-rogha a sheachadadh freisin ar thopaicí a bhfuil nasc acu le taighde ar a n-áirítear modúl ar mhicriteicneolaíocht agus nanaitheicneolaíocht a chuimsíonn cuairteanna ar ionaid náisiúnta taighde sa réimse sin agus modúl ar Idéanna, Áireagáin, Nuálaíochtaí

ina dtugtar tacaíocht do mhic léinn chun a gcuid idéanna nua teicneolaíochta féin a fhorbairt agus a fhréamhshamhaltrú. Baineann bordáil ar 175 mac léinn fochéime de chuid na hInnealtóireachta Leictreonaice tairbhe as. Is í an ghéag tionscail den NEMBES SRC a reáchtálann an t-ionad Tionscail TEC, an Scoil bhliantúil Intéirneachta GAINÉ (**Gr**Aduate **I**ndustry **E**xperience) agus bíonn bordáil ar 20 fochéimí ag freastal ar léachtaí saineolach agus ag obair ar thionscadail taighde tionscal-dhírthe i réimse na gcóras leabaithe gan sreang.

Déanann **BioPharmChem SRC** modúil taighde nasctha a sheachadadh ar roinnt comhdhámhachtainí in éineacht le UCC, ar a n-áirítear an BSc in Eolaíocht Bhithleighis, na MScanna in Eolaíocht Bhithleighis agus i nDéantúsaíocht Cúram Sláinte i dteannta modúl do BSc na Ceimice ar “Theoiric agus Feidhmíocht LC-MS, GC-MS” agus “Iarmhair Cheimiceacha agus Anailís Drugaí”. Baineann an SRC freisin le tionscadail chomh-mhaoirsithe MSc/PhD, go príomha le UCC agus Teagasc. Gach bliain cuireann bordáil ar 40 mac léinn tionscadail taighde fochéime i gcrích agus saoráidí saotharlainne taighde BioPharmChem á n-úsáid acu agus le tacaíocht ó chóras meantóireachta ina bhfuil taighdeoirí agus iardhochtúireachtaí le taithí i gceist léi.

D’óstaigh **Fótóiníc SRC** 17 fochéimí ceathrú bliana ina gcuid saotharlanna ag Institiúid Náisiúnta UCC-Tyndall le linn na dtrí bliana seo caite. Bíonn fochéimíthe bainteach le cruinnithe míosúla in éineacht le grúpaí eile in Tyndall chun a smaointe a roinnt agus chun teagmháil a bheith acu leis na forbairtí is déanaí i dtaighde fótóinice. Déanann taighdeoirí san Fhótóiníc SRC modúil a sheachadadh ar thopaicí a bhfuil nasc acu le taighde in innealtóireacht optaice le haghaidh eolaithe agus innealtóirí. Baineann thart ar 230 fochéimí tairbhe as. Rinne SRC múinteoirí meánscoile a óstáil faoi na cláir SFI STAR agus EUREKA. Cuireann géag tionscail d’Fhótóiníc SRC, Ionad Tionscail CAPPA, modúl amháin ar fáil a bhfuil nasc aige le taighde ar “Innealtóireacht Thionsclaíoch Optaice” d’fhochéimíthe ag Leibhéal 8.

Tugann fochéimíthe na ceathrú bliana **Innealtóireachta Bithleighis agus Meicniúla** faoi thionscadal bliana ina ndéanann siad táirge a fhorbairt ó choincheap go fréamhshamhail, agus plean margaióchta agus gnó á ghiniúint acu freisin. Agus iad á dteagasc ag taighdeoirí, ghnóthaigh mic léinn de chuid an chlár seo chéad duais I.Mech.E don Tionscadal Idirnáisiúnta is Fearr i gCéim na Innealtóireachta Leighis cúig huairé sna hocht mbliana seo caite, agus an dara háit sna 3 bliana eile. Reáchtálann foireann taighde an Ionad Tionscail MEDIC seimineáir d’fhochéimíthe innealtóireachta, eolaíochta agus staidéar gnó agus d’iarchéimíthe ar an bPróiseas Forbartha Táirge.

**Ag leibhéal na hInstitiúide**, reáchtálann na hOifigí Taighde agus Forbartha láithreachtaí ar stádas reatha agus deiseanna taighde in CIT d’fhochéimíthe agus d’iarchéimíthe. Reáchtálann Dámha Aonair seimineáir, ceardlanna, comórtais éagsúla agus tionscnaimh eile dá gcuid féin.

## Comhoibriú Taighde níos Tréine á bhForbairt

Aithníonn CIT gurb é an comhoibriú an eochair chun cainníocht agus cáilíocht gach a ndéanann sí a uasmhéadú. Mar chruthú air sin tá siad seo a leanas:

- Is fíorthosaíocht dár gcuid é **comhpháirtíochtaí straitéiseacha a fhorbairt le UCC** trí dhírú ar láidreachtaí traidisiúnta CIT agus ar dhlúthnasc le tionscal. Samplaí de sin is ea roinnt comhaontuithe foirmiúla a chuimsíonn cúrsaí cómhúinte (Eolaíochtaí Bithleighis, Ailtireacht, Déantúsaíocht Bhith-theic) agus taighde (Bitheolaíochtaí, Bia agus Sláinte, TFC, Fuinneamh). **Tá comhchleachtadh mapála ar siúl faoi láthair a dhéanfaidh deiseanna le haghaidh breis comhoibríthe i réimsí eile.** Is comhoibrí suntasach í CIT freisin le hInstitiúid Tyndall ag UCC áit a bhfuil 22 mac léinn iarchéime bunaithe agus iad cláraithe go lánaimseartha le CIT.
- Agus í á haithint go mbronnann gaireacht do **chleachtóirí cliniciúla** in ospidéal mór teagasc cuid mhaith breise leis an luach, tá comhoibríthe torthúla bunaithe ag CIT le hOspidéal Ollscoile Chorcaí sna bitheolaíochtaí agus in innealtóireacht bhithleighis. Is comhoibrí suntasach é Teagasc freisin a chuireann le líonra nuálaíochta réigiúnach atá ag forbairt anois go gasta. Tá stair an chomhoibríthe fhoirmiúil freisin ag an Institiúid le hInstitiúidí Ardoideachais eile in Éirinn (e.g. TCD, UCD, DCU, UL, NUIG, WIT).
- Oibríonn **comhoibríthe eanála príobháidí** tionchar ar an gcur chuige a ghlactar le buntaighde sa mhéid is go gcaithfidh taighdeoirí roinnt teorainneacha a chur lena dtaighde d’fhonn acmhainneacht tráchtála a bhaint amach; agus iad faoi thionchar rudaí ar nós íogaireacht chostais agus éileamh dóchúil margaidh. Cuirtear feabhas air sin le nasc na hInstitiúide le cuideachtaí ilnáisiúnta (e.g. Roche, Novartis, Glanbia, EMC, Boston Scientific agus Stryker) agus cuideachtaí dúchasacha (e.g. Redmere, Enbio, Audit Diagnostics).
- **Comhoibriú Idirnáisiúnta:** Féadfaidh an Institiúid an-rath a léiriú agus deontais á bhfáil aici ó chomórtais mhaoinithe taighde idirnáisiúnta a raibh baint ag comhoibríthe tábhachtacha le comhpháirtíthe thar sáile leo. Ar na hInstitiúidí comhpháirtíochta áirítear ollscoileanna ag Bremen, Texas, Roskilde, Valencia, Glaschú, Bari, Graz (TU), Dún Deagh agus UCLA chomh maith le roinnt eile. Tá comhoibríthe luachmhara ar siúl ag an Institiúid freisin sa réimse teagasc agus foghlama faoi chlár éagsúla (e.g. le Memorial University, Darmstadt, Illinois Institute of Technology).

## 4.3 Naisc Fhorbartha Sheachtracha

Le linn na bliana lean an Institiúid de naisc a chothú agus a chur chun cinn le heagraíochtaí agus institiúidí seachtracha go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta araon. Orthu sin bhí:

- IDA
- FÁS
- Fiontar Éireann
- Bord Fiontar Chathair Chorcaí
- Bord Fiontar Chorcaí Theas
- Bord Fiontar Chorcaí Thuaidh
- CorkBIC
- Cumann Tráchtála Chorcaí
- it@cork
- Cork Electronics Industry Association

### Bith-Thionscnaimh Chorcaí-Cook

Bhí an Leifteanantghobharnóir Pat Quinn de chuid Cook County, Chicago, i gceannas ar mhisean Bith-Thionscnaimh go Corcaigh le linn na bliana. D'óstaigh Comhairle Contae Chorcaí an misean tar éis comhpháirtíocht shuntasach a fhorbairt le Cook County. Chuimsigh an chuairt cruinnithe in CIT a bhfuiltear ag súil go dtiocfaidh naisc níos láidre le Chicago agus le Illinois Institute of Technology go háirithe mar thoradh orthu.

### Gníomhaíochtaí Idirnáisiúnta

#### Clár Foghlama ar Feadh an tSaoil: Erasmus

Le linn 2007/2008, lean na gníomhaíochtaí faoin gclár LLP Erasmus de bheith ag forbairt. Bronnadh Cairt Ollscoile Leathnaithe Erasmus ar Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí don tréimhse 2007-2013, rud a chuireann ar chumas na hInstitiúide cur isteach ar mhaoiniú soghluaisteachta chun malartuithe agus socrúcháin mhac léinn a airgeadú agus a oibriú, chomh maith le malartuithe foirne acadúla agus cuairteanna forbartha foirne, ar bhonn bliantúil.

Ghlac 19 mac léinn amach san iomlán agus 130 mac léinn isteach páirt sa chlár Staidéar Malartaithe Erasmus sa bhliain acadúil seo. Tugadh naoi gcuairt teagaisc acadúil Erasmus freisin. Mhainigh an clár LLP Erasmus socrúcháin do 13 mhac léinn CIT le linn na bliana acadúla. (Roimhe sin is tríd an gClár Leonardo da Vinci a maoiníodh socrúcháin). Fuarthas tacaíocht Erasmus freisin chun trí Chuairt Ullmhúcháin Erasmus a mhaoiniú, trínar éascaíodh cuairteanna ar institiúidí nua comhpháirtíochta san Iodáil agus sa RA, a bhain le Roinn na Cumarsáide Ilmheán agus Ceolscoil CIT Chorcaí.

Is iad seo a leanas na ranna a raibh baint acu leis an gclár malartaithe le linn na bliana Acadúla:

- Fisic Fheidhmeach & Ionstraimíocht
- Ealaín & Dearadh
- Eolaíochtaí Bitheolaíoch
- Staidéar Gnó

- Innealtóireacht Cheimiceach & Próiseas
- Ceimic
- Innealtóireacht Shibhialta, Struchtúrtha & Chomhshaoil
- Foirgníocht & Ailtireacht
- Innealtóireacht Leictreonaice
- Ríomhaireacht
- Innealtóireacht Mheicniúil
- Cumarsáid Ilmheán
- Ceol
- Coláiste Náisiúnta Mara na hÉireann
- Staidéar Sóisialta & Ginearálta
- Staidéar Turasóireachta & Fáilteachais

Tharla malartuithe le hinstiúidí comhpháirtíochta sna tíortha seo a leanas: An Ostair, An Danmhairg, An Fhrainc, An Fhionlainn, An Ghearmáin, An Ísiltír, An Spáinn, An Bheilg, An Pholainn, An RA, Poblacht na Seice, An Iodáil, An Ungáir, An Ghréig agus An Rómáin.

Tharla ceann de na himeachtaí ar éirigh thar cionn leo a bhain le clár malartaithe amach Erasmus le linn 2007 go 2008 nuair a chuaigh mac léinn 4ú bliana Staidéar Gnó chun staidéar a dhéanamh ag an Blekinge Tekniska Hogskola, sa tSualainn, agus a bhain céim Máistir amach san institiúid óstaíochta, agus a fuair a chéim Baitsiléir Staidéar Gnó go hOnóracha ag an am céanna ó CIT.

Leanann gníomhaíochtaí agus comhpháirtíochtaí malartuithe Erasmus CIT de bheith ag fás agus ag forbairt, agus tá tionscadail nua chomhoibritheacha, amhail Dianchláir, á bhforbairt ag roinnt ranna acadúla.

#### Scoláireacht Síochána George J. Mitchell

Lean CIT dá rannpháirtíocht sa chlár scoláireachta malartaithe seo, a bunaíodh le comóradh a dhéanamh ar Chomhaontú Aoine an Cheasta. Tháinig beirt mhac léinn ó Maine ar feadh seimeastair an duine agus chaith mac léinn amháin de chuid CIT bliain acadúil iomlán ag an Southern Maine Community College.

#### Cláir AE-Ceanada in Ardoideachas, Oiliúint agus Óige

Rinneadh an clár AE-Ceanada a fhoirmiú d'fhonn comhthuisceant a chur chun cinn idir muintir Ceanada agus muintir an Aontais Eorpaigh ar a n-áirítear eolas níos leithne ar a dteangacha, a gcultúir agus a gcuid institiúidí.

D'éirigh le CIT maoiniú a fháil le haghaidh dhá thionscadal faoin gClár AE-Ceanada 2006-2013

1. An Bia-Nasc
2. M-CAPSS

## An Bia-Nasc

Is comhpháirtíocht chomhoibritheach é an Tionscadal Bia-Nasc idir trí institiúid i gCeanada agus trí institiúid san Eoraip. Cuireann an clár atá ar fáil tríd an tionscnamh seo ar chumas mac léinn sna hinstitiúidí comhfhreagracha staidéar a dhéanamh thar sáile sna réimsí teicneolaíocht an bhia, córais cháilíochta bia, sábháilteacht bhia agus trádáil idirnáidiúnta i mbia. Cuirfidh an tionscadal deis ar fáil do thríocha mac léinn ón Eoraip taisteal go dtí ceann de na hinstitiúidí comhpháirtíochta i gCeanada ar feadh tréimhse sonraithe staidéir. Mar mhalairt, déanfaidh tríocha mac léinn ó na comhpháirtithe Ceanadacha comhfhreagracha staidéar i gceann de na trí institiúid san Eoraip. Beidh deiseanna malartaithe dáimhe ar fáil chomh maith. Cuirfidh malartuithe struchtúrtha do shainbhaill foirne teagaisc agus do riarthóirí cur le cur chun cinn ar bhealach suntasach cuspóirí an tionscadail, go mór mór forbairt curaclaim, measúnú ar shoghluaiseacht mic léinn agus modheolaíocht measúnaithe cúrsa. Is é achar ama an Tionscadail Bhia-Nasc ná trí bliana agus is é an dáta críochnaithe ná Meán Fómhair 2010.

## Sábháilteacht agus Slándáil d'Fhoireann agus do Phaisinéirí Mara (M-CAPSS)

Cuirfear Ionad Sábháilteachta agus Slándála d'Fhoireann agus Paisinéirí Mara (M-CAPSS) ar bun a mbeidh baint ag sé institiúid chomhpháirtíochta leis san AE agus i gCeanada. Cuirfidh an tionscadal deis ar fáil do thríocha mac léinn ón Eoraip taisteal go dtí ceann de na hinstitiúidí comhpháirtíochta i gCeanada ar feadh tréimhse sonraithe staidéir. Mar mhalairt, déanfaidh tríocha mac léinn ó na comhpháirtithe Ceanadacha comhfhreagracha staidéar i gceann de na trí institiúid san Eoraip. Beidh deiseanna malartaithe dáimhe ar fáil chomh maith. Is é cuspóir foriomlán an M-CAPSS ná leas a bhaint as láidreachtaí gach ceann de na hinstitiúidí rannpháirteacha d'fhonn oiliúint a dhearadh agus a sheachadadh atá reatha, a bhfuil éileamh uirthi, agus í riachtanach i dtionscal na mara sa lá atá inniu ann. Bainfear úsáid aisti chun feabhas a chur ar thaithí, scileanna agus eolas an mhic léinn. Is é fócas agus téama topaicíúil an tionscadsail ná Sábháilteacht agus Slándáil.

## 4.4. Forbairt Campais

### Ionad Acmhainní Foghlama

Cheadaigh an Roinn Oideachais agus Eolaíochta caiteachas ar oibreacha cumasúcháin don tionscadal seo. Cuireadh na hoibreacha riachtanacha i gcrích. Lóisteáladh iarratas pleanála imlíne don fhorbairt agus tugadh cead i Lúnasa. Tá sonraí maidir leis an gconradh CPP á bhforbairt.

### Ionad na Mac Léinn

Rinneadh dul chun cinn i dtógáil na n-aonad miondíola ag Ionad na Mac Léinn in 2007/08. Osclaíodh an Bistro le haghaidh gnó in Eanáir 2008. Síníodh an léas don Siopa Bearrbóra i mBealtaine agus an 1 Meán Fómhair mar dháta pleanáilte oibriúcháin dó. Cuireadh tuairisc isteach leis na breac-roghanna maidir le straitéis chinnte a bhunú don bheár atá molta.

### Athchóirithe agus Oibreacha Eile

Rinneadh athchóirithe suntasacha ar fud na hInstitiúide le linn na bliana acadúla. Mar chuid den obair a rinneadh sna seomraí ranga ag Campas Bhaile an Easpaig bhí athchur an tsuíochánra socraithe, deisiúcháin ar an struchtúr, péinteáil, clúdach urláir, trealamh closamhairc teagaisc a sholáthar, síleálacha bréige a ionsá, fuaimdhíonadh, feabhsú soilsithe agus feistiú rialaitheoirí iontrála le haghaidh doirse leictreonacha. Rinneadh athchóirithe suntasacha i gCeaintín na Mac Léinn. D'athchuireadh isteach na doirse alúmanaim seachtracha ag an Atrium Thoir agus ar an aghaidh thuaidh de Bhloc C. Rinneadh athmhúnlú ar Aonad 20, an Pointe Thuaidh le freastal níos fearr ar riachtanais na foirne agus na mac léinn. Cuireadh tús le hobair chun seomraí C147 agus C154 a athrú ina saoráid Taighde BioPharma. Tá ráillí láimhe cruach dosmálta suiteáilte sna réimsí crua tírdhreachaithe atá gar d'Fhoirgneamh na Turasóireachta & an Fháilteachais agus don Fhoirgneamh Riaracháin.

### Coláiste Ealaíne & Deartha Crawford CIT

Lean an Institiúid dá clár oibreacha sláinte agus sábháilteachta ag an gColáiste le linn 2007/08. Cuireadh críoch le hathchóiriú suntasach ar an díon agus ar an bhFoirgneamh Annex chomh maith le huasghrádú a dhéanamh ar rochtain ar an gColáiste do dhaoine míchumasaithe.

### Forbairtí Spóirt & Áise

Cuireadh críoch le tógáil chuid de 1,500m de shiúlán dhá mhéadar ar leithead agus cosán bogshodair le bailchríoch d'aolchloch chaochta ar an talamh sa taobh thiar d'abhainn an Churaichín in 2008 agus tá na tairiscintí faighte le haghaidh droichead na gcoisithe atá le bheith suite ag deireadh thuaidh na habhann. Meastar go gcuirfear an obair i gcrích roimh dheireadh 2008.

Tá an obair ar fhorbairt an tséú páirc imeartha, an pháirc dheiridh, ar an talamh sa taobh thiar d'abhainn an Churaichín curtha i gcrích. Tá an obair le bheith críochnaithe ar shuiteáil an tuilsoilsithe do pháirceanna 3 agus 5 roimh dheireadh 2008.

Cuireadh an tógáil ar dhíon Sheastán Pháirc na gCluichí Gaelacha i gcrích in Aibreán agus rinne an tAire Oideachais agus Eolaíochta, Batt O'Keefe TD, oscailt oifigiúil an choimpléacs ar 26 Bealtaine 2008.

Tá maoiniú bronnta faoi Scéim Deontais Chaipitil Spóirt 2008 agus cuirfidh sé ar chumas na hInstitiúide seastán nua a thógáil ag an Raon Lúthchleasaíochta.

## 4.5 Bainistíocht Sábháilteachta & Saoráidí

### Gnáthaimh Aslonnaithe

Rinneadh aslonnuithe ar fud na hInstitiúide le linn na bliana acadúla 2007/08, a raibh mar chur i gcrích leo aslonnú pleanáilte dóiteáin in Aibreán 2008. Measadh gur éirigh go han-mhaith leis an gcleachtadh, a cuireadh i gcrích in 6 nóiméad 30 soicind. Suiteáladh cathaoirleacha aslonnaithe ag láithreáin straitéiseacha ar fud Champas Bhaile an Easpaig agus oileadh an Fhoireann Fhreagartha Dóiteáin maidir le conas úsáid cheart a bhaint astu.

### Traenáil Sábháilteachta na Foirne

Reáchtáladh cúrsaí sna réimsí Garchabhair Cheirde, Pas Sábháilte, Láimhseáil Láimhe agus Tiomáint Forcardaitheora agus d'éirigh leis na rannpháirtithe go léir sna scrúduithe ábhartha cúrsa. Reáchtáladh Oiliúint Ionduchtúcháin Sábháilteachta le haghaidh mac léinn na chéad bhliana i réimsí éagsúla. Reáchtáladh sraith de sheisiúin oiliúna ar Dhualgais agus Freagrachtaí Bainistíochta faoi na rialacháin nua Sláinte & Sábháilteachta. Rinneadh Seirbhísí Éigeantacha Trealamh agus rinneadh Scrúduithe ar an trealamh cothabhála uile mar a éilíonn Feidhmiúcháin Ghinearálta 2007. Rinneadh seirbhísíú ar threalamh dóiteáin an champais agus fuarthas Teastas Comhlíonta do 2008.

Lena chinntiú go bhfuil faisnéis sábháilteachta agus ábhar oiliúna ar fáil do gach ball foirne, tá Leabharlann Físeán Sábháilteachta suiteáilte ar lárfhreastalaí. Tabharfaidh an acmhainn seo teacht don fhoireann ar 60 físeán gearr oiliúna sábháilteachta agus taispeántais.

### Measúnuithe Guaise agus Riosca

Rinneadh Measúnuithe Riosca ag Campas Bhaile an Easpaig agus ag an gColáiste Náisiúnta Mara na hÉireann (NMCI).





# *tuairisc ar acmhainní daonna*

*Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí*

**5.1 Tuairisc ar Acmhainní Daonna**

**5.2 Líon na Foirne**

**5.3 Éachtaí na Foirne**

## 5.1 Tuairisc ar Acmhainní Daonna

### Líon na Foirne

Le linn 2007/08 ba é líon iomlán na Foirne ná 1,570 arbh ionann é sin agus 1,010.86 Cóibhéiseach Lánaimseartha. Ba í an chatagóir foirne ba mhó ná Foireann Acadúil arbh ionann í sin agus 66% den líon iomlán (64% de CLA).

Tá sonraí breise maidir le Líon na Foirne le fáil sa chéad rannóg eile den tuarascáil.

### Daoine Imithe ar Scor

Chuaigh na baill foirne seo a leanas ar scor i rith na bliana:

Edward Doyle, Léachtóir, Coláiste Náisiúnta Mara na hÉireann  
 Jeremiah G Kelleher, Léachtóir, Roinn na Matamaitice  
 James A Lynch, Léachtóir, Roinn na hInnealtóireachta Déantúsaíochta, Bithleighis & Saoráidí  
 John McHugh, Freastalaí Ardoird, Roinn na hInnealtóireachta Sibhialta, Struchtúrtha & Imshaoil  
 Philip Mortell, Léachtóir Cúnta Pro-Rata, Roinn Staidéar Sóisialta & Ginearálta  
 David Muldowney, Léachtóir, Roinn na Cuntasóireachta & Córas Faisnéise  
 Michael G Murphy, Léachtóir, Roinn Ríomhaireachta  
 Colin Nicholls, Léachtóir, Ceolscoil CIT Chorcaí  
 An Dr Thomas J Rigney, Ceann na Scoile Gnó  
 Eamonn Walsh, Teicneoir, Roinn na nEolaíochtaí Bitheolaíochta

### Ócáid Scoir chun Ómós a Léiriú dár mBaill Foirne atá ar Scor

Ar achainí ó Chathaoirleach agus baill an Bhord Rialaithe, d'ostaigh an tUachtarán an Dr Brendan Murphy Ócáid Scoir ar 4 Aibreán 2008 do na baill foirne a chuaigh ar scor ó chuaigh sé i mbun dualgais mar Uachtarán ar 1 Meán Fómhair 2004.

Bhí níos mó ná 50 ball foirne scortha i láthair ag an ócáid chomh maith lena gcuid aionna agus Cathaoirleach an Bhord Rialaithe, an Dr Paddy Caffrey, an tUachtarán agus baill foirne shinsearacha na hInstitiúide. Agus é ag labhairt ag an ócáid, chuir an Cathaoirleach fáilte ar ais go dtí CIT roimh na baill foirne ar scor agus thug aitheantas don méid a bhí déanta acu agus do na blianta fada seirbhíse a thug siad ar mhaithe le rath na hInstitiúide.

Cuireadh fáilte ar leith roimh theaghlaigh na mball foirne a fuair bás ó d'imigh siad ar scor, mar atá:

Bernard Houlihan RIP  
 Bill Nolan RIP  
 Joe McCarthy RIP

Chuimsigh Clár an lae turas a thabhairt ar shaoráidí úrscothacha nua Cheolscoil CIT Chorcaí, lón sa Bhalann san Fhoirgneamh Turasóireachta & Fáilteachais ag Campas Bhaile an Easpaig agus an deis freastal ar Cheolchoirm Cheolfhoireann Aireagail na hÉireann ag Ceolscoil CIT Chorcaí an tráthnóna sin.


Tugadh píosa d'airgead steirling Chorcaí a coimisiúnaíodh go speisialta agus a rinne Sean Carroll & Sons mar bhronntanas do gach ball foirne nó dá dteaghlach ar an lá. Ar an osclóir litreacha tá meirge agus mana na hInstitiúide, an bhliain ina ndeachaidh an ball foirne ar scor agus tiomantas buíochais as an gcabhair rithábachtach a thug siad don Institiúid.

Mar fhocal scoir, dúirt an tUachtarán "Ba mhaith liom go nglacfadh gach duine agaibh agus faraor i gcásanna áirithe baill de bhur dteaghlaigh le comhartha seo ár measa as a bhfuil déanta agaibh agus go deimhin a dhéanann i gcónaí do CIT, a cuid foirne, mac léinn agus céimithe. Mhair sibh de réir mhana na hInstitiúide Risam Uile, go n-éirí linn go léir in éineacht, glacaimid buíochas libh, agus is é ár nguí i gcónaí go mbeidh blianta fada eile ar scor agaibh.

## 5.2 Líon na Foirne


### Líon Iomlán na Foirne

	Fireann	Baineann	Iomlán
Buan	458.24	259.57	<b>717.81</b>
Sealadach CLA	137.71	155.34	<b>293.05</b>
	595.95	414.91	<b>1010.86</b>




### Foireann de réir Catagóire

	Fireann	Baineann	Iomlán
Bainistíocht	8.00	2.00	<b>10.00</b>
Acadúil	436.71	215.20	<b>651.91</b>
Riarachán	23.96	118.79	<b>142.75</b>
Tacaíocht	1127.28	78.92	<b>206.20</b>
	595.95	414.91	<b>1010.86</b>



### Treochtaí Foirne – Stair 3 Bliana

	05/06	06/07	07/08
Bainistíocht	10.00	10.00	10.00
Acadúil	664.21	649.07	651.91
Riarachán	119.91	131.82	142.75
Tacaíocht	192.85	181.55	206.2
	986.97	972.44	1010.86



## 5.3 Éachtaí na Foirne

### Rinneadh comhghairdeas leo seo a leanas:

- An Dr Kevin James, Léachtóir Sinsearach 1 (T), Roinn na Ceimice ar bhronn Coláiste Ollscoile Chorcaí onóir air leis an teideal Ollamh Adjunct le Ceimic
- An Dr Roy Sleator, Léachtóir Cúnta Páirt-aimseartha Pro-Rata, Roinn na nEolaíochtaí Bitheolaíoch ar ceapadh ina Phríomh-Eagarthóir é ar Bioengineering Bugs, an chéad iris irisnáisiúnta dá leithéid a ndéanann piaraí léirmheas uirthi atá dírithe ar innealtóireacht ghéiniteach a bhfuil i gceist léi cineálacha a ath-chomhcheangal ar mhaithe le feidhmiúcháin thairbheacha i mbia, leigheas, tionscal, imshaol agus bithchosaint
- James Hayes, Léachtóir Cúnta, Coláiste Ealaíne & Deartha Crawford CIT a bhí i gceannas ar an gcéad fhoireann riamh a bhain an 4ú háit amach ag an bhFéile Domhanda Sneachta in Grindelwald na hEilbhéise
- Vera Ryan, Léachtóir Sinsearach 1 (T), Coláiste Ealaíne & Deartha Crawford CIT as a leabhar dar teideal "Dan Donovan: An Everyman's Life"
- An tOllamh Kevin James, Léachtóir Sinsearach 1 (T), Roinn na Ceimice a chuir an fichiú mac léinn taighde iarchéime dá chuid ar aghaidh le bheith bronnta leis an gcéim PhD ag Bronnadh Céime na hInstitiúide
- Foireann agus Mic Léinn de chuid na Roinne Staidéar Turasóireachta & Fáilteachais a reáchtáil "Maidin Caife" ar son Ospidéal Naomh Pádraig/Marymount Hospice agus a bhailigh breis agus €1,000
- An Dr Aidan Coffey, Léachtóir Sinsearach 1 (T), Roinn na nEolaíochtaí Bitheolaíochas cuireadh a fháil a chuid obair thaighde a chur i láthair ag dhá chomhdháil idirnáisiúnta (Kiel agus Utrecht)
- Catherine Hearne, Léachtóir, Coláiste Ealaíne & Deartha Crawford CIT a bhí ar dhuine den 15 ealaíontóirí Éireannacha ar taispeánadh a saothar mar chuid de Thaispeántas Ealaíne Éireannaí in Beijing na Síne
- Pamela Hardesty, Léachtóir Cúnta Páirt-Aimseartha Pro-Rata, Coláiste Ealaíne & Deartha Crawford CIT a bhí ar dhuine den 34 ealaíontóir a roghnaíodh le haghaidh Dhébhliantúil Ealaíne Kaunas, Teicstíl 07 a reáchtáladh in Kaunas na Liotuáine
- Mervyn O'Mahony, Oifigeach na gCumann, agus Baill Foirne agus Mic Léinn eile as ranna éagsúla san Institiúid a d'éagraigh siúlóid charthanachta suas Cathair (1001m) agus sall go dtí Corrán Tuathail (1039m) d'fhonn airgead a bhailiú do na carthanachtaí áitiúla seo a leanas – Naomh Uinseann de Pól, Ospís Marymount agus Clann Shíomóin Chorcaí. Bailíodh níos mó ná €4,500 ag an imeacht charthanachta

### Baill foirne ar bronnadh céimeanna orthu:

- Julie Aldridge, MA i dTeiripe Ealaíne
- Orla Flynn, MA i mBainistíocht Oideachais
- Gráinne Daly, Diplóma Iarchéime in Ealaíona in Oideachas Fáilteachais & Turasóireachta
- Eithne Farr, Diplóma Iarchéime i nDlí Foirgníochta agus Riarachán Conartha
- Adrian Gregan, Diplóma Iarchéime in Ealaíona in Oideachas Fáilteachais & Turasóireachta
- Breda Hickey, MA i mBainistíocht in Oideachas
- Eleanor Malone, MA i Seinm Ceoil
- Gina O'Brien, BBS
- Ann O'Connor, MA i mBainistíocht in Oideachas
- Catherine O'Mahony, Diplóma Iarchéime in Ealaíona in Oideachas Fáilteachais & Turasóireachta
- David O'Riordan, BSc (Onór) i dTeicneolaíocht
- Catherine Phillips, MA i dTeiripe Ealaíne
- Steven Young, Diplóma Iarchéime i bhForbairt Meán Digiteach in Oideachas

### Ceapacháin Nua

Deimhníodh na baill foirne a leanas le haghaidh ceapacháin le linn na bliana acadúla 2007/08:

- Colin Barry Murphy, Léachtóir Sinsearach 1 (T), Roinn na Cuntasóireachta & Córais Fhaisnéise
- An Dr Daniel Boyd, Léachtóir Cúnta, Roinn na hInnealtóireachta Déantúsaíochta, Bithleigheis & Saoráidí
- Corneilus Burns, Léachtóir Cúnta, Roinn Staidéar Sóisialta & Ginearálta
- Eoin Callanan, Teicneoir, Scoil na hInnealtóireachta Foirgníochta & Sibhialta
- Raymond Coughlan, Ceann Gníomhach Scoil na nDaonnachtaí
- Gerard Scully, Bainisteoir TF
- Helen Dillon, Oifigeach Cúnta Foirne, Roinn Staidéar Sóisialta & Ginearálta
- Orla Flynn, Ceann Gníomhach Coláiste, Coláiste Ealaíne & Deartha Crawford CIT
- Kevin Gill, Ceann Gníomhach na Roinne Mínealaíne & Dearaidh Cheirmigh, Coláiste Ealaíne & Deartha Crawford CIT
- Katherine Keane, Ceann na Roinne Ailtireachta
- Germain Levieille, Léachtóir Cúnta, Roinn na nEolaíochtaí Bitheolaíochas
- Marian Murphy, Léachtóir Cúnta, Roinn na hInnealtóireachta Sibhialta, Struchtúrtha & Imshaoil
- James O'Byrne, Léachtóir Cúnta, Roinn na hInnealtóireachta Sibhialta, Struchtúrtha & Imshaoil
- Niamh Power, Léachtóir Cúnta, Roinn na hInnealtóireachta Sibhialta, Struchtúrtha & Imshaoil
- Anne Wilkinson, Oifigeach Cúnta Foirne, Scrúduithe

# *tuarascáil airgeadais*

*Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí*

**6.1 Tuarascáil Airgeadais**

**6.2 Cuntais Iniúchta 2007/2008**

## 6.1 Tuarascáil Airgeadais

Tá an Institiúid á rialú ag Acht na gColáistí Teicniúla Réigiúnacha, 1992 a sholáthair d'aistriú na sócmhainní agus na ndlíteanas uile a bhaineann leis an gcoláiste ón CGO go dtí an coláiste. Rinneadh Comhlacht Reachtuil den Institiúid le héifeacht ó 1 Eanáir 1993.

Tháinig an tAcht um Institiúidí Teicneolaíochta 2006 i bhfeidhm le linn na tréimhse agus i measc athruithe eile, sholáthair d'aistriú freagrachta as maoiniú don Institiúid ón Roinn Oideachais agus Eolaíochta go dtí an tÚdarás um Ard-Oideachas. Tháinig sé sin i bhfeidhm i bhFeabhra 2007.

### Torthaí

Cuimsíonn na torthaí seo an tréimhse ó 1 Meán Fómhair 2007 go dtí 31 Lúnasa 2008.

Tháinig méadú ar an láimhdeachas de €3.3m ó €89.4m go €92.7m. Is é ba chúis go príomha leis sin ná méaduithe ar an Deontas Athfhillteach, Táillí Teagaisc agus ioncam Taighde & Forbartha.

Tháinig méadú ar an gcaiteachas de €6.0m le linn na tréimhse ó €86.2m go €92.2m. Ba é ba chúis leis ná méadú ar chostas reáchtála ranna acadúla de €1.9m, méadú ar an gcaiteachas ar T&F de €1.9m agus méadú ar an muirear dímhéasa de €2.0m.

Ba é an toradh don bhliain dar críoch 31 Lúnasa 2008 ná barrachas oibriúcháin de €0.40m. Ach bhí glanaistrithe go dtí an Cúlchiste Srianta agus an tIoncaobhas Saoráidí Spóirt de €0.78m. Mar thoradh air sin tharla laghdú ar an mbarrachas carntha, a bhfuil €0.47m ann anois.

### Caiteachas Caipitil

Ba é an Caiteachas Caipitil don bhliain dar críoch 31 Lúnasa 2008 ná €6.3m, ar caitheadh thart ar 75% de ar Throsacán & Trealamh, agus caitheadh an chuid is mó den fhuíoll ar Thalamh & Foirgneamh.

Tharla méadú mór ar an Stoc Foirgneamh le linn na mblianta beaga seo caite agus mar thoradh air sin tharla laghdú suntasach ar an muirear dímhéasa.

### Caiteachas Reatha

Tháinig méadú ar chaiteachas reatha iomlán na hInstitiúide don bhliain de thart ar 5% le linn na bliana go dtí €86.5m. Is ionann bille pá na hInstitiúide agus €65.1m agus sheas sé sin do 75% den chaiteachas iomlán le linn na tréimhse.

### Taighde & Forbairt

Tháinig méadú ar an ioncam ó Ghníomhaíochtaí Taighde, Forbartha agus Féinmhaoinithe de €1.9m go €9.6m, rud a sheasann d'fhás de 25% ar an mbliain roimhe sin. D'éirigh go maith leis an Institiúid i gcomórtas le haghaidh mhaoiniú taighde agus táthar ag súil go dtiocfaidh breis fáis ar an réimse sin in 2008/09.

## 6.2 *Cuntais Iniúchta 2007/08*

Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais

Ráiteas maidir le Freagrachtaí na hInstitiúide

Tuairisc an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Ráiteas ar Pholasaithe Cuntasaíochta

Cuntas Ioncaim & Caiteachais

Clár Comhardaithe

Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid

Nótaí do na Ráitis Airgeadais

## 6.2.1 Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais

### Freagracht as an gCóras Inmheánach Rialaithe Airgeadais

Adhmaíonn an Bord Rialaithe freagracht as a chinntiú go gcoinnítear agus go n-oibrítear córas éifeachtach inmheánach rialaithe airgeadais. Is é atá sa chóras inmheánach rialaithe airgeadais ná na próisis sin a úsáidtear chun na rioscaí suntasacha atá roimh Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí i mbainistiú a cuid gnóthaí a shainiú agus a mheasúnú. Tá an córas ceaptha chun rioscaí a bhainistiú seachas iad a dhíothú, agus é á aithint nach féidir ach ráthaíocht réasúnta agus ní glanrathaíocht a thabhairt go bhfuil sócmhainní á gcosaint, bearta á n-údarú agus á dtaifeadh i gceart, agus go ndéantar earráidí nó mírialtachtaí tábhachtacha a chosc nó a bhrath go tráthúil.

### Príomhghnáthaimh Rialaithe

Tá cúram á dhéanamh ag an mBord Rialaithe chun timpeallacht rialaithe chuá a chinntiú, ar a n-áirítear

- Tá na gnáthaimh agus na rialacháin airgeadais doiciméadaithe go dáta, curtha i ngníomh agus cothrom le dáta.
- Athbhreithnithe rialta ag an mBord Rialaithe ar thuairiscí airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla, ar a n-áirítear feidhmiú airgeadais curtha i gcomórtas le réamhaisnéisí.
- Treoirínte rialaithe infheistíochta atá sonraithe go soiléir.
- Tá coiste iniúchóireachta ann, ag a bhfuil cairt shonraithe iniúchóireachta, le téarmaí tagartha soiléire, a bhíonn ag plé le saincheisteanna suntasacha rialaithe agus a fhaigheann tuairiscí ó na hiniúcháirí inmheánacha agus seachtracha.
- Tá rioscaí gnó sainaitheanta ag an mBord Rialaithe agus déantar iad a athbhreithniú ar bhonn leanúnach.


Tá feidhm iniúchóireachta inmheánaigh atá foinsithe allamuigh ag Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí, a oibríonn de réir Chreachód an Scothchleachtais mar atá leagtha amach sa Chód Cleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit. Tá forbairt déanta ar straitéis iniúchóireachta inmheánaigh do 2006-2008 atá bunaithe ar mheasúnú rioscaí. Tá an straitéis iniúchóireachta faoifa ag an gCoiste Iniúchóireachta Inmheánaigh agus ag an mBord Rialaithe.

Buileann an Coiste Iniúchóireachta leis na hIniúcháirí Inmheánacha ar bhonn rialta chun an obair san Iniúchóireacht Inmheánach a athbhreithniú, ar a n-áirítear tuairisc ar ghníomhaíocht na hiniúchóireachta inmheánaigh. Cuimsíonn an Creachód do Scothchleachtas 13 príomhghníomhaíocht airgeadais agus sainiúnn sé seiceálacha nach mór a dhéanamh chun éifeachtacht na timpeallachta rialaithe inmheánaigh airgeadais a mheasúnú.


Bíonn monatóireacht agus athbhreithniú an Bhord Rialaithe ar éifeachtacht an chórais inmheánaigh rialaithe airgeadais ag brath ar obair Cheannasaí na hIniúchóireachta Inmheánaigh, ar an gCoiste Iniúchóireachta a dhéanann maoirseacht ar obair na hIniúchóireachta Inmheánaigh, ar an Stiúrthóir, ar na Feidhmeannaigh agus na Bainisteoirí Institiúide laistigh d'Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí a bhfuil freagracht orthu as forbairt agus coinneáil an chreachóid rialaithe airgeadais, agus ar na ráitis a dhéanann an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste ina litir bhainistithe nó ar thuairiscí eile.

Deimhnímid go ndearna an Bord Rialaithe athbhreithniú ar éifeachtacht an chórais inmheánaigh rialaithe airgeadais.

Sínte ar son an Bhord Rialaithe



**An Dr Paddy Caffrey**  
Cathaoirleach



**An Dr Brendan J. Murphy**  
Uachtarán




## 6.2.2 Ráiteas Maidir le Freagrachtaí na hInstitiúides


Éilíonn na hAchtanna um Institiúidí Teicneolaíochta 1992 go 2006, ar an Institiúid ráitis airgeadais a ullmhú ar dóigh a d'fhéadfadh faomhadh a fháil ón Údarás um Ard-Oideachais agus iad a chur faoi bhráid an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste le haghaidh iniúchta. Agus na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú, éilítear ar an Institiúid

- Polasaithe cuntasáíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go seasta
- Breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá ciallmhar agus críonna
- Ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh, mura mbeadh an bonn sin mí-oiriúnach
- Aon athrú tábhachtach ar chaighdeán chuntasáíochta infheidhmithe a nochtadh agus a mhíniú

Tá an Institiúid freagrach as leabhair chearta chuntasáíochta a choinneáil a thabharfaidh le fios go réasúnta cruinn ag am ar bith staid airgeadais na hInstitiúide agus a chuirfidh ar a cumas a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais na hAchtanna um Institiúidí Teicneolaíochta 1992 go 2006. Tá an Institiúid freagrach freisin as sábháilteacht a cuid sócmhainní agus as bearta réasúnta a ghlacadh chun caimiléireacht nó mírialtachtaí eile a chosc agus a thabhairt chun solais.



**An Dr Paddy Caffrey**  
Cathaoirleach



**An Dr Brendan J. Murphy**  
Uachtarán

## 6.2.3 Tuairisc an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste lena cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

Tá ráitis airgeadais Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí don bhliain dar críoch 31 Lúnasa 2008 iniúchta agam faoi na hAchtanna um Institiúidí Teicneolaíochta 1992 go 2006.

Tá na ráitis airgeadais, a ullmhaíodh faoi na beartais chuntasaíochta arna leagan amach sna ráitis, comhdhéanta den Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta, an Cuntas Ioncaim agus Caiteachais, an Clár Comhardaithe, an Ráiteas ar Shreabhadh Airgid agus na nótaí gaolmhara.

### Freagrachtaí na hInstitiúide agus an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste faoi seach

Tá an Institiúid freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú de réir na nAchtanna um Institiúidí Teicneolaíochta 1992 go 2006 agus as rialtacht na n-idirbheart a chinntiú. Ullmhaíonn an Institiúid na ráitis airgeadais de réir Cleachtas Cuntasaíochta a nGlactar Leis go Coitianta in Éirinn. Tá freagrachtaí cuntasaíochta Chomhaltaí an Chomhlachta Ceannais leagtha amach sa Ráiteas um Fhreagrachtaí na hInstitiúide.

Is é mo fhreagrachta ná na ráitis airgeadais a iniúchadh de réir cheanglais ábhartha dlí agus rialúcháin agus Caighdeán Idirnáisiúnta maidir le hInniúcháireacht (Ríocht Aontaithe agus Éire).

Tuairiscím mo thuairim maidir le cibé an dtugann na ráitis airgeadais léargas fíorcheart, de réir Cleachtas Cuntasaíochta a nGlactar Leis go Coitianta in Éirinn. Tuairiscím freisin cibé, dar liom, an raibh leabhair chúf coinnithe. Lena chois sin, deirim cibé an dtugann na ráitis airgeadais leis na leabhair chuntais.

Tuairiscím ar aon chás ábhartha nár feidhmíodh suimeanna airgid chun na gcríoch a bhí riachtanach nó nach bhfuil na hidirbhearta de réir na n-údarás a rialaíonn iad.

Tuairiscím freisin mura bhfuair an fhaisnéis agus na mínithe go léir a bhí riachtanach chun críocha m'iniúchta.

Scrúdaím an Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach Airgeadais le féachaint an léirítear ann gur chomhlíon an Institiúid dréacht-treoir infheidhmithe maidir le rialachas corparáideach arna eisiúint ag An Roinn Oideachais agus Eolaíochta agus tuairiscím ar aon chás ábhartha nach ndéanann sé amhlaidh, nó más rud é go bhfuil an ráiteas míthreorach nó nach dtugann sé le faisnéis eile atá ar eolas agam de bharr na ráitis airgeadais a bheith iniúchta agam. Ní cheanglaítear orm a bhreithniú cibé an gclúdaíonn an Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach Airgeadais gach priacal agus rialú airgeadais, ná teacht ar thuairim maidir le héifeachtacht na nósanna imeachta maidir le priacal agus rialú.

### An Bunús le mo Thuairim

I mbun m'fheidhme mar Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste, rinne mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais de réir Caighdeán Idirnáisiúnta maidir le hInniúcháireacht (Ríocht Aontaithe agus Éire) arna eisiúint ag an mBord um Chleachtas Inniúcháireachta agus trí thagairt a dhéanamh do na nithe ar leith is gá a chur san áireamh i ndáil le cúrsaí bainisteoireachta agus le hoibriúcháin a ghabhann le comhlachtaí a fhaigheann maoiniúchán substaintiúil ón Stát. Déantar scrúdú mar chuid den iniúchadh, ar bhonn tástála, ar fhianaise a bhaineann le suimeanna agus rialtacht na n-idirbheart airgeadais a chuirtear san áireamh sna ráitis airgeadais, agus leis na hidirbhearta a fhoilsítear iontu. Chomh maith leis sin, cuimsíonn an t-iniúchadh measúnacht ar na meastacháin agus ar na breitheanna suntasacha a rinneadh agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, agus measúnacht le féachaint an oireann na beartais chuntasaíochta don bhail atá ar chúrsaí na hInstitiúide, ar feidhmíodh na beartais sin ar bhealach leanúnach agus ar foilsíodh iad ar bhealach sásúil.

Phleanáil mé agus rinne mé m'iniúchadh sa chaoi is go bhfaighinn an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a mheas mé a bheith riachtanach ionas go mbeadh leordhóthain fianaise agam a d'fhágfadh cinnteacht réasúnach ann go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíríteas ábhartha, cibé acu calaíocht nó neamhrialtacht eile nó earráid is cúis leis sin. I dteacht ar mo thuairim dom, rinne mé meastóireacht ar a shásúla is a cuireadh faisnéis i láthair sna ráitis airgeadais san iomlán freisin.

### Tuairim

Is é mo thuairim go dtugann na ráitis airgeadais léargas fíorcheart, de réir Cleachtas Cuntasaíochta a nGlactar Leis go Coitianta in Éirinn, ar riocht ghnóthaí na hInstitiúide ag 31 Lúnasa 2008 agus ar a hioncam agus ar a caiteachas don bhliain dar críoch sin.

Is é mo thuairim go raibh leabhair chuntais chúf coinnithe ag an Institiúid. Tá na ráitis airgeadais ag teacht leis na leabhair chuntais.

**John Buckley**  
**Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste**

**30 Márta 2009**

## 6.2.4 Ráiteas ar Pholasaithe Cuntasaíochta

### Nóta Tosaigh

Bunaíodh Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí in 1974 agus go dtí 31 Nollaig 1992 d'fheidhmigh sí faoi rialú Choiste Gairmoideachais Chathair Chorcaí (CGO) de réir fhorálacha na nAchtanna Gairmoideachais. Tar éis achtú Acht na gColáistí Teicniúla Réigiúnacha, 1992, rinneadh comhlacht reachtúil den Choláiste le héifeacht ó 1 Eanáir 1993. Sholáthair an tAcht d'aistriú ón CGO go dtí an Institiúid na sócmhainní agus na dliteanais ar fad a bhain leis an Institiúid. Athraíodh an t-ainm Colaiste Teicniúil Réigiúnach Chorcaí go Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí le hordú an Aire Oideachais agus Eolaíochta ar 18 Nollaig 1997.

Faoin Acht um Institiúidí Teicneolaíochta 2006 a tháinig i bhfeidhm ar 1 Feabhra 2007 aistríodh feidhmeanna áirithe a bhíodh á bhfeidhmiú roimhe sin ag an Aire Oideachais agus Eolaíochta go dtí an tÚdarás um Ard-Oideachas. Anois cuireann an tÚdarás um Ard-Oideachas cistiú ar fáil a bhíodh á chur ar fáil roimhe sin ag an Roinn Oideachais agus Eolaíochta.

#### 1. Bunús na Cuntasaíochta

Cuimsíonn na Ráitis Airgeadais seo an bhliain dar críoch 1 Meán Fómhair 2007 go 31 Lúnasa 2008.

#### 2. Bunús an Ullmhúcháin

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais de réir na bprionsabail cuntasaíochta a bhfuil glactha leo go coitianta faoi choinbhinsiún an costais stairiúil (cés moite de shócmhainní áirithe atá cuimsithe ag a luacháil) agus le ceanglais an Aire Oideachais agus Eolaíochta.

#### 3. Deontais Stáit

Leithdháileann an tÚdarás um Ard-Oideachas deontais stáit do chaiteachas athfhillteach ar bhonn na bliana féilire. Na deontais a bhfuil tuairisc orthu sa Chuntas loncaim agus Caiteachais is iad na méideanna iad a chinn an tÚdarás um Ard-Oideachas a bheith oiriúnach don bhliain acadúil ábhartha, mar a bhí ar an dáta ar faomhadh na ráitis airgeadais.

Tugann an Roinn Oideachais agus Eolaíochta deontais stáit i leith mionobreacha caipitil ar bhonn bliana féilire. An deontas a bhfuil tuairisc air sa Chuntas loncaim agus Caiteachais is é an méid é atá oiriúnach don bhliain acadúil ábhartha a cinneadh ar bhonn cionroinnte ama.

Déantar deontais stáit do chaiteachas caipitil (ar a n-áirítear deontais do chríocha athfhillteacha a úsáidtear chun trealamh a cheannach) a chaipitliú agus a chur chun sochair d'ioncam thar saol úsáideach measta na sócmhainní gaolmhara.

#### 4. Deontais Taighde agus Conarthaí

Tá cistí deontais taighde agus conartha cuimsithe in ioncam na bliana inar tabhaíodh an caiteachas gaolmhar. Déantar lánsoláthar do chaillteanais intuartha.

Déantar cistí deontais taighde agus conartha a úsáidtear chun sócmhainní seasta inláimhsithe a cheannach a chaipitliú agus a chur chun sochair d'ioncam thar saol úsáideach measta na sócmhainní gaolmhara.

#### 5. Stoic

Breacatar caiteachas ar leabhair agus ar stoic inchaite don Chuntas loncaim agus Caiteachais de réir mar a thabhaítear é.

#### 6. Sócmhainní Seasta Inláimhsithe agus Dímheas

Luaítear sócmhainní seasta inláimhsithe cés moite de thalamh ar a gcostas stairiúil nó luacháil lúide dímheas carntha. Luaítear talamh ar a chostas stairiúil nó luacháil.

##### (a) Costas nó Luacháil

Luaítear sócmhainní seasta inláimhsithe a bhí ann ó 1 Eanáir 1993 (dáta an ordaithe thosaigh) ar a luacháil. Tá bunús na luachála leagtha amach ag Nóta 15. Luaítear breiseanna ina dhiaidh sin ar a gcostas.

##### (b) Dímheas

Déantar soláthar do dhímheas ar shócmhainní seasta inláimhsithe (seachas talamh) ar bhonn dronlíne chun a gcostas stairiúil nó a luachálacha a dhíscríobh thar na tréimhsí a meastar iad a bheith inúsáidte.

Is iad na saolta úsáideacha measta atá sannaithe do shócmhainní seasta inláimhsithe mar seo a leanas:

	Blianta
Foirgnimh	30 – 50
Foirgnimh réamhdhéanta, daingneáin, gléasra agus innealra	10
Mór-riomhairí	7
Trealamh eile riomhaire	4
Trealamh oideachasúil agus riaracháin	5
Troscán	5
Feithiclí Mótair	5
Trealamh a bhaineann go huathúil le tionscadail taighde	Saol an Tionscadail

## 7. Sócmhainní ar Léas

De réir treoir ón Roinn Oideachais agus Eolaíochta taispeántar costas caipitil shócmhainní a fhaightear faoi léasanna airgeadais sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais sa tréimhse inar tógadh an léas. Tá an costas caipitil cuimsithe freisin sna sócmhainní seasta.

## 8. Airgeadraí Eachtracha

Aistrítear bearta atá ainmnithe in airgeadraí eachtracha ina Euro de réir na rátaí malairte a bhí i bhfeidhm ar dhátaí na mbearta. Aistrítear sócmhainní agus dliteanais airgeadaíochta atá ainmnithe in airgeadraí eachtracha ina Euro de réir na rátaí malairte a bhí i bhfeidhm ar dháta an chláir chomhardaithe nó de réir na rátaí conartha réamhcheannacháin áit a bhfuil conarthaí dá leithéid.

## 9. Pinsin

Is faoi scéim shannaithe sochair a thugtar gach teidlíocht pinsin foirne faoi Acht Rialtais Áitiúil (Aoisliúntas) 1980 agus déanann an Státhiste freastal ar oibleagáidí pinsin de réir mar a tharlaíonn siad.

Coinníonn an Institiúid asbhaintí aoisliúntais ó fhostaithe.

Ní thugann an Institiúid ranníocaíocht don scéim agus níl aon dualgas uirthi i leith teidlíochtaí.

## 10. Cuntas Caipitil

Is éard atá sa chuntas caipitil luach neamhamúchta an ioncaim atá cionroinnte do mhaoiniú caipitil.

## 11. Cúlchiste Srianata

Is éard atá sa Chúlchiste seo ná méideanna atá curtha ar leataobh as Táillí Clárúcháin a íocann mic leinn agus cistí ó thrú páirtithe, i dteannta ús bainc a thuilleann an t-airgead seo, d'fhonn saoráidí Mac Léinn a sholáthar agus ar mhaithe le forbairt fhadtéarmach na hInstitiúide.

## 12. Iontaobhas Saoráidí Spóirt

Sa bhliain 2002, bhunaigh an Institiúid iontaobhas saoráidí spóirt. Is éard atá sa Chúlchiste seo ná méideanna atá curtha ar leataobh as táillí clárúcháin ag mic leinn agus cistí as foinsí eile i dteannta ús bainc a thuilleann an t-airgead seo d'fhonn saoráidí spóirt a sholáthar don Institiúid.

## 13. Táillí Clárúcháin Mac Léinn

Úsáidtear na táillí chun Áiseanna agus Saoráidí Mac Léinn a mhaoiniú agus, le héifeacht ó Mheán Fómhair 2002, de réir treoir ón Roinn Oideachais agus Eolaíochta, baintear úsáid as cuid den táille in aghaidh an mhic léinn (€330) chun caiteachas athfhillteach na hInstitiúide a mhaoiniú. Aistrítear iarmhéideanna fuilleacha ar bith go dtí an cúlchiste srianata.

## 14. Cistiú Tacaíochta Mac Léinn

Faighitear cistiú ón Údarás um Ard-Oideachas le haghaidh an Chiste Chabhrach agus Ciste Mhíchumais Mac Léinn. Tugtar cuntas ar na méideanna a fuarthas mar Ioncam Eile agus breactar iad d'ioncam sa bhliain inar tharla an caiteachas gaolmhar.


## 6.2.5 Cuntas Ioncaim & Caiteachais don bhliain dar críoch 31 Lúnasa 2008

IONCAM	NÓTA	2008 €000	2007 €000
Deontas Athfhillteach Stáit	1	53,904	51,684
Scaoilte ón gCuntas Caipitil		5,811	5,889
Táillí Teagaisc	2	13,049	12,180
Taighde, Forbairt agus Féinchistiú	3	9,540	7,641
Ioncam ó Ús	4	201	184
Táillí Clárúcháin Mac Léinn	5	4,764	4,435
Ioncam Eile	6	<u>5,388</u>	<u>7,385</u>
		<b>92,657</b>	<b>89,398</b>
<b>CAITEACHAS</b>			
Ranna Acadúla	7	55,316	53,377
Seirbhísí Tacaíochta Acadúla	8	1,450	1,338
Áitreabh	9	7,359	8,446
Príomhriarachán	10	10,157	9,461
Costais Ghinearálta Oideachasúla	11	678	474
Saoráidí agus Fónais Mhac Léinn	12	1,968	1,671
Taighde, Forbairt agus Féinchistiú	3	9,523	7,640
Dímheas	15	<u>5,801</u>	<u>3,817</u>
	13	<b>92,252</b>	<b>86,224</b>
<b>Barrachas Oibriúcháin</b>		<b>405</b>	3,174
Aistriú go Cúlchiste Srianata		(10)	(50)
Aistriú go hIonntaobhas Saoráidí Spóirt		(938)	(2,657)
<b>Aistriú ón Ionntaobhas Saoráidí Spóirt</b>		<b>143</b>	-
<b>Aistriú ón gCúlchiste Srianata</b>		<b>30</b>	-
<b>Barrachas Carntha</b>		<u>842</u>	<u>375</u>
<b>Barrachas Carntha ag deireadh na bliana</b>		<u>472</u>	<u>842</u>


Níl gnóthachan ná cailteanas ar bith seachas iad siúd a ndéantar déileáil leo sa chuntas Ioncaim agus Caiteachais.

Is cuid de na ráitis airgeadais iad an Ráiteas maidir le Polasaithe Cuntasaíochta agus Nótaí 1-30.

Sínithe ar son an Bhord Rialaithe



**An Dr Paddy Caffrey**  
Cathaoirleach




**An Dr Brendan J. Murphy**  
Uachtarán

## 6.2.6 Clár Comhardaithe mar a bhí ar 31 Lúnasa 2008


	NÓTA	2008 €000	2007 €000
<b>SÓCMHAINNÍ SEASTA</b>			
Socmhainní Inláimhsithe	15	<u>104,492</u> <u>104,492</u>	<u>103,998</u> <u>103,998</u>
<b>SÓCMHAINNÍ REATHA</b>			
Féichiúnaithe	16	<u>10,553</u>	10,600
Airgead sa bhanc agus ar láimh		<u>7,678</u>	<u>5,990</u>
		<u>18,231</u>	<u>16,590</u>
<b>CREIDIÚNAITHE</b>			
Méideanna dlite laistigh de aon bhliain	17	<u>15,329</u>	<u>13,056</u>
<b>GLANSÓCMHAINNÍ REATHA</b>			
		<u>2,902</u>	<u>3,534</u>
<b>SÓCMHAINNÍ IOMLÁNA LÚIDE DLITEANAIS REATHA</b>			
		<b>107,394</b>	107,532
Méideanna dlite tar éis níos mó ná aon bhliain		-	-
<b>GLANSÓCMHAINNÍ</b>			
		<u>107,394</u>	<u>107,532</u>
<b>Dá seasann</b>			
<b>CÚLCHISTÍ</b>			
Cuntas Caipitil	18	<u>104,492</u>	103,998
Cuntas Ioncaim agus Caiteachais		<u>472</u>	<u>842</u>
		<u>104,964</u>	104,840
Cúlchiste Srianata	19	<u>71</u>	341
Iontaobhas Saoráidí Spóirt	20	<u>2,359</u>	<u>2,351</u>
		<u>107,394</u>	<u>107,532</u>

Is cuid de na ráitis airgeadais é an Ráiteas maidir le Polasaithe Cuntasaíochta agus Nótaí 1-30.

Sínithe ar son an Bhord Rialaithe



**An Dr Paddy Caffrey**  
Cathaoirleach



**An Dr Brendan J. Murphy**  
Uachtarán

## 6.2.7 Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid don bhliain dar críoch 31 Lúnasa 2008

	NÓTA	2008 €000	2007 €000
<b>Barrachas oibriúcháin á réiteach le sreabhadh glan airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin</b>			
Barrachas Oibriúcháin		405	3,174
Ioncam ó Ús		(201)	(184)
Dímheas		5,801	3,817
Amúchadh ag teacht le dímheas sócmhainne		(5,811)	(5,889)
Caillteanas ar Dhiúscairt Sócmhainní Seasta		4	2,062
(Méadú)/Laghdú ar Fhéichiúnaithe		47	5,686
(Laghdú)/Méadú ar Chreidiúnaithe gearrthéarmacha		<u>2,273</u>	<u>(923)</u>
<b>(Eis-sreabhadh)/Insreabhadh Glan Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin</b>		<u><b>2,518</b></u>	<u><b>(3,629)</b></u>

### Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid

<b>(Eis-sreabhadh)/Insreabhadh Glan Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin</b>	<u><b>2,518</b></u>	<u><b>(3,629)</b></u>
--	---------------------	-----------------------

### Fáltais ó infheistíochtaí agus ó sheirbhísiú airgeadais

Ús faighte	201	184
------------	-----	-----

### Caiteachas Caipitil

Íocaíochtaí chun Sócmhainní Seasta a fháil	(6,305)	(11,641)
Fáltais ó Dhiúscairt Sócmhainní Seasta	6	10
Eis-sreabhadh glan airgid ar chaiteachas caipitil	<u>(6,299)</u>	<u>(11,631)</u>

### Cistiú


Deontais Chaipitil Stáit caite ar Shócmhainní Seasta	1,091	6,186
Deontais Athfhillteacha Stáit caite ar Shócmhainní Seasta	1,496	2,561
Cistí eile caite ar Shócmhainní Seasta	<u>2,681</u>	<u>861</u>
	<u><b>5,268</b></u>	<u><b>9,608</b></u>
(Laghdú)/Méadú ar Airgead	1,688	(5,468)

### Méadú / (Laghdú) ar Airgead


Glanchistí ar dtús	5,990	11,458
Glanchistí ar 31 Lúnasa	<u>7,678</u>	<u>5,990</u>
	<u><b>1,688</b></u>	<u><b>(5,468)</b></u>

Is cuid de na ráitis airgeadais é an Ráiteas maidir le Polasaithe Cuntasaíochta agus Nótaí 1-30.

Sínithe ar son an Bhord Rialaithe



**An Dr Paddy Caffrey**  
Cathaoirleach



**An Dr Brendan J. Murphy**  
Uachtarán

## 6.2.8 Nótaí do na Ráitis Airgeadais

### 1. Deontas Stáit

	Cionroinnte do chaiteachas athfillteach	Cionroinnte do chaiteachas caipitil	Iomlán
	€000	€000	€000
Deontas stáit do chaiteachas athfillteach	52,867	1,496	54,363
Deontas stáit do chaiteachas caipitil	327	838	1,165
Deontas stáit do mhionoibreacha caipitil	710	253	963
	<u>53,904</u>	<u>2,587</u>	<u>56,491</u>

Le héifeacht ó 1 Feabhra 2007, ghlac an tÚdarás um Ard-Oideachas chuige féin freagracht ón Roinn Oideachais agus Eolaíochta as cistiú do chaiteachas athfillteach. Chomh maith leis siúd thuas, tá méideanna de €200,611 agus €222,756 breactha d'ioncam i dtaca le cistiú Cruatain agus Míchumais ón ÚAO. Tá cuntas ar na méideanna sin faoi Ioncam eile.

### 2. Táillí Teagaisc

	2008	2007
	€000	€000
Mic léinn lánaimseartha (6,116 cóibhéisí lánaimseartha)	10,427	9,525
Mic léinn páirtaimseartha (2,118 cóibhéisí lánaimseartha)	2,622	2,655
	<u>13,049</u>	<u>12,180</u>

D'íoc an Roinn Oideachais agus Eolaíochta/ÚAO táillí teagaisc sa bhliain de €3,551m le haghaidh cúrsaí lánaimseartha leibhéal 8 agus €5,253m le haghaidh cúrsaí leibhéal 6 & 7, a bpáirtmhaoiníonn an CSE na costais iomlána díobh.

### 3. Taighde, Forbairt agus Féinchistiú

<b>Ioncam</b>		
Ioncam	12,157	8,263
Aistriú go Cuntas Caipitil	(2,617)	(622)
	<u>9,540</u>	<u>7,641</u>
<b>Caiteachas</b>		
<u>Costais an Lucht Foirne</u>		
Teagasc	674	539
Teicniúil	8	4
Riarachán, Feidhmeannach & Rúnaíocht	1,016	595
Cothabháil Áitribh	83	58
Leabharlann	7	14
Scrúduithe	122	280
Taighde	1,259	1,065
Pá Seirbhísí Mac Léinn	90	80
Foireann Ghinearálta	181	164
	<u>3,440</u>	<u>2,799</u>



	<b>2008</b>	2007
	<b>€000</b>	€000
<u>Ábhair &amp; Seirbhísí</u>		
Ábhair & Tomhaltáin Eile	<b>593</b>	372
Ábhair Leabharlainne	-	1
Costais Ríomhaire	<b>243</b>	155
Oideachas Ginearálta	<b>1,640</b>	1,357
Seirbhísí do Mhic Léinn	<b>5</b>	157
Costais Taighde	<b>329</b>	150
Trealamh	<b>19</b>	51
Costais Áitribh	<b>608</b>	459
Taisteal & Cothú	<b>492</b>	409
Costais Phearsanra	<b>339</b>	262
Táillí Gairmiúla	<b>1,546</b>	1,279
Cumarsáid	<b>48</b>	31
Stáiseanáireacht & Ábhair Oifige	<b>150</b>	105
Fógraíocht Ghinearálta & Poiblíocht	<b>62</b>	40
Costais Airgeadais	<b>2</b>	6
Eile	<b>7</b>	7
	<b><u>6,083</u></b>	<u>4,841</u>
<b>Caiteachas Iomlán</b>	<b><u>9,523</u></b>	<u>7,640</u>
<b>4. Ioncam ó Ús</b>		
Ioncam ó Thaiscí	<b><u>201</u></b>	<u>184</u>
	<b><u>201</u></b>	<u>184</u>
<b>5. Táillí Clárúcháin Mhac Léinn</b>		
Clárúchán	<b>5,165</b>	4,843
Ioncam ó Ús	<b>89</b>	39
Ioncam Eile	<b><u>2</u></b>	<u>4</u>
	<b>5,256</b>	4,886
<b>Aistriú go Féinchistiú</b>		
Le costais seirbhís clárúcháin mhac léinn a chistiú	<b>(101)</b>	(95)
Le cláir choinnithe mac léinn a chistiú	<b>(74)</b>	(70)
Le costais scrúduithe a chistiú	<b>(203)</b>	(189)
Le costais ilghnéitheacha a chistiú	<b><u>(60)</u></b>	<u>(60)</u>
	<b>(438)</b>	(414)
Aistriú go Cuntas Caipitil	<b><u>(54)</u></b>	<u>(37)</u>
	<b><u>4,764</u></b>	<u>4,435</u>
Táillí Clárúcháin Mhac Léinn Ús agus Ioncam Eile	<b>5,165</b>	4,843
	<b><u>91</u></b>	<u>43</u>
	<b>5,256</b>	4,886
Breactha mar:		
Caite ar Shaoráidí & ar Fhóntais Mhac Léinn (Nóta 12)	<b>1,968</b>	1,671
Aistriú go Féinchistiú	<b>438</b>	414
Aistriú go Caipiteal (Nóta 18)	<b>54</b>	37
Coinnithe chun caiteachas athfhillteach ginearálta a chistiú	<b>2,043</b>	2,158
Aistriú go cúlchiste Saoráidí Spóirt	<b><u>753</u></b>	<u>606</u>
	<b><u>5,256</u></b>	<u>4,886</u>

Seasann na haistriú go Féinchistiú do mhéideanna a cionroinneadh do chostais Chlárúcháin, Choinneáil Mac Léinn, Scrúduithe agus costais ilghnéitheacha. Tugtar cuntas orthu sin mar Ioncam faoi Thaighde, Forbairt agus Féinchistiú agus déantar é a mheaitseáil i gcomórtas le caiteachas a thabhaítear. Tugtar cuntas ar iarmhéid nár caitheadh mar ioncam iarchurtha.

**6. Ioncam Eile**

	<b>2008</b>	2007
	<b>€000</b>	€000
Cistiú Cruatain	<b>232</b>	237
Cistiú Míchumais	<b>155</b>	226
Aistriú (go)/ ó Chuntas Caipitil	<b>(10)</b>	(52)
	<b>337</b>	411
Aoisliúntas	<b>4,514</b>	4,372
Ioncam Eile	<b>497</b>	2,602
	<b>5,388</b>	7,385

**7. Ranna Acadúla****Lucht Foirne**

Teagasc	<b>45,440</b>	43,245
Teicniúil	<b>4,040</b>	4,056
Riarachán, Feidhmeannach, Rúnaíocht	<b>1,524</b>	1,526
Foireann Leabharlainne	<b>115</b>	118
Cothabháil Áitribh	<b>822</b>	992
Scrúduithe	<b>4</b>	17
Taighde	<b>7</b>	6
Pá ar Sheirbhísí Mac Léinn	<b>32</b>	32
Foireann Ginearálta	<b>62</b>	56
	<b>52,046</b>	50,048

**Ábhar agus Seirbhísí**

Ábhair & Tomhaltáin Eile	<b>1,184</b>	1,430
Ábhair Leabharlainne	<b>116</b>	137
Costais Ríomhaire	<b>267</b>	155
Oideachas Ginearálta	<b>9</b>	36
Trealamh	<b>75</b>	79
Costais Áitribh	<b>382</b>	324
Taisteal & Cothú	<b>317</b>	307
Costais Phearsanra	<b>182</b>	221
Táillí Gairmiúla	<b>76</b>	17
Cumarsáid	<b>99</b>	84
Stáiseanóireacht & Ábhair Oifige	<b>422</b>	390
Fógraíocht Ghinearálta & Poiblíocht	<b>109</b>	112
Costais Airgeadais	<b>1</b>	11
Eile	<b>31</b>	26
	<b>3,270</b>	3,329
<b>Caiteachas Iomlán</b>	<b>55,316</b>	53,377

**8. Seirbhísí Tacaíochta Acadúla**

Foireann Leabharlainne	<b>797</b>	768
Ábhair Leabharlainne	<b>136</b>	128
Trealamh	<b>2</b>	-
Costais Áitribh	<b>1</b>	7
Taisteal & Cothú	<b>-</b>	1
Pearsanra	<b>1</b>	1
Cumarsáid	<b>4</b>	2
Stáiseanóireacht & Ábhair Oifige	<b>14</b>	9
	<b>955</b>	916

**Seirbhísí Ríomhaire:**

Teagasc	<b>-</b>	1
Teicniúil	<b>242</b>	197
Riarachán, Feidhmeannach, Rúnaíocht	<b>93</b>	154
Ábhair & Tomhaltáin Eile	<b>29</b>	10
Costais Ríomhaire	<b>96</b>	27
Costais Áitribh	<b>10</b>	13
Taisteal & Cothú	<b>-</b>	2
Costais Phearsanra	<b>6</b>	16

	2008 €000	2007 €000
Táillí Gairmiúla	9	-
Cumarsáid	5	-
Stáiseanóireacht & Ábhair Oifige	<u>5</u>	<u>2</u>
<b>Caiteachas Iomlán</b>	<b><u>1,450</u></b>	<b><u>1,338</u></b>
<b>9. Áitreabh</b>		
<b>Lucht Foirne</b>		
Teagasc	123	118
Teicniúil	110	104
Riarachán, Feidhmeannach, Rúnaíocht	299	248
Cothabháil Áitribh	<u>1,213</u>	<u>1,206</u>
	<b><u>1,745</u></b>	<b><u>1,676</u></b>
<b>Ábhair agus Seirbhísí</b>		
Ábhair & Tomhaltáin Eile	200	59
Costais Ríomhaire	27	1
Trealamh	53	4
Costais Áitribh	4,743	4,292
Taisteal & Cothú	6	3
Costais Phearsanra	37	13
Táillí Gairmiúla	366	198
Cumarsáid	166	127
Stáiseanóireacht & Ábhair Oifige	12	11
Caillteanas ar Dhiúscairt Sócmhainne Seasta	<u>4</u>	<u>2,062</u>
<b>Caiteachas Iomlán</b>	<b><u>5,614</u></b>	<b><u>6,770</u></b>
	<b><u>7,359</u></b>	<b><u>8,446</u></b>
<b>10. Príomhriarachán</b>		
<b>Lucht Foirne</b>		
Teagasc	797	781
Teicniúil	136	148
Riarachán, Feidhmeannach, Rúnaíocht	4,020	3,682
Cothabháil Áitribh	6	-
Taighde	7	5
Seirbhísí Mac Léinn	231	224
Foireann Ghinearálta	<u>20</u>	<u>22</u>
	<b><u>5,217</u></b>	<b><u>4,862</u></b>
<b>Ábhar agus Seirbhísí</b>		
Ábhair & Tomhaltáin Eile	369	97
Ábhair Leabharlainne	-	-
Costais Ríomhaire	159	57
Seirbhísí Mac Léinn	273	351
Trealamh	9	33
Costais Áitribh	891	950
Taisteal & Cothú	220	215
Costais Phearsanra	625	671
Táillí Gairmiúla	1,196	1,130
Táille Iniúcháireachta C & AG	30	28
Cumarsáid	287	202
Stáiseanóireacht & Ábhair Oifige	330	317
Fógraíocht Ghinearálta & Poiblíocht	180	161
Árachas	354	368
Costais Airgeadais	8	10
Eile	9	6
Líonrú Náisiúnta	-	3
<b>Caiteachas Iomlán</b>	<b><u>4,940</u></b>	<b><u>4,599</u></b>
	<b><u>10,157</u></b>	<b><u>9,461</u></b>

	<b>2008</b>	2007
	<b>€000</b>	€000
<b>11. Costais Ghinearálta Oideachasúla</b>		
<b><i>Lucht Foirne</i></b>		
Scrúduithe	<b>559</b>	382
<b><i>Ábhair agus Seirbhísí</i></b>		
Oideachas Ginearálta	<u>119</u>	<u>92</u>
	<u><b>678</b></u>	<u>474</u>
<b>12. Saoráidí agus Fónais Mhac Léinn</b>		
<b><i>Lucht Foirne</i></b>		
Teagasc	<b>4</b>	4
Riarachán, Feidhmeannach, Rúnaíocht	<b>150</b>	105
Cothabháil Áitribh	<b>27</b>	-
Seirbhísí Mac Léinn	<b>744</b>	737
Foireann Ghinearálta	<u>34</u>	<u>45</u>
	<u><b>959</b></u>	<u>891</u>
<b><i>Ábhair agus Seirbhísí</i></b>		
Ábhair & Tomhaltáin Eile	<b>43</b>	25
Costais Ríomhaire	<b>14</b>	11
Oideachas Ginearálta	<b>2</b>	-
Seirbhísí Mac Léinn	<b>383</b>	394
Costais Áitribh	<b>118</b>	41
Taisteal & Cothú	<b>31</b>	23
Costais Phearsanra	<b>12</b>	22
Táillí Gairmiúla	<b>324</b>	204
Cumarsáid	<b>8</b>	10
Stáiseanóireacht & Ábhair Oifige	<b>36</b>	26
Táillí Bainc	<b>6</b>	-
Fógraíocht Ghinearálta	<b>4</b>	-
Árachas	<u>28</u>	<u>24</u>
	<u><b>1,009</b></u>	<u>780</u>
<b>Caiteachas Iomlán</b>	<u><b>1,968</b></u>	<u>1,671</u>
<b>13. Achoimre ar Chaiteachas</b>		
Pá	<b>65,098</b>	61,778
Neamhphá	<b>21,353</b>	20,629
Dímheas	<u>5,801</u>	<u>3,817</u>
	<u><b>92,252</b></u>	<u>86,224</u>
<b>14. Cánachas</b>		

Níl gníomhaíocht ar bith de chuid na hInstitiúide, seachas an tlonad Nuálaíochta, faoi réir ag Cánachas Corparáideach faoin Stádas Carthanachta a fuair an Roinn Oideachais in Eanáir 1993.

## 15. Sócmhainní Seasta Inláimhsithe

	Iomlán	Talamh & Foirgnimh	I mBun Tógála	Daingneáin & Feistithe	Troscán & Trealamh	Feithiclí Mótair
	€000	€000	€000	€000	€000	€000
<b>Costas nó Luacháil</b>						
Tús na bliana	152,387	116,216	1,175	4,751	29,918	327
Breiseanna	<b>6,305</b>	<b>1,390</b>	<b>20</b>	<b>225</b>	<b>4,650</b>	<b>20</b>
Diúscairtí	<u>(504)</u>	<u>-</u>	<u>-</u>	<u>-</u>	<u>(504)</u>	<u>-</u>
Deireadh na Bliana	<b>158,188</b>	<b>117,606</b>	<b>1,195</b>	<b>4,976</b>	<b>34,064</b>	<b>347</b>
<b>Dímheas</b>						
Tús na bliana	48,389	22,062	-	1,560	24,498	269
Diúscairtí	<b>(494)</b>	-	-	-	<b>(494)</b>	-
Muirear don bhliain	<u><b>5,801</b></u>	<u><b>2,754</b></u>	<u>-</u>	<u><b>480</b></u>	<u><b>2,537</b></u>	<u><b>30</b></u>
Deireadh na Bliana	<u><b>53,696</b></u>	<u><b>24,816</b></u>	<u>-</u>	<u><b>2,040</b></u>	<u><b>26,541</b></u>	<u><b>299</b></u>
<b>Glanluach de Réir na Leabhar</b>						
Tús na bliana	<b>104,492</b>	<b>92,790</b>	<b>1,195</b>	<b>2,936</b>	<b>7,523</b>	<b>48</b>
Deireadh na bliana	<u><b>103,998</b></u>	<u><b>94,154</b></u>	<u><b>1,175</b></u>	<u><b>3,191</b></u>	<u><b>5,420</b></u>	<u><b>58</b></u>

Tá luacháil déanta ag an Oifig Luachála ar Thalamh agus ar Fhoirgnimh a bhí ann ar 1 Eanáir 1993. Rinne an Institiúid luacháil ar shócmhainní seasta eile a bhí ann ar 1 Eanáir 1993 ar bhonn luach ar an margadh oscailte den úsáid ag an am. Cuimsíonn diúscairtí sa bhliain díscríobhaithe sócmhainní a raibh mar chéad chostas orthu €437,010.66 a ndearnadh dímheas iomlán orthu.

	<b>2008</b>	2007
	<b>€000</b>	€000
<b>16. Féichiúnaithe</b>		
Taighde, Forbairt agus Féinchiú – féichiúnaithe	<b>4,220</b>	2,456
Deontas stáit do chaiteachas athfhillteach	<b>2,192</b>	5,991
Deontas stáit do chaiteachas caipitil	<b>1,724</b>	689
Féichiúnaithe eile	<b>2,027</b>	1,148
Réamhíocaíochtaí agus ioncam fabhraithe	<b>390</b>	316
	<b><u>10,553</u></b>	<u>10,600</u>
<b>17. Creidiúnaithe</b>		
<b>Méideanna dlíte laistigh d'aon bhliain</b>		
Creidiúnaithe trádála	<b>30</b>	325
Deontas stáit do chaiteachas caipitil – ioncam iarchurtha	<b>2,196</b>	2,049
Taighde, Forbairt agus Féinchiú – ioncam iarchurtha	<b>6,958</b>	4,444
Creidiúnaithe agus Fabhruithe	<b>6,145</b>	6,238
	<b><u>15,329</u></b>	<u>13,056</u>
<b>18. Cuntas Caipitil</b>		
Iarmhéid 1 Meán Fómhair	<b>103,998</b>	98,246
Gluaiseacht le linn na bliana:		
<u>Deontais Chaipitil Infhaighte</u>		
Deontas Caipitil Stáit	<b>838</b>	5,685
Cionroinnte ó Dheontas Athfhillteach Stáit	<b>1,496</b>	2,561
Clárúchán	<b>54</b>	37
Taighde, Forbairt agus Féinchiú	<b>2,617</b>	622
Cistiú Míchumais	<b>10</b>	52
Eile	<b>253</b>	651
Aistriú ón gCúlchiste Saoráidí Spóirt	<b>987</b>	1,472
Aistriú on gCúlchiste Srianata	<b>50</b>	561
	<b>104,446</b>	98,353
<u>Scaoil d'loncam</u>		
Amúchadh ag teacht le dímheas sócmhainní	<b>(5,801)</b>	(3,817)
Méid scaoilte ar dhiúscairt Sócmhainní Seasta	<b>(10)</b>	(2,072)
Iarmhéid ar 31 Lúnasa	<b><u>110,303</u></b>	<u>109,887</u>
<b>19. Cúlchiste Srianata</b>		
Iarmhéid 1 Meán Fómhair	<b>341</b>	1,202
Aistriú ón gCuntas Ioncaim agus Caiteachais	<b>10</b>	50
Aistriú go Caiteachas	<b>(30)</b>	-
Aistriú go hlontaobhas Saoráidí Spóirt	<b>(200)</b>	(350)
Aistriú go Cuntais Chaipitil	<b>(50)</b>	(561)
Iarmhéid 31 Lúnasa	<b><u>71</u></b>	<u>341</u>

Is éard atá san iarmhéid de €0.071m ar 31 Lúnasa ná na cistí atá curtha ar leataobh le haghaidh Saoráidí Mac Léinn.

	<b>2008</b>	2007
	<b>€000</b>	€000
<b>20. Iontaobhas Saoráidí Spóirt</b>		
larmhéid 1 Meán Fómhair	<b>2,351</b>	816
Aistriú ón gCuntas Ioncaim agus Caiteachais	<b>938</b>	2,657
Aistriú ón gCúlchiste Srianta	<b>200</b>	350
Aistriú go Caiteachas	<b>(143)</b>	-
Aistriú go Cuntas Caipitil	<b>(987)</b>	(1,472)
larmhéid 31 Lúnasa	<b><u>2,359</u></b>	<b><u>2,351</u></b>
<b>21. Deontais Chothabhála Mac Léinn TL</b>		
larmhéid ar 1 Meán Fómhair	-	-
Fáltais le linn na bliana	<b>4,632</b>	4,109
Íocaíochtaí le linn na bliana	<b>(4,632)</b>	(4,109)
larmhéid ar 31 Lúnasa	<b><u>-</u></b>	<b><u>-</u></b>

Tá na méideanna a fhaightear ón Roinn Oideachais agus Eolaíochta pháirtchistithe ag an CSE.

## 22. Fostaithe

Ba é meánlíon an lucht foirne a bhí fostaithe ag an Institiúid don bhliain dar críoch 31 Lúnasa ná 1,199 (2007: 1,212).

## 23. Fochuideachta

Bhunaigh an Institiúid cuideachta, Cork Institute of Technology Property Company Limited, in 2000 i dtaca le roinnt tionscadal foirgníochta de chuid na hInstitiúide. Tá scairchaipiteal eisithe ag an gcuideachta de 12 gnáthscar ar €1.27 an ceann. Tá scairchaipiteal go léir na cuideachta i seilbh na hInstitiúide.

Tá áitreabh áirithe ar cíos ag an gcuideachta ón Institiúid ar €31,743 per annum. Gearrann an chuideachta cíos freisin ar an Institiúid de €33,013 per annum.

Níl torthaí na cuideachta comhdhlúite isteach i ráitis airgeadais na hInstitiúide. D'éirigh an Chuideachta as trádáil agus baineadh ón gclár í ar 9 Bealtaine 2008.

Bhunaigh an Institiúid cuideachta, CIT Innovation Centre Limited, i Lúnasa 2004. Ar mhaithe le ráitis airgeadais CIT a ullmhú ba ghá gníomhaíochtaí CIT Innovation Centre Limited a chomhdhlúthú. Thaispeáin an chuideachta cailteanas don bhliain de €26,690 agus bhí glansócmhainní don bhliain de €12,572 ann.

## 24. Ceaintín agus Siopa na hInstitiúide

Oibríonn cuideachta, CIT Student Services Company Limited, ceaintín agus siopa na hInstitiúide. Déanann iniúcháirí a cheapann an Chuideachta cuntais an cheaintín agus an tsiopa, nach cuid de chuntais na hInstitiúide, a iniúchadh. Rinneadh an chuideachta a chorprú i mí na Nollag 1994. Roimhe sin bhí an ceaintín agus an siopa á mbainistiú ag Coiste de chuid na hInstitiúide. Ghlac an Chuideachta seilbh ar shócmhainní agus ar dhliteanas an cheaintín agus an tsiopa seachas suim de €142,847 atá curtha ar iontaobhas chun dliteanas a chistiú sa todhchaí ag éirí as roinnt conarthaí seirbhíse. Níl taifead ar an gciste, ina raibh €180,910 ar 31 Lúnasa 2008, i gcuntais na hInstitiúide ná i gcuntais na Cuideachta.

Is mar seo a leanas torthaí airgeadais na Cuideachta don bhliain dar críoch 30 Meitheamh 2008:

	€
Ioncam	3,837,856
Caiteachas	3,800,153
Barrachas	37,703
Glansócmhainní	388,967

## 25. Infheistíochtaí

Is leis an Institiúid 15% de ghnáth-scairchaipiteal En-Force Laboratories Limited. Ba chuideachta champais í an chuideachta dar teideal Biological and Environmental Services Unit agus bunaíodh í mar fhiontar príobháideach ar 1 Eanáir 2003. Níl an scairsealbhóireacht cuimsithe ag an Institiúid sa Chlár Comhardaithe de bhrí nach measann sí luach na scaireanna a bheith ábhartha.

## 26. Coláiste Náisiúnta Mara na hÉireann

Is comhpháirtíocht é Coláiste Náisiúnta Mara na hÉireann (NMCI) idir Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí, Seirbhísí Muirí na hÉireann, an Roinn Oideachais agus Eolaíochta, an Roinn Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Náidúrtha agus an Roinn Cosanta. Is leis an Roinn Oideachais agus Eolaíochta an talamh ar a bhfuil NMCI tógtha.

Fanann lucht acadúil, teicniúil, riaracháin agus tacaíochta CIT sa NMCI ina bhfostaithe de chuid CIT. Chuir an Roinn Oideachais agus Eolaíochta suim de €482,613 ar fáil le costais fhóntas NMCI a chumhdach don bhliain dar críoch 31 Lúnasa 2008.

## 27. Foirgneamh Ionad na Mac Léinn agus an Riaracháin (Éileamh)

Thug an tAiltire fógra don Institiúid maidir le costais bhreise a tabhíodh ar an bhFoirgneamh Mac Léinn agus Riaracháin. Tá an tsaincheist á plé ag an Ailtire agus ag an Institiúid le chéile. Níl soláthar cuimsithe sna ráitis airgeadais don méid atá á éileamh de bhrí gur deacair an dliteanas, más ann dó, a mheas.

## 28. Teidlíochtaí Incriminteacha

Rinneadh éileamh Ard-Chúirte in aghaidh Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí le haghaidh teidlíochtaí incriminteacha líomhanta. Tá an cás seo á chosaint.

## 29. Figiúirí Comparáideacha

Tá coigeartú déanta ar fhigiúirí comparáideacha le bheith de réir athruithe i gcur i láthair na ráiteas airgeadais seo de réir mar ba ghá sin.

## 30. Faomhadh na Ráiteas Airgeadais

D'fhaomh an Bord Rialaithe na ráitis airgeadais ar 5 Márta 2009.



# *faisnéis eile*

*Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí*

- 7.1 Nuacht & Imeachtaí**
- 7.2 Cumann na gCéimithe**
- 7.3 Pointí Teagmhála**

## 7.1 Nuacht & Imeachtaí

- Bhí Duaiseanna Tionscnaimh Alumni CIT ar siúl ar 6 Meán Fómhair 2007. Is é príomhchuspóir na nduaiseanna ná fiúntas oideachas CIT ar feadh an tsaol a cheiliúradh agus inspioráid a thabhairt do dhaoine eile – piaraí agus mic léinn reatha. Roghnaíodh faighteoirí na nduaiseanna tionscnaimh ó ainmniúcháin a rinne baill de phobal na hInstitiúide. Bhí Uachtarán na hInstitiúide, an Dr Brendan J Murphy, ina chathaoirleach ar an bpainéal meastóireachta, a chuimsigh ionadaithe ó Choiste Chumann Céimithe na hInstitiúide. Bhí an triúr céimithe ar bronnadh onóir orthu chun tosaigh ina ngairm agus chuir siad go mór leis an tsochaí anseo in Éirinn agus thar lear. Ba iad sin an Dr Patrick Galvin, POF ar scor, Waterford Crystal, Fiona Shaw, Aisteoir agus Robert Short, Leas-Uachtarán Corparáideach, Microsoft.
- Bronnadh Cairt leathnaithe Ollscoile Erasmus ar CIT, arb í sin an bealach le bheith rannpháirteach sa chlár Soghluaiseachta Mac Léinn Erasmus (cuairteanna staidéir agus socrúcháin) agus Soghluaiseacht Foirne don tréimhse 2007-2013. Bronnadh cuid mhaith deontas malairte mac léinn agus socrúcháin ar an Institiúid, chomh maith le deontais soghluaiseachta foirne don bhliain acadúil 2007-2008.
- Chuir an tUachtarán fáilte roimh chuairt ar an suíomh d'Fhiontar Éireann agus Meastóirí an Iona Ard-Fhótóinice agus Anailíse Próiseas (CAPPA) ar 13 Meán Fómhair 2007. Ba i dtaca le togra na hInstitiúide faoi Chlár Feabhsúcháin Taighde Fheidhmigh de chuid Fhiontar Éireann a tharla an chuairt.
- D'oscail an tAire Oideachais agus Eolaíochta, Mary Hanafin, T.D. Ceolscoil CIT Chorcaí go hoifigiúil ar 14 Meán Fómhair 2007. Agus í tógtha faoin múnla comhpháirtíochta poiblí, maoiníodh Ceolscoil CIT Chorcaí tríd an gclár Comhpháirtíochta Poiblí Príobháidí (2007-2013). Ba é costas caipitil na scoile €60m. Chun saoráid chomh breá leis an gceann seo a sheachadadh ba ghá an-chuid comhoibrithe uathu seo a leanas: an Roinn Oideachais agus Eolaíochta, an comhpháirtí san earnáil phríobháideach, Hochtief, na comhpháirtithe gnáthscaireanna agus maoinitheoirí, Barclays, na fochonraitheoirí agus soláthraithe, ar a n-áirítear John Sisk & Son Ltd., Murray O'Laoire, Ailtirí agus baill eile den fhoireann dearaidh, Steinway agus Apple Ireland.
- Bhuail an tUachtarán leis an nGrúpa CIT/Singapore ar 18 Meán Fómhair 2007 chun nascálacha féideartha Institiúidí/Polaiteicíní 3ú Leibhéal a iniúchadh d'fhonn mic léinn focaíochta táille a mhealladh isteach i gcláir Leibhéal 8 agus Leibhéal 9 ag CIT.
- D'óstaigh Roinn na Fisice Feidhmí & Ionstraimíochta Comhdháil Institute of Physics in Ireland Frontiers of Physics ar 29 Meán Fómhair 2007. Ba é an príomhchainteoir ná an tOllamh Leős Dvořák, Ollscoil Charles, Prág a thug an chaint ar "Hands-on, Mind-on-Physics". Bhí an chomhdháil bhliantúil seo dírithe ar mhúinteoirí Fisice dara leibhéal agus thug sí deis mhaith do CIT Roinn na Fisice Feidhmí & Ionstraimíochta a léiriú don lucht éisteachta sin.
- Bhí taispeántas ar siúl ar 2 Deireadh Fómhair 2007 i nGailearaí Lavitt, Corcaigh chun daichead bliain Duais "Mac Léinn na Bliana" de chuid Chumann Ealaíon Chorcaí a cheiliúradh. Tugtar an duais seo gach bliain do chéimí de chuid Choláiste Ealaíne & Deartha Crawford CIT. Tugann Cumann Ealaíon Chorcaí an-tacaíocht do na céimithe a roghnaíonn siad agus baineann tábhacht leis an taispeántas seo mar shuirbhé ar ghairmeacha éagsúla chéimithe CIT CEDC le linn na 40 bliain seo caite.
- Bhí Aonach Gairmeacha CIT 2007 ar siúl i gClós Ionad na Mac Léinn ar 10 Deireadh Fómhair. Ba é ba chuspóir leis ná deis a thabhairt do mhic léinn teagmháil phearsanta a dhéanamh le príomhfhostóirí céimithe chomh maith le comhairle a fháil maidir leis an ngairm a bheadh i gceist le cuideachta ar leith. Bhí breis agus caoga cuideachta i láthair ar a n-áirítear cuideachtaí áitiúla, náisiúnta agus idirnáisiúnta. Bhí an ócáid seo á heagrú ag na Seirbhísí Gairmeacha & Comhairleoireachta ag CIT.
- Tugadh léacht ar "Project and Relationship Management in a Multi-disciplinary Innovative Environment" ar 10 Deireadh Fómhair 2007. Bhí an léacht eolasach seo ceaptha chun tús maith a chur le tionscadail na Ceime in Innealtóireacht Mheicniúil/Grúpa Margaíochta Nuálaíche. B'ábhar spéise iad cuid de na topaicí a ndearnadh plé orthu do gach mac léinn de chuid na Seirbhísí Meicniúla, Déantúsaíochta, Bitheighis agus Foirgníochta.
- Bhí Bronnadh Duaiseanna na Dáimhe Gnó & Daonnachtaí ar siúl ar 11 Deireadh Fómhair 2007. Tugadh onóir do 28 réamhchéimí as a gcuid éachtaí ar leith agus bronnadh duaiseanna Scoileanna, Ranna, Fáilte Éireann agus Cuntasaíochta Gairmiúla orthu.
- Bhí Bronnadh Céimeanna agus Dámhachtainí Eile de chuid na Dáimhe Gnó & Daonnachtaí ar siúl ar 12 Deireadh Fómhair 2007. Bhí ceithre sheisiún bronnta ann agus fuair iomlán de 999 réamhchéimí a gcuid pár.  
  
Bronnadh an Chomh-Dámhachtain de chuid Hochschule Darmstadt, na Comhairle Ardoideachais agus Oiliúna agus Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí sa Roinn Cumarsáide Ilmheán den chéad uair ar mhic léinn an Bhaitisiléir Ealaíon (Onóracha) in Ilmheáin.  
  
Bhronn Roinn an Oideachais Leantaigh a céad dámhachtain PhD i nDochtúir le Fealsúnacht (i mBainistíocht).
- Bhronn Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn an Teastas Dearsnaitheacht in Oiliúint ar Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí (trí mheán Roinn an Oideachais Leantaigh).
- Mar chuid den tSraith Cainteoirí Cuairte, d'óstaigh an Roinn Staidéar Sóisialta agus Ginearálta a céad Sraith Cainteanna Cuairte i mbliana ar 16 Deireadh Fómhair 2007. Ba é John Saunders Uas., ball den Chomisiún um Shláinte Mheabhrach agus POF Schizophrenia Ireland a thug an chaint.

14. Ainmníodh Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí/Ceolscoil Chorcaí le haghaidh gradaim mar "Shaoráid Oideachasúil Chorcaí na Bliana 2007" sna Meteor Business Awards – Corcaigh 2007. Bhí breis agus 500 ainmniúchán ann agus roghnaíodh cúig chatagóir is fiche.
15. Bhí Duaiseanna Scoil na hEolaíochta 2007 ar siúl ar 18 Deireadh Fómhair 2007.
16. D'éagraigh an Roinn DEIS in CIT comhdháil idirnáisiúnta dar teideal "Community Development Through Sport" ar 18 agus 19 Deireadh Fómhair 2007 in CIT agus sa Clarion Hotel, Corcaigh. Bhí an chomhdháil dírithe ar thaighdeoirí, lucht déanta beartas, ceannairí, cleachtóirí, cóitseálaithe agus soláthraithe sna réimsí oideachas agus oiliúint spóirt agus ar oideachasóirí/forbróirí pobail.
17. Bhí Bronnadh Céimeanna agus Dámhachtainí Eile de chuid Dámha na hEolaíochta agus na hInnealtóireachta ar siúl ar 19 Deireadh Fómhair 2007. Trí sheisiún bronnta a bhí ann agus fuair iomlán de 1,207 réamhchéimí a gcuid pár.
- Bronnadh an Chomh-Dámhachtain de chuid Choláiste Ollscoile Chorcaí, HETAC agus Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí i Roinn na nEolaíochtaí Bitheolaíochta den chéad uair ar mhic léinn an Mháistir Eolaíochta in Eolaíocht Bhithleighis.
18. Chuir CIT fáilte roimh an Easpag Macram Gassis, Easpag Deoise El Obeid a chuimsíonn réigiún Darfur agus roimh an Dr Joan Gilleer a bhí ag obair in Darfur cheana. Ba é ba aidhm lena gcuairt ná feachtas ar an ngéarchéim dhaonna i réigiún Darfur den tSúdáin a mhéadú áit a bhfuair na céadta daoine bás cheana féin.
19. Bhronn breithiúna na nDuaiseanna do na Foirgnimh is Fearr Lár-Chathair Chorcaí 2007 a nduais féin ar fhoirgneamh Cheolscoil CIT Chorcaí ag searmanas a d'éagraigh Comhpháirtíocht Margaíochta Chorcaí ar 1 Samhain 2007.
20. Ar 2 Samhain tháinig Foireann Seoltóireachta Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí sa dara háit i gCraobhacha Domhanda Luamhaireachta Mic Léinn in La Rochelle na Fraince. Sa rás ceannais chríochnaigh CIT san 1ú áit agus ghnóthaigh an 2ú áit fhoriomlán ar domhan. Ghlac foirne as cúig thír déag páirt san imeacht ardiomaíochta seo agus bhí dianchomórtas ann.
21. Bhí Bronnadh Céimeanna Cheolscoil CIT Chorcaí ar siúl ar 5 Samhain 2007. Fuair 23 réamhchéimí a gcuid pár.
22. Bhí Bronnadh Céimeanna Choláiste Ealaíne & Deartha Crawford CIT ar siúl ar 5 Samhain 2007. Fuair 148 réamhchéimí a gcuid pár.
23. Bhuail an tUachtarán le toscaireacht ón Universiti Malaysia Perlis nuair a thug siad cuairt ar CIT ar 9 Samhain 2007. Ba é ba chuspóir lena gcuairt ná plé neamhfhoirmiúil a dhéanamh maidir le hInnealtóireacht Bhithleighis.
24. Bhí na Scileanna Domhanda 2007 ar siúl in Shizuoka na Seapáine ó 11 go 20 Samhain 2007. Ghnóthaigh iomaitheoirí mic léinn 1 Bhonn Óir, 2 Bhonn Chré-umha agus 3 Mheadáille do Dhearsnaitheacht.
25. Bhí Seachtain Eolaíochta CIT ar siúl ó 12 go 17 Samhain 2007, gach lá san áireamh. Bhí imeachtaí ar bun i gCampas Bhaile an Easpag, Réadlann na Carraige Duibhe, Ceolscoil CIT Chorcaí agus i gColáiste Náisiúnta Mara na hÉireann. Baineadh úsáid as an imeacht chun saoráidí CIT a chur ar taispeáint thar na campais éagsúla dá cuid agus glacadh cur chuige leathan don "Eolaíocht" sa mhéid is go raibh an mhatamaitic, ríomhaireacht agus innealtóireacht mar chuid den chlár chomh maith leis an eolaíocht shaotharbhunaithe.
26. Rinneadh bronnadh céimeanna Thomas Crosbie Holdings ar an gcéad ghrúpa BA i nDíolacháin ar 13 Samhain 2007. Tharraing an bronnadh seo ard-mholadh ar CIT ó gach duine a bhí i láthair ar a n-áirítear Anthony Dinan Uas., Thomas Crosbie Holdings agus an tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta.
27. Mar chuid den tsraith Cainteoirí Cuairte, thug an tOllamh Gerard Bury ó Roinn an Chleachtaidh Ghinearálta, Coláiste Ollscoile Bhaile Átha Cliath agus Ospidéal an Choimcáint san Institiúid ar 13 Samhain 2007. Rinne a chaint staid reatha chóras príomhúil cúraim na hÉireann a iniúchadh: an dul chun cinn atá déanta ó foilsíodh an 2001 Primary Care: A New Direction Document.
28. Thionóil Ceolscoil CIT Chorcaí a céad Cheadal Idirnáisiúnta de Dhaoine Cáiliúla le linn an 70ú séasúr de Chumann Ceolfhoirneach Chorcaí ar 15 Samhain 2007 in Halla Curtis, Ceolscoil CIT Chorcaí.
29. Seoladh na Duaiseanna Fiontar Mac Léinn 2008 de chuid Fhiontar Éireann ar 21 Samhain 2007 i dtimpeallacht mhaorga Theach Farmleigh, Páirc an Fhionnuisce, Baile Átha Cliath. D'fhógair an tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, Micheál Martin, T.D., sonraí faoin gciste duaise de €65,000 agus faoin gcomórtas.
- Thug gach cainteoir ard-mholadh d'Fhoireann Apri-Cot CIT, buaiteoirí glan amach chomórtas 2007 as na céadta iontráil ón oileán uile agus bhíodar i lár an ardáin ó thús deireadh na n-imeachtaí go léir. Tá Fiontar Éireann chun mórfheachtas a chur ar bun chun comórtas 2008 a chur chun cinn le linn na míonna seo chugainn agus tá beartaithe Foireann Apri-Cot a bheith lárnach sa chur chun cinn agus san fhiontraíocht sin.
30. Bhí Bronnadh Dámhachtainí FETAC ar siúl in CIT ar 28 Samhain 2007. Fuair 76 réamhchéimí ón Roinn Staidéar Turasóireachta & Fáilteachais a gcuid pár.
31. Thairfead RTÉ clár i gCeolscoil CIT Chorcaí ar 5 Nollaig 2007 lena chraoladh Lá Nollag. Ba chlár é de Charúil Nollag, ceol agus seanchas a léirigh buanna na n-óg atá ar fáil i gCeolscoil CIT. Rinne an clár ceiliúradh ar éacht na scoile agus nuair a osclaíodh í sa deireadh.
32. Mar chuid dá gcuairt ar Chorcaigh, thug toscaireacht ón Oman cuairt ar an Institiúid ar 8 Feabhra 2008. Léirigh siad an-mheas ar an gcóras tacaíochta d'fhiontraithe a chonaic siad i mbun oibre san Ionad Rubicon. Bhuail an grúpa freisin le hionadaithe de chuid na Scoile Ríomhaireachta agus Matamaitice. Fuair siad léargas ar ghairneacht na hearnála Institiúidí Teicneolaíochta do thionscal agus

- theastaigh uathu a thuiscint cad iad na buntáistí a bhaineann le foireann a earcú le taithe taighde tionscail isteach i róil oideachasúla, conas tá roinnt dá cuid tíolaicí taighde leabaithe ag CIT sna cuideachtaí de chuid an Ionad Rubicon, conas a oibríonn an múnla socrúcháin oibre agus conas is féidir freastal ar riachtanais nuálaíochta thionscal TFC i gcomhpháirtíocht leis an earnáil tríú leibhéal.
33. Bhronn Bord Stiúrthóirí an Charities Aid Foundation America (CAF America) deontas ar Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí. Bainfear úsáid as an deontas le haghaidh an Ghrúpa Taighde ar Chórais Líonraithe Leabaithe (NEMBES) do na saoráidí dá gcuid atá beartaithe.
  34. Tugadh an léacht deiridh sa tSraith Cainteoirí Cuairte sa Roinn Staidéir Shóisialta in CIT ar 21 Feabhra 2008. Ba í an t-aoichainteoir ná an tOllamh Patricia Casey, Ollamh le Síciatracht i gColáiste Ollscoile Bhaile Átha Cliath agus san Ospidéal Mater i mBaile Átha Cliath. Ba é teideal an léachta “Working Towards Positive Mental Health for All: Lifestyle Challenges, State Provision and the Challenge to the Caring Professions”.
  35. Thug toscaireacht iriseoirí ón India cuairt ar an Institiúid ar 28 Feabhra 2008. Chuir siad réamhphoiblíocht ar fáil le haghaidh an Mhisean Oideachais don India faoi cheannas an Aire Mary Hanafin in Aibreán. Chuaigh sé an oiread sin i bhfeidhm orthu gur chuir siad in iúl go rachadh Rialtas na hIndia i dteagmháil le CIT d’fhonn réitigh fhéideartha ar chuid mhaith de na dúshláin atá roimh an gcóras oideachais faoi láthair a shainaithint.
  36. Thug Uachtarán Institiúid na nInnealtóirí Struchtúrtha, Sarah Buck Uas., cuairt ar an Institiúid ar 4 Márta 2008. Is í an tUasal Buck an chéad Uachtarán baineann a bhí ar an Institiúid, a bhfuil a Comóradh Céad Bliain á cheiliúradh.
  37. Chun tiomnú saoráidí CIT a cheiliúradh, bhí Searmanas Ainmniúcháin ar siúl ar 6 Márta 2008 in onóir don chion a rinne ochtar daoine eisceachtúla – a bhfuil baint acu le Corcaigh – do na réimsí Ealaín, Ceol, Litríocht, agus Fealsúnacht. Ba iad na daoine ar tugadh ómós dóibh: James Barry, George Berkeley, Rory Gallagher, Daniel Maclise, Séamus Murphy, Frank O’Connor, Seán Ó Riada agus Seán Ó Riordáin.
  38. Sheol Aontas na Mac Léinn CIT Seachtain um Shábháilteacht ar Bhóithre in CIT ar 31 Márta 2008. Rinne sé institiúidí tríú leibhéal eile aithris ó shin ar an imeacht a tharraing aird na tíre go léir anuraidh. Chun béim a chur ar an teachtaireacht sábháilteachta, cuireadh roinnt carranna a thuarthaíl ar taispeántas ar fud na hInstitiúide chomh maith le seimineáir agus taispeántas trealaimh ó: na Gardaí, an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre, an tSeirbhís Otharchairr agus an Bhriogáid Dóiteáin.
  39. Ar achainí ón mBord Rialaithe, réachtáladh ócáid scoir ar 4 Aibreán 2008 in onóir don lucht foirne a chuaigh ar scor ó chuaigh an tUachtarán i mbun dualgais ar 1 Meán Fómhair 2004 go dtí 31 Lúnasa 2007. I láthair bhí breis agus 50 ball foirne ar scor agus a gcuid aionna chomh maith le Cathaoirleach an Bhord Rialaithe, an Dr Paddy Caffrey, an tUachtarán agus Foireann Shinsearach na hInstitiúide.
  40. Thaisit Michael Loftus Uas., Ceann Dámh na hEolaíochta agus an Dr Eamon Cashell, Ceann Scoil na hEolaíochta go dtí an India le haghaidh shíniú Mheabhrán Tuisceana idir Ollscoil Pune (UoP) agus CIT i réimse malartaithe mac linn agus dáimhe chomh maith le tionscadail chomhoibritheacha taighde a tharla ar 6 Aibreán 2008. Rinneadh an síniú i láthair an Aire Gnóthaí Saothair, Billy Kelleher, T.D. agus Ambasadóir na hÉireann chun na hIndia, Kieran Dowling Uas. Tá an Meabhrán seo ar cheann de na chéad Mheabhráin Tuisceana idir Ollscoil san India agus Éire.  
  
Dar le Leas-Seansailéir UoP, Narendra Jadhav, bhí múnla comhéadain tionscail institiúide den scoth ag CIT agus bhí fonn ar UoP teacht i dtír ar an nasc láidir CIT le tionscal. Dúirt sé go n-éascódh an MT taighde comhoibritheach i réimsí mar na heolaíochtaí fisiceacha agus beatha chomh maith le hinnealtóireacht, bith-theicneolaíocht, córais leabaithe agus cógaisíocht.
  41. Bhí comhdháil dar teideal “Access all Areas – Exploring Social Inclusion Initiatives in Music and Education” ar siúl ar 9 Aibreán 2008 agus í á hóstáil ag Ceolscoil CIT Chorcaí mar chuid den Fhéile Foghlama ar Feadh an tSaoil. Cuid den fhorbairt leanúnach ar Chlár Rochtana CIT a bhí sa chomhdháil agus den fhorbairt ag CIT ar thionscnaimh Cheol Pobail i gCeolscoil CIT Chorcaí.
  42. Bhí Taispeántas Bliantúil agus Duaiseanna Genesis 2008 ar siúl ar 14 Aibreán 2008 i gClós Nexus, Ionad na Mac Léinn, Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí. Micheál Martin, T.D., Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta a bhí ag feidhmiú agus a bhronn na duaiseanna deireadh bliana. Tá an clár 12 mhí seo, a thacaíonn le fiontraithe trí mhaoiniú, oiliúint, meantóireacht agus áiseanna oifige a chur ar fáil, sa deichiú bliain. Maoiníonn an Roinn Oideachais agus Eolaíochta é agus cuireann 70 duime ar an meán isteach ar 18 ionad gach bliain.
  43. D’óstaigh Roinn na nEolaíochtaí Bitheolaíoch Comhdháil Institiúid na hÉireann na Luibheolaithe Leighis dar teideal “The Complexity of Herbal Medicine and the Implications for Research” ar 18 agus 19 Aibreán 2008. Ócáid faisnéise a bhí ann do Chomhairleoirí Gairme agus Múinteoirí Eolaíochta.
  44. Bhí Taispeántas SciFest 2008 na dtionscadal Eolaíochta/Eolaíocht Shóisialta i réigiún Chorcaí ar siúl ar 29 Aibreán 2008 sa Nexus, Ionad na Mac Léinn, Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí. Féile aon lae eolaíochta a bhí inti, a raibh comórtas agus taispeántas tionscadal ó scoileanna dara leibhéal mar chuid di.  
  
Cuireann taispeántas SciFest deis ar fáil do mhic léinn a gcuid tionscadal a fhorbairt agus a chur i láthair agus tharlódh sé go spreagfaí roinnt mac léinn chun a gcuid tionscadal a fhorbairt tuilleadh agus iad a chur isteach ar Thaispeántas & Teicneolaíocht Eolaí Óig BT.
  45. Réachtáil Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí i gcomhar le hInstitiúid Teicneolaíochta Shligigh Siompóisiam Foghlama Obair-bhunaithe dar teideal “Work-based and blended learning” ar 6 agus 7 Bealtaine 2008 in Institiúid Teicneolaíochta Shligigh.

46. D'oscail an tAire Oideachais agus Eolaíochta, Batt O'Keefe, T.D. an NAIRTL Bologna Symposium go hoifigiúil agus bhí sé ar siúl ar 12 Bealtaine 2008 i gCeolscoil CIT Chorcaí. Bhí toscaireacht de 11 ionadaí ó ollscoileanna éagsúla (Ollscoileanna Teicneolaíochta san áireamh) sa tSíle ar cuairt ar Éirinn ar feadh dhá sheachtain chun freastal ar an siompóisiam agus chun eolas a fháil ar mhíreanna éagsúla amhail Comhaontú Bologna, AschuirFhoghlama agus a nInniúlachtaí Measúnaithe, Modúlúchán, an Creat Náisiúnta Cáilíochtaí, Measúnú ar Aschuir Foghlama agus an réimse iomlán Teagaisc agus Foghlama. Thug an toscaireacht seo cuairt freisin ar Champas Bhaile an Easpaig de chuid Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí ar 19 Bealtaine 2008.
47. Ar 26 Bealtaine 2008, d'oscail an tAire Oideachais agus Eolaíochta, Batt O'Keefe, T.D. ionad nua úrscothach spóirt ag CIT. Cuireann an t-ionad seo diminsean nua leis na saoráidí iontacha spóirt atá ag campas CIT. Lena chois sin, tá naoi bpáirc imeartha féir anois ann, an pháirc uile-aimsire Astro Turf, cúirt leadóige agus airéine lúthchleasaíochta de chaighdeán idirnáisiúnta. Tá raon nua bogshodair/siúil á thógáil faoi láthair agus cuirfear i gcrích go luath é.
48. Ghnóthaigh Murray O'Laoire an "Duais don Fhoirgneamh Oideachais is Fearr" le haghaidh Cheolscoil CIT Chorcaí ag duaiseanna bliantula Institiúid Ríoga Ailtirí na hÉireann (RIAI). Is é an cur síos a rinneadh ar an bhfoirgneamh ná "a chomhcheanglaíonn gan dua an traidisiún agus an nua-aimseartha in iomlán gan uaim". Bhí Searmanas na nDuaiseanna ar siúl i mBaile Átha Cliath ar 23 Meitheamh 2008.
49. Ar 30 Meitheamh 2008, rinne an tAire Gnóthaí Eachtracha, Micheál Martin, T.D. nochtadh oifigiúil an "Light Ensemble" ar mór-ensemble nua Vivienne Roche é de dhealbhóireachtaí. Is éard atá sna dealbhóireachtaí ná luathú cruinn agus cúramach ar áilleacht gheoiméadrach agus lonrach Cheolscoil CIT Chorcaí agus ba bhronntanas é ó Murray O'Laoire, Ailtirí agus Sisk Builders do Cheolscoil CIT Chorcaí.

## 7.2 Cumann na gCéimithe CIT (CITAA)

Cuireann Cumann na gCéimithe (Alumni Association) ar chumas céimithe teagmháil a choinneáil le forbairtí ag CIT and teagmhálacha a choinneáil le cairde, páirtithe ranga agus baill foirne dáimhe ón a gcuid laethanta sa choláiste. Is é atá mar phríomhaidhm ag an gCumann ná gréasán gairmiúil agus sóisialta a chur ar fáil a rachaidh chun leasa do chéimithe CIT agus don Institiúid.

### Buntáistí agus Seirbhísí Ballraíochta

- Teacht ar chaibidlí réigiúnacha agus uile-dhomhanda de chuid Chumann na gCéimithe
- Cárta creidmheasa fialais le AIB nó Banc na hÉireann a thugann rátaí tosaíochta do shealbhóirí cártaí
- Seirbhís athaontuithe a eagrú
- Lascaíní ar sheirbhísí
- An Monthly E-News (cinntigh go bhfuil seoladh rphoist cothrom le dáta againn)
- Postáil na hirise Learning City (cinntigh go bhfuil do shonraí teagmhála coinnithe cothrom le dáta againn)
- Faisnéis ghinearálta faoi ghairmeacha, scileanna agallaimh agus forbairt CV do chéimithe déanacha (do chéimithe sa chéad bhliain amuigh)
- Cabhair Acadúil – chun athscríbhinn torthaí CIT a fháil, comhlánaigh an fhoirm 'Request for Transcript for Results' le do thoil
- Rochtain ar shaoráidí CIT (ballraíocht leabharlainne san áireamh)
- Cuirí chuig imeachtaí éagsúla

Tá Coiste an Alumni Association sa cheathrú bliain dá chuid agus cuimsíonn sé céimithe agus baill foirne atá tiomanta do fhreastal ar an gCoiste CITAA le comhairle a chur ar an gCumann agus ar an Institiúid maidir le conas is fearr caidreamh a dhéanamh lenár gcuid Céimithe agus chun an Cumann a fhorbairt tuilleadh.

### Imeachtaí 2007

Lá Athaontaithe 9 Meitheamh 2007  
Duaiseanna Tionscnaimh Alumni 6 Meán Fómhair 2007

### Imeachtaí 2008

Céad léiriú an scannáin Sex and the City 28 Bealtaine 2008  
Lá Athaontaithe 7 Meitheamh 2008

## 7.3 Pointí Teagmhála

### INSTITIÚID TEICNEOLAÍOCHTA CHORCAÍ

Gréasán: [www.cit.ie](http://www.cit.ie)

#### CAMPAS BHAILE AN EASPAIG

**Seoladh**

Baile an Easpaig  
Corcaigh

**Teileafón**

(021) 4326100

**Faics**

(021) 4545343

#### CEOLSCOIL CIT CHORCAÍ

**Seoladh**

Cé an hAontachta  
Corcaigh

**Teileafón**

(021) 4270076

**Faics**

(021) 4276595

#### COLÁISTE EALAÍNE & DEARTHA CRAWFORD CIT

**Seoladh**

Sráid Sharman Crawford  
Corcaigh

**Teileafón**

(021) 4966777

**Faics**

(021) 4962267

#### COLÁISTE NÁISIÚNTA MARA NA hÉIREANN

**Seoladh**

Rinn an Scidigh  
Co Chorcaí

**Teileafón**

(021) 4970600

**Faics**

(021) 4970601

**Gréasán**

[www.nmci.ie](http://www.nmci.ie)



Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí  
Cork Institute of Technology

Foilsithe ag: Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí,  
Baile an Easpaig, Corcaigh, Éire.  
©Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí Noll 2009

#### **Tiomsaithe ag Lucht Foirne Oifig an Uachtaráin**

#### **Tabhair faoi deara:**

Rinneadh gach iarracht a chinntiú go bhfuil an fhaisnéis atá anseo cruinn. Ní ghlacann an Institiúid freagracht as dliteanas i ngeall ar earráid ar bith atá ann.



**Dearadh agus Leagan Amach:**  
Raven Design, Corcaigh

**Aistritheoir:** Niall Ó Murchadha